

# Foireann Uirlisí um Chosaint Aosach

Nuashonraithe Deiridh: Iúil 2025

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Clár Ábhair

Buíochas ........ 4

Gluais Giorrúcháin ........ 5

Gluais Téarmaí ........ 6

Brollach ........ 11

BCúlra na Treorach seo ........ 12

Treoir ........ 13

Bunphrionsabail um Chosaint Sonraí ........ 16

Bunúis Dhleathacha ........ 17

Coincheap an riachtanais ........ 17

Airteagal 6(1)(a): Toiliú ........ 18

Airteagal 6(1)(b): Conradh a chomhlíonadh ........ 20

Airteagal 6(1)(c): Oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh ........ 22

Airteagal 6(1)(d): Leasanna Ríthábhachtacha ........ 25

Airteagal 6(1)(e): Leas an Phobail ........ 26

Airteagal 6(1)(f): Leasanna Dlisteanacha ........ 28

Airteagal 9 ........ 30

Airteagal 10, agus sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna a phróiseáil ........ 33

Alt 41 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ........ 36

An Fiosrúchán a rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí ar an Roinn Sláinte sa bhliain 2023 ........ 37

Na Cearta atá ag Ábhair Sonraí ........ 38

Réamhrá ........ 38

Cearta a Fheidhmiú ........ 38

An tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 ........ 39

Airteagail 12-14, Trédhearcacht na Próiseála ........ 40

Airteagal 15: Ceart Rochtana don Ábhar Sonraí ........ 40

Airteagal 16, An Ceart go nDéanfaí Ceartúcháin ........ 41

Airteagal 17, An Ceart go nDéanfaí Léirscriosadh ('an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad') .... 42

Srianta le cearta .... 43

Sonraí a Chomhroinnt .... 45

Réamhrá .... 45

Ábhair Imní a Dhoiciméadú Sula gComhroinnfear Sonraí le Tríú Páirtithe 49

Sonraí Íogaire, lena n-áirítear Sonraí de chuid Airteagal 10, a Chomhroinnt .... 51

Conclúid .... 52

Ceisteanna Coitianta .... 53

Ábhair Imní Ghinearálta maidir le Comhroinnt Sonraí .... 54

Bunús Dleathach faoi RGCS chun faisnéis a phróiseáil (a chomhroinnt/a nochtadh) .... 59

Faisnéis a bhaineann le Cionta Coiriúla Líomhnaithe a Phróiseáil .... 60

Cosaint Sonraí agus Rioscaí Féideartha d'Aosaigh atá i mBaol de dheasca Iompar Fostaithe .... 66

Acmhainní .... 67

Aguisín 1 .... 68

Cleachtadh Cothromúcháin a Dhéanamh (Airteagal 6(1)(f) RGCS) .... 68

Aguisín 2 .... 72

Conas Beartas Cosanta Sonraí ("Beartas Príobháideachta") a scríobh .... 72

Aguisín 3 .... 77

Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí .... 77

Aguisín 4 .... 92

Foilseacháin Eile agus Naisc Úsáideacha .... 92

## Buíochas

Is mian leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) buíochas a ghabháil leo seo a leanas a thug cúnamh luachmhar le linn an tionscadail seo trí aighneachtaí i scríbhinn, trí chruinnithe comhairliúcháin agus trí phléití, i measc nithe eile:

- SAGE Advocacy
- Líonra Cosanta Sonraí Fevdol
- HIQA
- Oifig Náisiúnta Cumhdaigh FSS
- Cumhdach Éireann
- An tSeirbhís Tacaíochta Cinntí
- An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin
- An Coimisiún Meabhair-Shláinte
- An Fóram Ospidéal Deonach

Is mian leis an gCoimisiún buíochas a ghabháil freisin leo sin nach bhfuil ainmnithe ach a chomhroinn eispéiris phearsanta a bhaineann le cumhdach aosach chun bonn eolais a chur faoin treoirdhoiciméad seo. Is ar an gCoimisiún atá an lánfhreagracht go fóill as a bhfuil sa treoirdhoiciméad seo.

## Gluais Giorrúcháin

| Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas ar fud na treorach seo: |
|---|
| **AGS** – An Garda Síochána |
| **DPC** – An Coimisiún um Chosaint Sonraí |
| **DPIA** – Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí |
| **DPO** – Oifigeach Cosanta Sonraí |
| **LEE** – An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch |
| **AE** – An tAontas Eorpach |
| **RGCS** – An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| **HIQA** – An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte |
| **FSS** – Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **LED** – An Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí |
| **MHC** – An Coimisiún Meabhair-Shláinte |
| **NVB** – An Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin |
| **Acht 2018** – An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 |

## Gluais Téarmaí

| Téarma | Míniú |
|---|---|
| **Aosach atá i mBaol** | Duine, mar gheall ar an riocht fisiciúil nó meabhrach atá air/uirthi nó ar shaintréithe pearsanta ar leith eile nó ar imthoisc teaghlaigh nó saoil (cibé acu is imthoisc bhuan nó imthoisc shealadach í), atá i staid shoghonta agus/nó atá i mbaol díobhála agus a dteastaíonn tacaíocht uaidh/uaithi chun é/í féin a chosaint ar dhíobháil ag am ar leith. Cé nach liosta uileghabhálach é seo, is féidir go n-áireofar le daoine den sórt sin daoine aonair a bhfuil riochtaí fisiciúla nó meabhrach orthu (amhail lagú cognaíoch, néaltrú, gortú inchinne faighte), leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu agus atá ag druidim le lán-aois, daoine aonair atá faoi réir foréigean baile nó rialú comhéigneach, daoine aonair gan dídean, daoine aonair atá faoi réir drochúsáid airgeadais, agus daoine aonair a ndearnadh gáinneáil orthu. |
| **Sárú** | Sárú ar shlándáil as a dtiocfaidh scriosadh, cailleadh, athrú, nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach. |
| **Cumas** | An cumas atá ag duine a thuiscint cén uair atá cinneadh á dhéanamh agus cineál agus iarmhairtí an chinnidh sin i gcomhthéacs na roghanna atá ar fáil a thuiscint. Tá sé sin bunaithe ar an gcumas atá ag an duine cinneadh sonrach a dhéanamh faoi rud éigin, ag am sonrach. (Tá an míniú seo ag teacht leis an míniú ar chumas atá leagtha amach in alt 3 den Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015). |
| **Toiliú** | Déantar cineálacha áirithe próiseála sonraí pearsanta ar an mbonn gur thug an t-ábhar sonraí a t(h)oiliú. Ní mór toiliú a bheith tugtha faoi shaoirse agus ní mór é a bheith sonrach, feasach agus gan athbhrí. |
| **CORU** | An rialálaí ilghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh in Éirinn. Is é an ról atá ag CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin iompair ghairmiúil, oideachais, oiliúna agus inniúlachta a chur chun cinn trí chlárú reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh, lena n-áirítear diaitéitigh, teiripeoirí saothair, teiripeoirí fisiciúla, oibrithe sóisialta, teiripeoirí urlabhra agus teanga, agus oibrithe cúraim shóisialaigh. |

| | |
|---|---|
| **An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018** | An dlí náisiúnta lena dtugtar tuilleadh éifeachta don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, lena dtrasuitear an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí isteach i ndlí na hÉireann agus lenar bunaíodh an Coimisiún um Chosaint Sonraí. |
| **Rialaitheoir Sonraí** | Duine, cuideachta nó comhlacht eile a chinneann na críocha ar chucu a phróiseáiltear sonraí pearsanta agus na modhanna a úsáidtear chun déanamh amhlaidh. |
| **Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí** | Measúnú a dhéanann rialaitheoir sonraí ar an tionchar a bheidh ag oibríochtaí beartaithe próiseála ar chosaint sonraí pearsanta, i gcás gur dóigh go mbeadh ardriosca ag gabháil leis na hoibríochtaí próiseála sin i ndáil le cearta agus saoirsí daoine nádúrtha. |
| **Ábhar Sonraí** | Duine nádúrtha beo in-sainaitheanta is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch nó shóisialta an duine sin. |
| **Iarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí** | Iarraidh a dhéanann ábhar sonraí faoi Airteagal 15 RGCS chun rochtain ar a s(h)onraí pearsanta a fháil ó rialaitheoir sonraí. |
| **An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)** | Limistéar saorthrádála agus saorghluaiseachta daoine a chuimsíonn na ballstáit den Aontas Eorpach, mar aon leis an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin. |
| **An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)** | Leagtar síos sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí rialacha a bhaineann le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus rialacha a bhaineann le saorghluaiseacht sonraí pearsanta. Is píosa prionsabalbhunaithe reachtaíochta é lena gceadaítear d'eagraíochtaí de mhéideanna difriúla, a bhfuil cuspóirí difriúla acu, a gcuid próiseas agus nósanna imeachta féin a chinneadh agus a cheapadh ar mhaithe leis na cuspóirí faoi seach atá acu a bhaint amach, a luaithe a chloítear leis na bunphrionsabail atá leagtha amach sa dlí cosanta sonraí. |
| **Sonraí Sláinte** | Sonraí pearsanta a bhaineann le sláinte fhisiciúil nó mheabhrach duine, lena n-áirítear soláthar seirbhísí cúram sláinte. |

| | |
|---|---|
| **Bunús Dleathach** | Tá sé bhunús leagtha amach in Airteagal 6(1) RGCS (toiliú, comhlíonadh conartha, oibleagáid dhlíthiúil, leasanna ríthábhachtacha, leas an phobail, agus leasanna dlisteanacha). I mbeagán focal, is é seo an chúis dhleathach le sonraí pearsanta a phróiseáil. |
| **Sonraí Pearsanta** | Aon fhaisnéis faoi dhuine beo ina bhfuil an duine sin sainaitheanta nó in-sainaitheanta. |
| **Próiseáil** | Rud éigin a dhéanamh le sonraí pearsanta, amhail sonraí pearsanta a bhailiú, a thaifeadadh, a eagrú, a struchtúrú, a stóráil, a oiriúnú, a athrú, a aisghabháil, a cheadú, a úsáid, a nochtadh trí tharchur, a chomhroinnt/a chur ar fáil, a ailíniú nó a chomhcheangal, a shrianadh, a léirscriosadh nó a scriosadh. |
| **Próiseálaí** | Duine, cuideachta, nó comhlacht eile a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann rialaitheoir sonraí. |
| **Próifíliú** | Is é is próifíliú ann aon chineál próiseála uathoibrithe sonraí pearsanta a bhfuil i gceist leis iompraíocht, nósanna nó leasanna duine a anailísiú nó a thuar. |
| **Faighteoir** | Duine, údarás poiblí, gníomhaireacht, seirbhís nó eagraíocht dá nochtar sonraí pearsanta. |
| **Cumhdach** | Bearta a chuirtear i bhfeidhm chun seasamh leis na cearta atá ag aosaigh atá i mbaol (lena n-áirítear cearta cosanta sonraí), chun tacú lena sláinte agus lena bhfolláine, chun iad a chosaint ar dhíobháil agus an baol díobhála a laghdú, agus chun iad a chumhachtú iad féin agus na cearta atá acu a chosaint. |

| **Airteagail Iomchuí de RGCS (féach an nasc chuig an RGCS iomlán i "Aguisín 4" ar leathanach 92)** | |
|---|---|
| Airteagal 4: | Míniú ar na príomhthéarmaí in RGCS |
| Airteagal 5: | Bunphrionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta |
| Airteagal 6: | Bunúis dlí do shonraí pearsanta a phróiseáil |
| Airteagal 7: | Coinníollacha maidir le toiliú |
| Airteagal 9: | Sonraí catagóire speisialta a phróiseáil |
| Airteagal 10: | Sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna a phróiseáil |
| Airteagail 12-14: | Trédhearcacht na próiseála |
| Airteagal 15: | An ceart rochtana atá ag ábhar sonraí ar a s(h)onraí |
| Airteagal 16: | An ceart atá ag ábhar sonraí go ndéanfaí ceartúcháin ar a s(h) onraí |
| Airteagal 17: | An ceart atá ag ábhar sonraí go ndéanfaí léirscriosadh ar a s(h) onraí (“an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad”) |
| Airteagal 18: | An ceart atá ag ábhar sonraí go gcuirfí srian le próiseáil |
| Airteagal 21: | An ceart atá ag ábhar sonraí chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil |
| Airteagal 23: | Srianta a bheith á gcur ag rialaitheoir sonraí le feidhmiú na gceart atá ag ábhar sonraí |

| | |
|---|---|
| Airteagal 24: | Freagracht an rialaitheora sonraí |
| Airteagal 28: | Próiseálaithe |
| Airteagal 31: | Comhar leis an údarás maoirseachta |
| Airteagal 32: | Slándáil na próiseála |
| Airteagal 33: | Fógra a thabhairt don údarás maoirseachta faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta |
| Airteagal 34: | Sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí |
| Airteagal 35: | Measúnú tionchair ar chosaint sonraí |
| Airteagail 37-39: | Oifigeach Cosanta Sonraí |

# Brollach

Téann a lán eagraíochtaí i dteagmháil le haosaigh atá i staideanna soghonta nó atá i mbaol díobhála mar gheall ar an riocht fisiciúil nó meabhrach atá orthu nó ar shaintréithe pearsanta ar leith eile nó ar imthoisc teaghlaigh nó saoil ('aosaigh atá i mbaol'[1] ). Cé nach liosta uileghabhálach é seo, is féidir go n-áireofar le daoine den sórt sin daoine aonair a bhfuil riochtaí fisiciúla nó meabhrach orthu (amhail lagú cognaíoch, néaltrú, gortú inchinne faighte), leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu agus atá ag druidim le lán-aois, daoine aonair atá faoi réir foréigean baile nó rialú comhéigneach, daoine aonair gan dídean, daoine aonair atá faoi réir drochúsáid airgeadais, agus daoine aonair a ndearnadh gáinneáil orthu.

Is ag gach duine aonair atá ceart bunúsach chun cosaint a fháil i ndáil le próiseáil a s(h)onraí pearsanta. Ní dearbhcheart é an ceart chun cosaint sonraí pearsanta, áfach, agus ní mór é a chothromú i gcoinne cearta bunúsacha eile. I gcomhthéacs aosaigh atá i mbaol a chumhdach, ní mór d'eagraíochtaí a théann i dteagmháil le haosaigh atá i mbaol a chinntiú go bpróiseálann siad sonraí pearsanta na ndaoine aonair sin i gcomhréir leis an dlí cosanta sonraí. Áirítear le gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta a chomhroinnt le tríú páirtí nó a scaipeadh le tríú páirtí. Ceann amháin de na cúiseanna ar féidir nach mbeidh rialaitheoir sonraí ag iarraidh sonraí pearsanta a chomhroinnt is ea ábhair imní a bhaineann leis an dlí cosanta sonraí a chomhlíonadh. Mar atá leagtha amach sa treoir seo, áfach, ní chuirtear leis an dlí cosanta sonraí aon chosc ar shonraí a chomhroinnt i gcomhthéacs cumhdaigh aosach. Ina ionad sin, is é an rud a cheanglaítear leis an dlí cosanta sonraí ná go mbeadh an chomhroinnt dleathach, ábhartha agus riachtanach agus gur bheart comhréireach í chun cuspóirí an rialaitheora sonraí a bhaint amach, amhail aosaigh atá i mbaol a chumhdach.

Tá sé mar chuspóir leis an treoirdhoiciméad seo cabhrú le heagraíochtaí, bíodh siad mór nó beag, poiblí nó príobháideach, nó mar chuid den earnáil dheonach nó carthanas, gabháil dá bpróisis chinnteoireachta agus iad ag déanamh próiseáil ar shonraí pearsanta de chuid aosach atá i mbaol i bhfianaise na ndúshlán iomadúil atá rompu.


1) Úsáidtear an téarma "aosach atá i mbaol" ar fud an treoirdhoiciméid seo chun tagairt a dhéanamh do raon éagsúil daoine aonair atá i staideanna soghonta nó atá i mbaol díobhála. Agus an téarma "aosach atá i mbaol" á úsáid aige, aithníonn an Coimisiún gur ann do raon leathan daoine aonair atá i staideanna agus imthosca éagsúla (cibé acu ar bhonn buan nó sealadach) agus atá i mbaol díobhála ag am ar leith agus a dteastaíonn cúnamh uathu ó eagraíocht amháin nó níos mó. Is chun leas an léitheora a úsáidtear téarma aonair chun tagairt a dhéanamh don raon leathan daoine aonair sin, agus an úsáid sin ceaptha chun cabhrú leis an treoir atá anseo istigh a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.

## BCúlra na Treorach seo

Sa Straitéis Rialála ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí don tréimhse 2022 - 2027, tugtar tús áite do chosaint leanaí agus do chosaint grúpaí soghonta eile. Ar aon dul leis an tosaíocht sin, féachann an Coimisiún lena chinntiú go ngnóthaíonn eagraíochtaí a oibríonn le haosaigh atá i mbaol, a thacaíonn le haosaigh atá i mbaol nó a théann i dteagmháil le haosaigh atá i mbaol ar shlí eile tuiscint níos fearr ar chearta cosanta sonraí agus ar na bunúis dlí ar a bhféadfar sonraí pearsanta a chomhroinnt.

Chun tacú leis an sprioc sin, rinne an Coimisiún caidreamh le geallsealbhóirí ábhartha (lena n-áirítear grúpaí tathanta, soláthraithe seirbhíse ar fud na hearnála poiblí, na hearnála príobháidí agus na hearnála deonaí, agus comhlachtaí rialála ábhartha eile) chun sainaithint a dhéanamh ar shaincheisteanna cosanta sonraí a thagann chun cinn i gcomhthéacs cumhdaigh aosach.

Is é an aidhm fhoriomlán atá ag an gCoimisiún cur chuige comhsheasmhach i leith cosaint sonraí a chothú ar fud na hearnála i gcoitinne, comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc, agus a chinntiú go ndéantar breithniú cuí ar na cearta cosanta sonraí atá ag grúpaí soghonta.



**'is é an rud a cheanglaítear leis an dlí cosanta sonraí ná go mbeadh an chomhroinnt dleathach, ábhartha agus riachtanach agus gur bheart comhréireach í chun cuspóirí an rialaitheora sonraí a bhaint amach, amhail aosaigh atá i mbaol a chumhdach.'**

# Treoir



# Réamhrá

Ag céimeanna éagsúla dá saol, is féidir go mbeidh daoine aonair i staideanna soghonta a fhágfaidh go mbeidh siad i mbaol díobhála agus go dteastóidh cúnamh uathu ó eagraíochtaí éagsúla.[2]

Má thagann staid den sórt sin chun cinn, is dócha go 'bpróiseálfaidh' an eagraíocht sonraí pearsanta an duine aonair ar mhaithe le cúnamh, comhairle nó tacaíocht a thabhairt don duine sin. Is é atá i gceist le 'próiseáil' sonraí pearsanta faoin dlí cosanta sonraí, tríd is tríd, ná rud éigin a dhéanamh le sonraí pearsanta duine aonair, amhail na sonraí sin a bhailiú, a stóráil, a chomhroinnt nó a úsáid ar bhealach éigin. Is ionann an t-eintiteas nó an eagraíocht agus an rialaitheoir sonraí toisc go bhfuil sé nó sí ag cinneadh cén fáth agus cén dóigh a mbeidh sé nó sí ag próiseáil na sonraí pearsanta. Daoine aonair a bpróiseálann an eagraíocht a sonraí is ea ábhair sonraí.

Ó am go ham, is féidir gur gá don eagraíocht bhunaidh sin faisnéis an duine sin a chomhroinnt le tríú páirtí. Is féidir gur gá di déanamh amhlaidh, mar shampla, toisc go bhfuil oibleagáid ann faoin dlí ábhar imní a thuairisciú don Gharda Síochána nó toisc gur ní cumhdaigh nó leasa é. Is ionann aon chomhroinnt sonraí pearsanta ag an eagraíocht bhunaidh le tríú páirtí agus próiseáil chun críocha an dlí cosanta sonraí. Ní mór na sonraí sin a chomhroinnt ar bhealach dleathach.

Is gá d'aon eintiteas nó aon eagraíocht a phróiseálann sonraí pearsanta a bheith ar an eolas faoi na dualgais agus na hoibleagáidí atá air nó uirthi faoin dlí cosanta sonraí. Tá feidhm aige sin fiú amháin i gcás go bhfuil an t-eintiteas ag oibriú i gcáil dheonach nó charthanúil. Táthar ag súil leis go ndéanfaidh gach rialaitheoir sonraí a mbeartais agus a gcleachtais cosanta sonraí a cheapadh, a fhorbairt agus a athbhreithniú go leanúnach, agus ba cheart na beartais agus na cleachtais sin a chomhroinnt go forleathan le gach fostaí, oibrí deonach agus/nó conraitheoir a fhostaíonn siad. Áirítear leis sin oiliúint a chur ar fhostaithe, oibrithe deonacha agus/nó conraitheoirí ar an dlí cosanta sonraí, arb oiliúint í lena gcabhraítear ansin leis na daoine aonair sin a sholáthraíonn cúnamh, comhairle nó tacaíocht den sórt sin ag túslíne na heagraíochta an ról atá acu a chomhlíonadh.

Cé nach gceanglaítear ar gach eagraíocht ná gach eintiteas Oifigeach Cosanta Sonraí a bheith acu, moltar do gach eagraíocht, lena n-áirítear iad sin san earnáil dheonach agus carthanas, duine aonair a shannadh chuig ról cosanta sonraí. Feidhmíonn an duine sin ansin mar chéad phointe teagmhála d'aosaigh atá i mbaol a bhfuil ceisteanna acu i ndáil le próiseáil a sonraí féin. Feidhmíonn sé/sí freisin mar phointe teagmhála do dhaoine aonair a oibríonn ag 'túslíne' na heagraíochta agus a bhfuil ceist acu i ndáil le cosaint sonraí.

I gcás go gceapann eagraíocht Oifigeach Cosanta Sonraí, is ar an eagraíocht sin atá an fhreagracht as a chinntiú go dtugtar don Oifigeach Cosanta Sonraí na hacmhainní a theastaíonn chun a c(h)uid cúraimí a chomhlíonadh. Ba cheart don eagraíocht a chinntiú go gcuirtear aosaigh atá i mbaol agus fostaithe, oibrithe deonacha agus

2) Cé nach liosta uileghabhálach é seo, is féidir go n-áireofar le daoine aonair den sórt sin daoine aonair a bhfuil riocht sláinte fisiciúla nó meabhrach orthu, amhail lagú cognaíoch, néaltrú, gortú inchinne faighte, agus leanaí atá ag druidim le lán-aois agus a bhfuil riachtanais bhreise acu ón mbreith. Is féidir go n-áireofar leo freisin daoine aonair atá faoi réir foréigean baile, rialú comhéigneach, aon chineál drochúsáide, lena n-áirítear drochúsáid airgeadais, gáinneáil ar dhaoine nó easpa dídine. Is féidir le himthosca ar leith an duine aonair a bheith de chineál buan nó sealadach.

conraitheoirí araon ar an eolas faoin gceart atá acu teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí maidir le saincheisteanna cosanta sonraí agus go dtugtar mionsonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí dóibh. Feidhmíonn an tOifigeach Cosanta Sonraí mar phointe teagmhála don Choimisiún freisin maidir le saincheisteanna a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta.

Is ionann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (“RGCS”) agus píosa prionsabalbhunaithe reachtaíochta lena gceadaítear d’eagraíochtaí de mhéideanna difriúla, a bhfuil cuspóirí difriúla acu, a gcuid próiseas agus nósanna imeachta féin a chinneadh agus a cheapadh ar mhaithe leis na cuspóirí faoi seach atá acu a bhaint amach, a luaithe a chloítear leis na bunphrionsabail atá leagtha amach sa dlí cosanta sonraí. Cé nach dtagann an cumhdach féin faoi raon feidhme an Choimisiúin, aithníonn an Coimisiún gur féidir go dtiocfaidh miondifríochtaí chun cinn le linn sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha cumhdaigh. Dá bhrí sin, tá sé mar phríomhchuspóir leis an treoirdhoiciméad seo cabhrú le heagraíochtaí a théann i dteagmháil le haosaigh atá i mbaol gabháil dá bpróisis chinnteoireachta (lena n-áirítear tuiscint a ghnóthú ar an ngá agus an tábhacht atá le beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt lena mbuntacaítear leis na cuspóirí atá acu) a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí cosanta sonraí atá orthu.



# Bunphrionsabail um Chosaint Sonraí

Leagtar amach in Airteagal 5 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) na príomhphrionsabail atá i gcroílár an chreata cosanta sonraí. Tá na príomhphrionsabail sin leagtha amach i bhfíorthús RGCS, agus imríonn siad tionchar díreach agus tionchar indíreach araon ar na rialacha agus na hoibleagáidí eile atá le fáil ar fud na reachtaíochta. Dá bhrí sin, is é comhlíonadh na mbunphrionsabal sin an chéad chéim atá le tógáil ag rialaitheoirí maidir lena chinntiú go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí atá orthu faoi RGCS.

Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu, ní mór do rialaitheoirí sonraí a chinntiú:

- Go bpróiseáiltear iad ar bhealach dleathach, cothrom agus trédhearcach;
- Go bpróiseáiltear iad chun críocha sonracha;
- Go dteorannaítear iad don mhéid is gá;
- Go gcoinnítear iad cruinn agus cothrom le dáta;
- Nach stóráiltear iad go ceann tréimhse is faide ná mar is gá; agus
- Go gcosnaítear iad ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach, ar chailleadh tionóisceach, ar scrios nó ar dhamáiste.

Ní mór do rialaitheoirí a bheith in ann a léiriú freisin go bhfuil na prionsabail sin á gcomhlíonadh acu, agus ní mór dóibh freagracht a ghlacadh as próiseáil na sonraí pearsanta.

# Bunúis Dhleathacha

Tá sé tábhachtach go sainaithneodh rialaitheoirí sonraí i gceart an bunús dleathach atá á úsáid acu do shonraí pearsanta a phróiseáil. Gan aon bhunús dleathach a bheith ann, níl aon údar ann le sonraí pearsanta a phróiseáil. Fágann sé sin go bhfuil an phróiseáil neamhdhleathach agus gur sárú ar an dlí cosanta sonraí í. Leagtar amach in Airteagal 6 RGCS liosta teoranta de na sé bhunús dhleathacha atá ann do shonraí pearsanta a phróiseáil, is iad sin: toiliú, conradh, oibleagáid dhlíthiúil, leasanna ríthábhachtacha, cúram poiblí, agus leasanna dlisteanacha.

Dá bhrí sin, tá an cheist seo a leanas ar cheann de na chéad phríomhcheisteanna is gá do rialaitheoir sonraí a chur air/uirthi féin: "Cén chúis, cén t-údar nó cén cuspóir atá agam leis na sonraí pearsanta seo a phróiseáil?" Tar éis dó/di machnamh agus cinneadh a dhéanamh air sin, ní mór don rialaitheoir sonraí a bhreithniú ansin cén ceann de na sé bhunús dhleathacha faoi Airteagal 6(1) RGCS a bhfuil feidhm aige, más ann. Tá gach ceann de na sé bhunús dhleathacha leagtha amach agus breithnithe ar bhealach níos mine thíos.

## Coincheap an riachtanais

Is é seo a leanas an rud atá i gceist le coincheap an riachtanais: más féidir leis an rialaitheoir sonraí an cuspóir atá aige/aici a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as modh nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna le sonraí pearsanta a phróiseáil, ba cheart dó/di an modh sin a úsáid. Ar shlí eile, is dócha go measfar an phróiseáil a bheith neamhdhleathach.

Seo a leanas roinnt de na príomhcheisteanna ba cheart do rialaitheoirí sonraí a chur orthu féin sula bpróiseálfaidh siad aon sonraí pearsanta de chuid an ábhair sonraí:

- Cén cuspóir atá agam?
- An gá dom sonraí pearsanta a phróiseáil ar chor ar bith chun an cuspóir seo a bhaint amach?
- An gá dom sonraí pearsanta an duine seo a phróiseáil?
- An bhfuil sé fíor-riachtanach gach píosa sonra atá á iarraidh agam a phróiseáil chun an cuspóir seo a bhaint amach? An bhfuil aon sonraí pearsanta á n-iarraidh nach bhfuil fíor-riachtanach i ndáiríre chun an cuspóir seo a bhaint amach?
- An bhfuil aon mhodh nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna ar fáil inar féidir liom an cuspóir seo a bhaint amach gan cuid mhór sonraí pearsanta a phróiseáil?
- Cén t-íosmhéid sonraí a theastaíonn uaim chun an cuspóir seo a bhaint amach?
- An bhfuil sé réasúnach dom na sonraí seo a phróiseáil? Mar shampla, i gcás go bhfuil sonraí pearsanta íogaire nó sonraí catagóire speisialta i gceist leis an bpróiseáil.An bhfuil sé comhréireach dom an méid sonraí seo a phróiseáil, bunaithe ar an gcuspóir atá á shaothrú?
- Conas is féidir liom a chinntiú go mbeidh an tréimhse ar ar a feadh a phróiseálfaidh mé na sonraí pearsanta seo teoranta don tréimhse is giorra is féidir, bunaithe ar an gcuspóir atá á shaothrú?

## Airteagal 6(1)(a): Toiliú

Cé go bhforáiltear in Airteagal 6(1)(a) RGCS an bunús dleathach arb éard é toiliú, leagtar amach in Airteagal 7 RGCS na coinníollacha maidir le toiliú bailí. Is as a stuaim féin a thugann an t-ábhar sonraí an toiliú. Mar sin féin, ní mór an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoina bhfuil sé/sí ag toiliú leis agus, má tá an méid sin neamhshoiléir nó débhríoch, ní dócha gur toiliú bailí a bheidh sa toiliú.

Leagtar amach in Aithris 32 RGCS freisin nach mór toiliú den sórt sin a bheith ina léiriú:

> **'gan athbhrí á rá go n-aontaíonn an t-ábhar sonraí le sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a phróiseáil, amhail trí ráiteas scríofa, lena n-áirítear trí mheán leictreonach, nó ráiteas ó bhéal'.**

Ní fhéadfar toiliú a 'chuachadh'. Ciallaíonn sé sin nach bhféadfaidh rialaitheoir sonraí comhaontú toilithe amháin ón ábhar sonraí a úsáid chun raon gníomhaíochtaí eile próiseála sonraí a chumhdach. Ní mór don rialaitheoir sonraí a chinntiú gur mhínigh sé/sí gach gníomhaíocht próiseála don ábhar sonraí agus go bhfuair sé/sí toiliú ón ábhar sonraí i leith gach gníomhaíochta próiseála ar leith. Mar shampla, má tá an rialaitheoir sonraí ag iarraidh brath ar thoiliú an ábhair sonraí chun sonraí pearsanta an ábhair sonraí a phróiseáil chun seirbhís sláinte agus seirbhís airgeadais a sholáthar, ní mór don rialaitheoir sonraí a chinntiú go bhfuair sé/sí toiliú ar leith do gach gníomhaíocht próiseála.

Má tá siad ag brath ar thoiliú mar bhunús dleathach chun sonraí pearsanta a phróiseáil, ní mór do rialaitheoirí sonraí a bheith in ann a léiriú gur thoiligh an t-ábhar sonraí leis an ngníomhaíocht shonrach próiseála. Is ar an rialaitheoir sonraí, agus ní ar an ábhar sonraí, atá an fhreagracht as é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, ba chuí don rialaitheoir sonraí toiliú den sórt sin a bheith faighte aige/aici i scríbhinn.


Is féidir go mbeidh sé deacair brath ar thoiliú duine aonair i gcás go bhfuil sé/sí i staid shoghonta nó atá i mbaol díobhála. Is é an cheist atá le freagairt i gcásanna den sórt sin ná an raibh cumas ag an duine aonair sin, ag an am sin, toiliú bailí a thabhairt don rialaitheoir sonraí má bhí sé/sí i staid shoghonta nó i mbaol díobhála agus má bhí sé/sí faoi bhrú? Is faoin rialaitheoir sonraí atá sé an measúnú sin a dhéanamh, áfach, agus ní ionann na fíorais do gach cás.

Ina theannta sin, ceann amháin de na deacrachtaí a bhaineann le brath ar thoiliú mar bhunús dleathach do shonraí pearsanta a phróiseáil is ea go bhféadfar toiliú a tharraingt siar tráth ar bith. Ní fhágann sé sin nach bailí a thuilleadh a bheidh an phróiseáil a rinneadh sular tarraingíodh an toiliú siar – beidh an phróiseáil a rinneadh suas go dtí an t-am sin dleathach go fóill faoin mbunús dleathach arb éard é toiliú. I mbeagán focal, is é an toradh a bheidh ar thoiliú a tharraingt siar ná nach bhféadfaidh an rialaitheoir sonraí brath ar thoiliú mar bhunús dleathach a thuilleadh.

Mar sin, cé gur féidir go mbeidh rialaitheoir sonraí in ann brath ar thoiliú mar bhunús dleathach chun na sonraí pearsanta de chuid ábhair sonraí a phróiseáil, is fiú smaoineamh faoi bhrath ar bhunús dleathach eile, más féidir.

Chun go mbeidh toiliú bailí, ba cheart na nithe seo a leanas ar a laghad a bheith ar áireamh i bhfoirm comhaontaithe toilithe:

- Ainm an rialaitheora sonraí;
- Na sonraí pearsanta a phróiseálfar;
- An ghníomhaíocht próiseála a dhéanfaidh an rialaitheoir sonraí;
- An chríoch ar chuici a dhéanfar gach gníomhaíocht próiseála;
- An ceart atá ann toiliú a tharraingt siar tráth ar bith;
- Faisnéis a bhaineann le haon chinnteoireacht uathoibrithe a dhéanfar;
- Faisnéis a bhaineann le haon riosca atá ann go n-aistreofar sonraí pearsanta an duine aonair amach as an dlínse; agus
- Ba cheart an fhoirm comhaontaithe toilithe a bheith sínithe ag an ábhar sonraí.



## Airteagal 6(1)(b): Conradh a chomhlíonadh

Chun brath ar an mbunús dleathach seo, ní mór caidreamh conarthach iarbhír a bheith ann idir an t-ábhar sonraí agus an rialaitheoir sonraí. Ina theannta sin, ní mór an phróiseáil a bheith riachtanach chun conradh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí a chomhlíonadh nó chun bearta a dhéanamh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé nó sí conradh. Ní mór don rialaitheoir sonraí agus don ábhar sonraí araon a bheith ina bpáirtithe sa chonradh atá i gceist. Ní fhéadfaidh rialaitheoir conradh idir é/í féin agus soláthraí seirbhíse eile a úsáid mar bhunús dleathach do shonraí pearsanta ábhair sonraí a phróiseáil, ar an mbonn go mbeadh an phróiseáil riachtanach chun an conradh sin a chomhlíonadh agus ar an mbonn sin amháin. Ní fhéadfaidh sé/sí déanamh amhlaidh toisc nach bhfuil an t-ábhar sonraí ina p(h)áirtí sa chonradh sin. Dá bhrí sin, ní bheadh feidhm ag an mbunús dleathach seo gan caidreamh conarthach díreach a bheith ann leis an ábhar sonraí lena mbaineann.

I gcásanna áirithe, is féidir go sonrófar go soiléir i dtéarmaí conarthacha scríofa gur gá sonraí pearsanta a phróiseáil chun an conradh a chomhlíonadh. Ní cheanglaítear chun críocha Airteagal 6(1)(b), áfach, go sonrófaí i dtéarmaí conarthacha gach oibríocht próiseála ghráinneach. Ina lán cásanna, ní bheidh próiseáil atá riachtanach chun conradh a chomhlíonadh luaite go sainráite i dtéarmaí conarthacha idir na páirtithe. Ina ionad sin, ní mór an phróiseáil sin a bhreithniú i gcomhthéacs an chomhaontaithe a rinneadh, lena n-áirítear measúnú ar a bhfuil riachtanach le réasún chun an bun-chomhaontú a chomhlíonadh.

Ní chuireann sé sin deireadh leis na hoibleagáidí atá ar an rialaitheoir maidir le prionsabal na trédhearcachta, go háirithe faoi Airteagal 13 RGCS, a mhéid a bhaineann lena chinntiú go bhfuil an t-ábhar sonraí ar an eolas faoi na cineálacha oibríochtaí próiseála agus faoi chríocha na próiseála a dhéanfar lena s(h)onraí pearsanta araon. Áirítear leis sin an oibleagáid shainráite atá ann faoi Airteagal 13(2)(e) faisnéis a sholáthar (tráth a fhaightear sonraí pearsanta ó ábhar sonraí) maidir le cé acu is ceanglas conarthach é sonraí pearsanta a sholáthar nó nach ea.

Má táthar ag coinne leis go ndéanfaidh an rialaitheoir sonraí agus an t-ábhar sonraí conradh, ní fhéadfar brath ar phróiseáil faoin mbunús dleathach seo toisc nach ann don chonradh i ndáiríre. Arís, chun brath ar an mbunús dleathach seo, ní mór caidreamh conarthach a bheith ann idir an rialaitheoir sonraí agus an t-ábhar sonraí.



**Sampla**

Tá duine aonair ag ullmhú chun filleadh ar an áit oibre tar éis tréimhse fhada, tar éis dó a bheith dífhostaithe le tamall mar gheall ar dheacrachtaí éagsúla. Déanann an duine aonair seo teagmháil le soláthraí seirbhíse, a sholáthraíonn oiliúint agus ceardlanna do dhaoine den sórt sin. Tar éis plean a phlé, déanann an dá pháirtí socrú conarthach trína soláthróidh an soláthraí seirbhíse roinnt seisiún oiliúna agus sraith ceardlann a bheidh saincheaptha do riachtanais shonracha an duine aonair. Ina chomaoin sin, ní mór don duine aonair freastal ar gach seisiún den sórt sin, agus gheobhaidh sé íocaíocht ainmniúil.

Mar chuid den chomhaontú conarthach sin, beidh ar an soláthraí seirbhíse, ina cháil mar rialaitheoir sonraí, sonraí pearsanta an duine aonair a phróiseáil chun éifeacht a thabhairt don chomhaontú atá sa chonradh. Mar shampla, is dócha go mbeidh ar an soláthraí seirbhíse ainm, seoladh, mionsonraí cuntais bainc agus uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (UPSP) an duine aonair a phróiseáil, mar aon leis an íosmhéid faisnéise a bhaineann le scileanna an duine aonair (ionas gur féidir an oiliúint agus na ceardlanna a sholáthar). Sna himthosca sin, féadfaidh an soláthraí seirbhíse brath ar an mbunús dleathach arb éard é riachtanas conarthach.

## Airteagal 6(1)(c): Oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh

Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh rialaitheoirí sonraí an creat reachtach ar laistigh de a fheidhmíonn agus a oibríonn siad. Is amhlaidh atá toisc, ina gcáil mar rialaitheoirí sonraí, gur féidir go mbeidh oibleagáidí dlíthiúla eile ar eagraíochtaí nó eintitis faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, faoi reachtaíocht na hÉireann nó faoin dlí coiteann nó go mbeidh siad faoi réir ordú cúirte, mar aon lena bheith faoi réir an dlí cosanta sonraí. I gcás go bhfuil rialaitheoirí sonraí ag próiseáil sonraí pearsanta chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh, is gá dóibh a shonrú cén fhoráil nó cén oibleagáid dhlíthiúil ar a bhfuil siad ag brath.

Ina theannta sin, chun brath ar an mbunús dleathach arb éard é oibleagáid dhlíthiúil, ní mór do rialaitheoir sonraí measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil próiseáil 'riachtanach' i ndáiríre chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh. Más féidir le rialaitheoirí sonraí na hoibleagáidí dlíthiúla atá orthu a chomhlíonadh le réasún gan aon sonraí pearsanta a phróiseáil, ní fhéadfaidh siad brath go dleathach ar an mbunús dlí seo.

**Sampla 1**

Foráiltear le halt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012, arna leasú, gur cion é faisnéis faoi chionta áirithe in aghaidh daoine soghonta a choimeád siar. Leagtar an méid seo a leanas amach ann:

> 3(1): Faoi réir an ailt seo, beidh duine ciontach i gcion, más rud é—
>
> a. Gurb eol dó nó di nó go gcreideann sé nó sí cion, is cion de chuid Sceideal 2, a bheith déanta ag duine eile in aghaidh duine shoghonta, agus
>
> b. Go mbeidh faisnéis aige nó aici ar faisnéis í arb eol dó nó di, nó a gcreideann sé nó sí ina leith, go bhféadfadh sí a bheith ina cúnamh ábhartha maidir le gabháil, ionchúiseamh nó ciontú an duine eile sin mar gheall ar an gcion sin a áirithiú,
>
> agus go mainneoidh sé nó sí gan leithscéal réasúnach an fhaisnéis sin a nochtadh a luaithe is indéanta déanamh amhlaidh do chomhalta den Gharda Síochána.

Leagtar amach i Sceideal 2 na cionta iomchuí (amhail príosúnú neamhdhleathach, éigniú, ionsaí gnéasach, agus gáinneáil ar dhaoine). Mar sin, faoi na forálacha sin, i gcás go bhfuil faisnéis den sórt sin ag duine aonair i gcás go ndearna duine amháin gníomh, dá bhforáiltear go sonrach faoi Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin, in aghaidh 'duine soghonta', nó go gcreideann sé/sí gurb amhlaidh atá, agus go bhféadfadh an fhaisnéis sin cabhrú leis an nGarda Síochána an duine sin 'a ghabháil, a ionchúiseamh nó a chiontú', níl aon rogha ag an duine sin ach an fhaisnéis sin a nochtadh don Gharda Síochána. Tá sé de dhualgas ar an duine sin faoin dlí an nochtadh sin a dhéanamh agus, mura ndéanann sé/sí amhlaidh, beidh baol tromchúiseach ann go bhfaighfear é/í ciontach i gcion coiriúil. A mhéid a bhaineann leis an dlí cosanta sonraí, más rialaitheoir sonraí é/í an duine aonair sin, is é Airteagal 6(1)(c) RGCS an bunús dleathach atá aige/aici, toisc go gceanglaítear agus go n-údaraítear an nochtadh sin le dlí.

## Sampla 2

Tríd is tríd, ní bheidh comhlíonadh oibleagáide dlíthiúla infheidhme mar bhunús dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil i gcás go bhfuil lánrogha ag rialaitheoir sonraí maidir le cé acu a phróiseálfaidh nó nach bpróiseálfaidh sé/sí sonraí pearsanta, nó i gcás go bhfuil modh níos réasúnaí agus níos comhréirí ar fáil chun an cuspóir atá i gceist a bhaint amach, gan aon sonraí pearsanta a úsáid.

Le roinnt forálacha reachtúla, ceadaítear do rialaitheoirí sonraí leibhéal éigin lánrogha a fheidhmiú i gcásanna áirithe i ndáil leis na sonraí a phróiseálann siad. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh an rialaitheoir sonraí brath ar Airteagal 6(1)(c) RGCS maidir le dlíthiúlacht na próiseála sin fad a chloífear le prionsabail Airteagal 5 agus a chinnteofar go bhfuil aon sonraí a phróiseáiltear ábhartha, riachtanach agus comhréireach chun an cuspóir a bhaint amach.

Mar shampla, foráiltear le halt 5 de I.R. Uimh. 415/2013 – Na Rialacháin um an Acht Sláinte, 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta), 2013, do phlean measúnaithe agus cúraim aonair. Foráiltear mar a leanas le halt 5(5):

> 'Beidh plean cúraim, nó plean cúraim athbhreithnithe, arna ullmhú faoin Rialachán seo ar fáil don chónaitheoir lena mbaineann agus féadfar, le toiliú an chónaitheora sin, nó i gcás gur cuí leis an duine atá i gceannas, é a chur ar fáil dá theaghlach nó dá teaghlach'.

Glacaimis leis nach bhfuil an t-ábhar sonraí sa chás seo in ann toiliú leis an bplean cúraim a chomhroinnt. Leis an bhforáil seo, tugtar rogha eile don ‘duine atá i gceannas’, agus ceadaítear dó/di, más cuí leis/léi, an plean cúraim a chomhroinnt le baill teaghlaigh. Is é sin le rá, tá an duine atá i gceannas ag feidhmiú a lánrogha féin maidir le cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé/sí amhlaidh. A mhéid atá sonraí pearsanta an ábhair sonraí sa phlean cúraim, is fiú don duine atá i gceannas breithniú a dhéanamh ar thosca éagsúla amhail iad seo a leanas:

- Cén leibhéal sonraí pearsanta atá sa phlean cúraim?
- Cé atá ag lorg rochtain ar na sonraí pearsanta seo?
- An bhfuil aon ábhair imní ann i ndáil leis an mball teaghlaigh seo atá ag lorg na sonraí seo?
- Cé na hábhair imní sin?
- Cén dochar a dhéanfar don ábhar sonraí i gcás go gcomhroinnfear an plean cúraim seo leis an mball teaghlaigh seo?
- Cén tairbhe a fhabhróidh chuig an ábhar sonraí i gcás go gcomhroinnfear an plean cúraim seo leis an mball teaghlaigh seo?

- An bhfuil aon ábhair imní ann a bhaineann le rochtain a bheith ag an mball teaghlaigh seo ar na sonraí pearsanta seo agus, má tá, cé na hábhair imní sin?
- I gcás gur féidir déanamh amhlaidh, ar shásaigh an rialaitheoir sonraí é/í féin maidir le toil agus roghanna an ábhair sonraí, a mhéid a thugann sé sin údar leis na sonraí pearsanta seo a chomhroinnt leis an mball teaghlaigh seo?
- An gá aon chuid de na sonraí pearsanta atá sa phlean cúraim a fholú? Más gá, cén fáth?

Mar fhocal scoir, ní mór a thabhairt faoi deara nach mór lánrogha an rialaitheora sonraí in aghaidh pleananna cúraim a chomhroinnt le baill teaghlaigh a fheidhmiú ar chúiseanna bona fide agus ar na cúiseanna sin amháin.

Tabhair faoi deara nach liosta uileghabhálach é seo. Is féidir go mbeidh sé riachtanach tosca eile a bhreithniú freisin, rud a bheidh ag brath ar an rialaitheoir sonraí agus ar chineál an chaidrimh leis an ábhar sonraí.



## Airteagal 6(1)(d): Leasanna Ríthábhachtacha

I bhformhór na gcásanna, is i gcomhthéacs staideanna éigeandála a phróiseáiltear sonraí pearsanta chun críocha leasanna ríthábhachtacha. Ní mór do rialaitheoirí sonraí a bhreithniú an bhfuil an phróiseáil riachtanach chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí a chosaint, amhail saol duine a chosaint nó bagairt thromchúiseach ar dhuine aonair a mhaolú, mar shampla in imthosca ina dtéann sé/sí ar iarraidh.

Tugtar in Aithris 46 RGCS tuilleadh mionsonraí faoi na cineálacha staideanna ina bhfuil feidhm ag leasanna ríthábhachtacha, mar shampla i gcás gur gá próiseáil a dhéanamh "chun leas a chosaint, ar leas é atá riachtanach do shaol an ábhair sonraí nó do shaol duine nádúrtha eile" (i.e., duine aonair beo). Dá bhrí sin, is féidir leasanna ríthábhachtacha a thuiscint mar leasanna atá riachtanach do shaol ábhair sonraí. Cumhdaítear leo staideanna atá bagrach don saol den chuid is mó, ach d'fhéadfadh go gcumhdófaí leo freisin staideanna a chuireann sláinte nó saol duine aonair i mbaol mór.

**Sampla 1**

Thit duine aonair in ionad cónaithe i laige agus chaill sé an mothú. Ghlaoigh an fhoireann ar otharcharr chun an t-ábhar sonraí a thabhairt chuig an ospidéal. Ós rud é go raibh imní thromchúiseach ann faoi shaol an duine aonair sin, nocht ball foirne roinnt sonraí sláinte do na paraimhíochaineoirí, a thaifead an fhaisnéis sin sular fhág siad an t-ionad cónaithe.

Maidir le sonraí sláinte a chomhroinnt le paraimhíochaineoirí sna himthosca atá leagtha amach thuas, is dócha go mbeidh bunús dleathach ag an gcomhroinnt sin faoi Airteagal 6(1)(d) RGCS a luaithe is gá na sonraí a chomhroinnt chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí a chosaint.

**Sampla 2**

Chuaigh duine aonair in aonad cónaithe ar iarraidh, rud a chuir imní ar an rialaitheoir sonraí maidir le sábháilteacht agus leas an duine sin. Rinne an rialaitheoir sonraí teagmháil leis an nGarda Síochána, agus nocht sé roinnt sonraí pearsanta de chuid an duine aonair sin dó, lenar áiríodh an fíoras go raibh fadhb meabhairshláinte aige.

Maidir le sonraí sláinte a chomhroinnt leis an nGarda Síochána sna himthosca atá leagtha amach thuas, is dócha go mbeidh bunús dleathach ag an gcomhroinnt sin faoi Airteagal 6(1)(d) RGCS a luaithe is gá na sonraí a chomhroinnt chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí a chosaint.

## Airteagal 6(1)(e): Leas an Phobail

Tá an bunús dleathach seo teoranta do chásanna inar gá do rialaitheoirí sonraí sonraí pearsanta a phróiseáil chun cúram a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú a n-údaráis oifigiúil. Ciallaíonn sé sin gurb iad údaráis phoiblí den chuid is mó a bheidh ag brath ar an bhforáil seo. I gcás go bhfuil an phróiseáil bunaithe ar an mbunús dleathach seo, leagtar amach in Airteagal 6(3) RGCS gur cheart an phróiseáil a bheith bunaithe ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó ar an dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, féadfaidh rialaitheoir sonraí brath ar an mbunús dleathach seo más gá dó/di na sonraí pearsanta atá i gceist a phróiseáil, bíodh sé sin i bhfeidhmiú a (h)údaráis oifigiúil (lena gcumhdaítear feidhmeanna agus cumhachtaí poiblí, mar atá leagtha amach sa dlí) nó chun cúram sonrach a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail (mar atá leagtha amach sa dlí). D'fhéadfadh aon rialaitheoir a fheidhmíonn údarás oifigiúil nó a chuireann cúram i gcrích ar mhaithe le leas an phobail ar bhealach éigin brath ar an mbunús dleathach seo. Den chuid is mó, tá an bhrí bheacht atá leis an téarma “leas an phobail” ag brath ar na forálacha den phíosa sonrach de dhlí an Aontais Eorpaigh nó den dlí náisiúnta ar a bhfuiltear ag brath. Tá sí ag brath ar imthosca an cháis ar leith freisin. Ní féidir gach sampla de reachtaíocht ina dtagraítear do chúraimí nó feidhmeanna a bheith á gcur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail a lua sa treoir seo. Ní féidir ach oiread aon mhíniú docht a thabhairt ar an téarma “leas an phobail”. Mar sin féin, glactar leis, tríd is tríd, nach le grúpa beag féinchinntithe daoine aonair a bhaineann cúraimí a chuirtear i gcrích ar mhaithe le leas an phobail. Ina ionad sin, is le sciar mór den daonra a bhaineann siad.

Cé go luaitear in RGCS nach mór próiseáil ábhartha sonraí pearsanta a bheith bunaithe ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó ar an dlí náisiúnta, ní fhágann sé sin nach mór cumhacht dhlíthiúil shonrach a bheith ann. Mar sin féin, ní mór bunús soiléir a bheith ag an mbunchúram, ag an mbunfheidhm nó ag an mbunchumhacht de chuid an rialaitheora sonraí faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoi dhlí na hÉireann (lena n-áirítear an dlí coiteann). Ba cheart an dlí sin a bheith soiléir agus beacht.

Is leagtha amach in Aithris 45 RGCS atá samplaí de réimsí ina gcuirtear cúraimí i gcrích ar mhaithe le leas an phobail, lena n-áirítear chun críocha sláinte amhail sláinte phoiblí agus cosaint shóisialta agus bainistiú seirbhísí cúram sláinte.

**Sampla 1**

Comhlacht poiblí a bunaíodh faoin Acht Sláinte, 2004, arna leasú (“Acht 2004”), agus a bhfuil a chuspóir agus a fheidhmeanna leagtha amach faoi alt 7 den Acht sin is ea Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (“FSS”). Foráiltear mar a leanas le halt 7(1) d'Acht 2004:

> “Is é is cuspóir don Fheidhmeannacht na hacmhainní a bheidh ar fáil di a úsáid ar an modh is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla chun sláinte agus leas an phobail a fheabhsú, a chur chun cinn agus a chosaint”.

Mar sin, is é is cuspóir do FSS mar eagraíocht dul chun tairbhe don phobal toisc gurb iad na feidhmeanna atá aige a acmhainní a úsáid chun sláinte agus leas an phobail a fheabhsú, a chur chun cinn agus a chosaint. Tá sé sin ag teacht leis an mbunús dleathach arb éard é leas an phobail faoi Airteagal 6(1)(e) RGCS.

**Sampla 2**

Ba leis an Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 ("Acht 2005"), a bunaíodh CORU, a chuimsíonn an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus Boird Chlárúcháin do ghairmeacha sainainmnithe áirithe sláinte agus cúraim shóisialaigh (mar shampla, teiripeoirí saothair, oibrithe cúraim shóisialaigh, agus oibrithe sóisialacha). Foráiltear le hAcht 2005 do na 'gairmithe sainainmnithe' sin a chlárú agus do chinneadh a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann lena bhfeidhmiúlacht chun cleachtadh.

Foráiltear mar a leanas le halt 8(1) d'Acht 2005:

> "Déanfaidh an Chomhairle [um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh] gach ní is gá agus is réasúnach chun a cuspóir a chur ar aghaidh agus déanfaidh sí a cumhachtaí a fheidhmiú agus a feidhmeanna a chomhlíonadh **ar mhaithe le leas an phobail**." [béim curtha leis]

Foráiltear mar a leanas le halt 27(1) agus (2) d'Acht 2005:

> "Is é is cuspóir do bhord clárúcháin gairme sainainmnithe an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin iompair ghairmiúil agus oideachais ghairmiúil, oiliúna gairmiúla agus inniúlachta gairmiúla a chothú i measc chláraithe na gairme sin."
>
> "Déanfaidh bord clárúcháin gach ní is gá agus is réasúnach chun a chuspóir a chur chun cinn agus déanfaidh sé a chumhachtaí a fheidhmiú agus a fheidhmeanna a chomhlíonadh **ar mhaithe le leas an phobail.**" [béim curtha leis]

Mar sin, is é is cuspóir don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus do na Boird Chlárúcháin (e.g., Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh) dul chun tairbhe don phobal toisc go n-áirítear leis na feidhmeanna atá acu, mar shampla, caighdeáin chleachtais a fhorfheidhmiú le haghaidh cláraithe de chuid na ngairmeacha sainainmnithe, lena n-áirítear na cóid um iompar agus eitic ghairmiúil (alt 8(2)(d)) agus treoir a thabhairt do chláraithe maidir le hiompar eiticiúil (alt 27(3)(c)). Tá sé luaite go soiléir in Acht 2005 go gcuirtear na feidhmeanna sin i gcrích ar mhaithe le leas an phobail. Tá sé sin ag teacht leis an mbunús dleathach arb éard é leas an phobail faoi Airteagal 6(1)(e) RGCS.

Mar sin féin, ní mór do rialaitheoirí atá ag brath ar an mbunús dleathach seo a chinntiú go bhfuil próiseáil shonraí pearsanta an ábhair sonraí riachtanach i ndáiríre chun an cúram a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil. Amhail i gcás bunúis dhleathacha eile a bhfuil coincheap an riachtanais i gceist leo, beidh an méid atá 'riachtanach' chun an cúram a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil ag brath ar imthosca gach cáis.

Ós rud é go bhféadfadh rochtain a bheith ag údaráis phoiblí ar mhéideanna móra sonraí pearsanta, tá sé ríthábhachtach go gcinnteodh siad go bhfuil an cineál agus an méid sonraí pearsanta a phróiseáiltear leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun an cuspóir atá acu a bhaint amach.

## Airteagal 6(1)(f): Leasanna Dlisteanacha

Leagtar amach sa bhunús dleathach seo gur "gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag leasanna nó cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí ar na leasanna sin, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe más leanbh é an t-ábhar sonraí". Leis an mbunús dleathach seo, leagtar oibleagáidí breise ar rialaitheoirí na leasanna dlisteanacha a bhfuil siad ag iarraidh iad a shaothrú a chothromú le cearta agus leasanna an ábhair sonraí.

Tá trí phríomhghné ag baint leis an mbunús dleathach seo, agus ní mór don rialaitheoir sonraí gach ceann díobh a bhreithniú.

a. Ní mór do rialaitheoirí sainaithint a dhéanamh ar leas dlisteanach a bhfuil siad nó tríú páirtí ag iarraidh é a shaothrú;
b. Ní mór do rialaitheoirí a léiriú go bhfuil próiseáil bheartaithe shonraí pearsanta an ábhair sonraí riachtanach chun an leas dlisteanach a bhaint amach; agus
c. Ní mór do rialaitheoirí an leas dlisteanach atá acu a chothromú i gcoinne leasanna, chearta agus shaoirsí an ábhair sonraí.

I gcás go bhfuil rialaitheoir ag smaoineamh faoi shonraí pearsanta a phróiseáil bunaithe ar na leasanna dlisteanacha atá aige/aici, ba cheart dó/di a chinntiú go ndearna sé/sí an cleachtadh cothromúcháin idir a leasanna féin agus cearta/saoirsí na n-ábhar sonraí a bhfuil sé beartaithe aige/aici a sonraí a phróiseáil. Ní mór don rialaitheoir a bheith muiníneach nach bhfuil sáraíocht ag leasanna na n-ábhar sonraí ar na leasanna dlisteanacha sin agus go n-úsáidtear na sonraí pearsanta ar bhealaí a mbeadh an t-ábhar sonraí ag súil leo le réasún – ach amháin i gcás go bhfuil cúis an-láidir ann leis na hábhair imní sin a shárú.

**Sampla 1**

Tá teach altranais príobháideach ag déanamh breithniú ar cheamaraí TCI a shuiteáil chun sláinte agus sábháilteacht cónaitheoirí agus ball foirne a chosaint. Is é atá i gceist le cuid amháin den bhreithniú sin ná na leasanna atá ag an teach altranais i dtimpeallacht maireachtála agus áit oibre shábháilte a chothabháil a chothromú leis na hionchais chothroma phríobháideachta atá ag cónaitheoirí agus ag baill foirne araon.

Sa mheasúnú sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na limistéir a chumhdófar le TCI, agus ba cheart a chinntiú nach mbeidh ceamaraí ag taifeadadh i limistéir ina bhfuil ionchais réasúnacha phríobháideachta ag cónaitheoirí agus ag baill foirne araon, e.g., seomraí leapa, seomraí folctha, limistéir feistis, etc.

Is é an cuspóir atá leis an measúnú sin ná a shuí an féidir leis an eagraíocht sonraí pearsanta a phróiseáil chun na spriocanna dlisteanacha atá aici a bhaint amach gan aon tionchar díréireach a bheith aici ar dhaoine.

Ar aon dul le prionsabal na cuntasachta faoin dlí cosanta sonraí, ba cheart do rialaitheoirí taifead a choinneáil ar an measúnú/cleachtadh cothromúcháin a rinne siad chun a chinneadh an raibh sáraíocht ag leasanna, cearta nó saoirsí an ábhair sonraí ar na leasanna dlisteanacha. Cé nach bhfuil aon mhodh socraithe ann ina gceanglaítear ar rialaitheoirí é sin a dhéanamh, tá sé tábhachtach go dtaifeadfadh siad a réasúnaíocht ar bhealach éigin, chun a léiriú gur úsáideadh próiseas cuí cinnteoireachta chun údar a thabhairt leis an bpróiseáil agus gur tugadh aird dhóthanach ar chearta agus saoirsí ábhar sonraí. Tá sé sin breithnithe a thuilleadh in Aguisín 1 a ghabhann leis an treoirdhoiciméad seo.

Mar fhocal scoir, ní mór a thabhairt faoi deara nach bhféadfaidh údaráis phoiblí brath ar an mbunús dleathach arb éard é 'leasanna dlisteanacha' chun údar a thabhairt le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar i gcomhlíonadh a gcúraimí. Dá bhrí sin, is gá d'údaráis phoiblí a thuiscint cé na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil acu agus cén chríoch ar chuici atá na sonraí sin á bpróiseáil acu. Más rud é go bhfuil na sonraí á bpróiseáil chun cúram a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil, ní fhéadfaidh siad brath ar an mbunús dleathach arb éard é leasanna dlisteanacha. Mura bpróiseáiltear na sonraí pearsanta chun cúram a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil, is féidir go mbeidh siad in ann brath ar an mbunús dleathach arb éard é leasanna dlisteanacha.



## Airteagal 9

Toirmisctear le hAirteagal 9 RGCS próiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta ach amháin i gcás go dtagann sí faoi cheann amháin de na heisceachtaí atá ceadaithe in Airteagal 9(2). Is é is sonraí catagóire speisialta ann sonraí:

> **'lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, agus próiseáil sonraí géiniteacha agus sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, sonraí a bhaineann leis an tsláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó le gnéaschlaonadh duine nádúrtha'.**

Is liosta teoranta é sin. Mar shampla, is minic a deir daoine aonair gur sonraí íogaire iad sonraí a bhaineann lena n-airgeadas nó lena gcánacha. Cé gur féidir gur "sonraí íogaire" iad sin i ngnáthchiall an téarma, ní sonraí catagóire speisialta iad sonraí airgeadais mar atá mínithe in Airteagal 9 RGCS.

Dá bhrí sin, ní mór do rialaitheoirí sonraí agus do dhaoine aonair atá ag obair le haosaigh atá i mbaol a bheith ar an eolas faoi cad is sonraí catagóire speisialta ann; ní mór dóibh a bheith ar an eolas faoi sin toisc gurb é an pointe tosaigh ná go dtoirmisctear sonraí catagóire speisialta a phróiseáil ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag ceann amháin de na heisceachtaí faoi Airteagal 9(2). Is dócha go mbeidh ar eagraíochtaí nó eintitis a théann i dteagmháil le haosaigh atá i mbaol sonraí sláinte nó sonraí eile catagóire speisialta a bhaineann leis na haosaigh sin a phróiseáil am éigin le linn dóibh dul i dteagmháil leo. Tarlaíonn sé sin mar gheall ar chineál riachtanais an duine aonair agus ar na riachtanais chumhdaigh atá aige/aici agus mar gheall ar an bhfeidhm agus an ról atá ag an eagraíocht maidir le seirbhísí nó cúram a sholáthar don duine aonair.

Ionas go mbeidh sé dleathach sonraí catagóire speisialta a phróiseáil, ní mór do rialaitheoirí sonraí bunús dleathach a bheith acu faoi Airteagal 6 RGCS ar an gcéad ásc, agus ní mór dóibh a bheith in ann a léiriú freisin go bhfuil siad ag brath ar cheann amháin de na heisceachtaí atá ceadaithe in Airteagal 9(2) RGCS.

Foráiltear le h**Airteagal 9(2)(c) RGCS** go bhfuil sé dleathach próiseáil a dhéanamh i gcás gur:

> **'gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint, i gcás nach féidir leis an ábhar sonraí toiliú a thabhairt go fisiciúil nó go dlíthiúil'.**

Cosúil leis an sampla thuas (féach 'leasanna ríthábhachtacha'), thit duine aonair i sainionad cónaithe meabhairshláinte i laige agus chaill sé an mothú. Ghlaoigh an fhoireann ar otharcharr chun an t-ábhar sonraí a thabhairt chuig an ospidéal. Ós rud é go raibh imní thromchúiseach ann faoi shaol an duine aonair sin, nocht ball foirne roinnt sonraí sláinte do na paraimhíochaineoirí, a thaifead an fhaisnéis sin sular fhág siad an t-ionad cónaithe.

Maidir le sonraí sláinte a chomhroinnt le paraimhíochaineoirí sa chás seo, is dócha go mbeidh bunús dleathach ag an gcomhroinnt sin faoi Airteagal 6(1)(d) RGCS a luaithe is gá na sonraí a chomhroinnt chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí a chosaint. Mar sin féin, ós rud é gur sonraí catagóire speisialta iad seo faoi Airteagal 9 RGCS, ní mór don rialaitheoir sonraí teacht faoi cheann amháin de na heisceachtaí

dá bhforáiltear le hAirteagal 9(2) RGCS freisin. Is dócha go mbeifear in ann brath go dleathach ar Airteagal 9(2)(c) RGCS sna himthosca seo, toisc nach féidir leis an duine aonair toiliú a thabhairt mar gheall ar an mothú a bheith caillte aige nó mar gheall ar é a bheith éagumasaithe.

Eisceachtaí eile a mbraitheann comhlachtaí poiblí orthu ó am go ham is ea Airteagail 9(2)(f), (g) agus (h) RGCS.

Foráiltear le h**Airteagal 9(2)(f) RGCS** go bhfuil sé dleathach sonraí catagóire speisialta a phróiseáil i gcás gur:

> **'gá an phróiseáil a dhéanamh le héilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint nó tráth ar bith a mbíonn na cúirteanna ag gníomhú faoina gcumas breithiúnach'.**

Mar shampla, má tá an dlí á chur ar rialaitheoir sonraí, tá sé/sí i dteideal an t-éileamh dlíthiúil sin a chosaint. Sna himthosca sin, tugtar le hAirteagal 9(2)(f) bunús dleathach don rialaitheoir sonraí sin chun sonraí catagóire speisialta a phróiseáil chun críocha na n-imeachtaí cúirte nó breithiúnacha sin.

Foráiltear le h**Airteagal 9(2)(g) RGCS** go bhfuil sé dleathach sonraí catagóire speisialta a phróiseáil i gcás gur:

> **"gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna leasa an phobail, ar bhonn dhlí an Aontais nó dlí Ballstáit a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a fhorálfaidh do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a choimirciú"..**

Tá sé tábhachtach úsáid an fhrása 'ar **mhórchúiseanna** leasa an phobail' a thabhairt faoi deara, ar leasanna iad nach mór a bheith leagtha amach i ndlíthe an Aontais Eorpaigh nó i ndlíthe náisiúnta. Ciallaíonn sé sin nach mór mórleas a bheith i leas an phobail féin.

Tagraítear in Aithris 46 RGCS do shamplaí áirithe próiseála sonraí a dhéantar ar bhonn leasanna an phobail, lena n-áirítear:

> **"is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha daonnúla, lena n-áirítear chun faireachán a dhéanamh ar eipidéimí agus ar a leathadh nó i gcásanna éigeandálaí daonnúla, go háirithe i gcásanna tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine".**

Cad a chiallaíonn sé sin do rialaitheoirí sonraí sa chleachtas? Thabharfadh sé sin le tuiscint go bhfuil ardtairseach le comhlíonadh ag rialaitheoirí sonraí atá ag iarraidh brath ar an mbunús dleathach seo agus go mbeadh orthu a léiriú nach é amháin gur ann do leas an phobail ach gur mórleas é an leas sin agus go bhfuil sé leagtha amach sa dlí.

Foráiltear le h**Airteagal 9(2)(h) RGCS** go bhfuil sé dleathach sonraí catagóire speisialta a phróiseáil i gcás gur:

> **'gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha leighis choiscthigh nó ceirde, chun measúnú a dhéanamh ar chumas oibre an fhostaí, diagnóis leighis, cúram sláinte nó cóireáil shóisialta a sholáthar nó bainistiú córas nó seirbhísí cúram sláinte nó sóisialta ar bhonn dhlí an Aontais nó ar bhonn dlí Ballstáit nó de bhun conartha ar shínigh ábhar na sonraí le gairmí sláinte é agus faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear i mír 3'.**

Níl feidhm ag an eisceacht seo ach amháin maidir le críocha leighis agus maidir le críocha cúraim shóisialta.

**Críocha Leighis:** Leis an bhforáil seo, ceadaítear do rialaitheoirí sonraí sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha cúram sláinte, lena n-áirítear diagnóis, cóireáil agus cosc. Ní mór do ghairmí atá faoi cheangal ag "rúndacht ghairmiúil" faoin dlí (nó faoi rialacha áirithe) an phróiseáil a dhéanamh (de réir Airteagal 9(3)), áfach.

Mar sin, féadfaidh gairmithe laistigh den earnáil cúram sláinte, amhail dochtúirí, comhairleoirí, fiaclóirí nó síceolaithe (ach gan a bheith teoranta dóibh), sonraí sláinte a gcliant a phróiseáil, i gcás go bhfuil dualgas rúndachta orthu.

**Críocha Cúraim Shóisialta:** Leis an bhforáil seo, cumhdaítear cúnamh a thugann údaráis slándála sóisialta. Mar shampla, is féidir go mbeidh sé riachtanach sonraí pearsanta duine aonair a phróiseáil chun cóiríocht éigeandála a sholáthar dó/di. Abraimis go bhfuil riachtanais leighis shonracha ag duine aonair agus go dteastaíonn rochtain ar chathaoir rothaí uaidh/uaithi nó gur gá don duine aonair soicéid leictreacha éagsúla a bheith aige/aici chun meaisín scagdhealaithe nó gaireas análaithe a oibriú, is dócha go dteastóidh an fhaisnéis sin ón rialaitheoir sonraí atá ag próiseáil an iarratais ón duine aonair sin ar thithíocht nó ar chineál éigin cóiríochta chun a chinntiú go soláthrófar cóiríocht chuí dó/di.



## Airteagal 10, agus sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna a phróiseáil

Ó am go ham, is féidir go mbeidh cúis imní ag eagraíochtaí a oibríonn le haosaigh atá i mbaol maidir le ciontuithe coiriúla agus coireanna nó líomhaintí a bhaineann le daoine den sórt sin. Is sonraí pearsanta í an fhaisnéis sin agus, má tá an t-eintiteas nó an eagraíocht chun an fhaisnéis sin a úsáid ar bhealach éigin, ní mór dó/di déanamh amhlaidh go dleathach agus i gcomhréir leis an dlí cosanta sonraí.

Foráiltear le hAirteagal 10 RGCS do shonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna a phróiseáil. Mar sin féin, ní fhéadfar próiseáil den sórt sin a dhéanamh ach amháin sna himthosca seo a leanas:

- ✓ **I gcás go bhfuil an phróiseáil faoi rialú údaráis oifigiúil, nó**
- ✓ **I gcás go n-údaraítear an phróiseáil go sonrach le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit lena bhforáiltear do choimircí iomchuí do chearta agus saoirsí ábhar sonraí. agus**
- ✓ **Ní choinneofar aon chlár cuimsitheach de chiontuithe coiriúla ach faoi rialú údaráis oifigiúil.**

Go bunúsach, foráiltear le hAirteagal 10 RGCS do phróiseáil sonraí pearsanta ag “údaráis oifigiúla” arb údaráis phoiblí iad. Áirítear leo sin comhlachtaí amhail an Garda Síochána (i gcás nach bhfuil feidhm ag an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí). Ní “údaráis oifigiúla” iad eintitis phríobháideacha ná cuideachtaí príobháideacha. Fágann sé sin nach bhféadfaidh siad sonraí den sórt seo a phróiseáil ach amháin i gcás gur ann i ndlí an Aontais Eorpaigh nó sa dlí náisiúnta d’fhorálacha lena gceadaítear dóibh déanamh amhlaidh.

Le halt 55 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, tugtar tuilleadh éifeachta d’Airteagal 10 RGCS i ndlí na hÉireann, agus leathnaítear raon feidhme Airteagal 10 RGCS ar dhá bhealach ar leith, is iad sin:

Ar dtús, foráiltear le halt 55(9) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, go bhfolaíonn “sonraí de chuid Airteagal 10” “sonraí pearsanta i ndáil le cion a líomhnaítear go ndearnadh é agus aon imeachtaí i ndáil le cion den sórt sin”. Dá bhrí sin, leathnaítear an míniú ar shonraí de chuid Airteagal 10 chun go bhfolóidh sé líomhaintí maidir le cionta, agus ní na cionta féin amháin. Is idirdhealú tábhachtach é sin, toisc go bhfágann sé gur gá do rialaitheoirí sonraí faisnéis agus sonraí pearsanta faoi líomhaintí maidir le ciontuithe coiriúla agus cionta a bhreithniú ar an dóigh chéanna a mbreithnítear faisnéis faoi chiontuithe agus cionta iarbhír.

Ar an dara dul síos, foráiltear le halt 55(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, go bhféadfar “sonraí de chuid Airteagal 10” a phróiseáil

a. “faoi rialú údarás oifigiúil, nó

b. i gcás—

(iv) go bhfuil gá le próiseáil chun díobháil nó damáiste eile don ábhar sonraí nó do dhuine eile nó caillteanas i leith maoine, nó damáiste do mhaoin, a chosc nó chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine eile a chosaint ar shlí eile”.

Mar sin, féadfaidh eagraíochtaí seachas "údaráis oifigiúla" sonraí pearsanta den sórt sin, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le déanamh líomhnaithe ciona, a phróiseáil chun na gcríoch atá leagtha amach faoi alt 55(1)(b)(iv) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

Ní leagtar amach in alt 55 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, nach mór líomhain a thuairisciú d'údarás oifigiúil, amhail an Garda Síochána, ionas go bhféadfaidh eagraíocht a tháinig ar an eolas faoi líomhain na sonraí lena mbaineann a phróiseáil. Mar sin féin, ní mór don eintiteas nó don eagraíocht aon sonraí pearsanta den chineál sin a phróiseáil go han-chúramach, go háirithe i gcás gur líomhain é an ní atá i gceist. Seachas na prionsabail ghinearálta um chomhlíonadh cosanta sonraí, is ann do thrí phríomhcheanglas nach mór do rialaitheoirí sonraí cloí leo agus iad ag próiseáil sonraí den sórt sin: is le bunúis dhleathacha, le coimircí, agus le prionsabal an riachtanais a bhaineann na ceanglais sin.

1. **Bunús Dleathach:** Ciallaíonn sé seo nach mór do rialaitheoirí sonraí bunús dleathach a bheith acu faoi Airteagal 6(1) RGCS chun na sonraí lena mbaineann a phróiseáil (ní thugtar le halt 55 aon bhunús dlí neamhspleách le haghaidh sonraí pearsanta a phróiseáil):

**Sampla**

Cé go mbeidh ar gach rialaitheoir sonraí a b(h)unús dleathach féin a chinneadh ar aon dul leis an tacar ábhartha fíoras agus lena c(h)uspóirí féin:

Is dócha go mbraithfidh soláthraithe cúraim san earnáil phoiblí ar Airteagal 6(1)(e) mar chuid de na cúraimí a chuireann siad i gcrích ar mhaithe le leas an phobail. Mar sin féin, ba cheart foráil reachtach shonrach a shainaithint lena sanntar an cúram nó an fheidhm lena mbaineann don rialaitheoir.

Ba cheart do sholáthraithe príobháideacha cúraim a bhreithniú an bhfuil Airteagal 6(1)(f) infheidhme, i gcás gur gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhaithe le leas dlisteanach sonrach, i.e., cúram agus cóireáil cónaitheoirí eile.

Is féidir go mbeifear in ann brath ar Airteagal 6(1)(d), i gcás gur gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach dtagraítear in Airteagal 6(1)(d) ach do na staideanna sin ina bhfuil baol láithreach ann do leasanna ríthábhachtacha duine – cás beatha nó báis. Lasmuigh de na himthosca annamha teoranta sin, ní thugtar leis an Airteagal sin aon bhunús dleathach oiriúnach lena úsáid i leith fhormhór na n-ábhar imní a bhaineann le cumhdach.

2. **Coimircí:** Bearta oiriúnacha sonracha a chur chun feidhme chun cearta agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí a choimirciú: ciallaíonn sé sin go mbeidh sé riachtanach coimircí a chur i bhfeidhm agus sonraí de chuid Airteagal 10 á bpróiseáil chun an duine atá i gceist a chosaint, agus íogaireacht na sonraí agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le próiseáil mhíchuí á n-aithint.

Tugtar in alt 36(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, liosta neamh-uileghabhálach de choimircí den sórt sin, ar cheart iad a bhreithniú sa chomhthéacs seo. Is an-ábhartha atá na coimircí seo a leanas:

- Teorainneacha le rochtain ar na sonraí pearsanta a bheidh á bpróiseáil laistigh d'áit oibre chun nach ndéanfar sonraí pearsanta a cheadú, a athrú, a nochtadh nó a léirscriosadh gan údarú;
- Oiliúint shonrach spriocdhírithe dóibh siúd a bhíonn ag gabháil d'oibríochtaí próiseála;
- Sásraí logála chun gur féidir a fhíorú an ndearnadh, agus cé a rinne, na sonraí pearsanta a cheadú, a athrú, a nochtadh nó a léirscriosadh;
- Na sonraí pearsanta a incriptiú.

3. **Riachtanas:** [tá] gá le próiseáil chun díobháil nó damáiste eile don ábhar sonraí nó do dhuine eile nó caillteanas i leith maoine, nó damáiste do mhaoin, a chosc nó chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine eile a chosaint ar shlí eile: is é atá sa ghné seo ná an cinneadh ríthábhachtach á rá go bhfuil sé fíor-riachtanach sonraí de chuid Airteagal 10 a phróiseáil chun díobháil a chosc do dhuine.

Ba cheart an cinneadh seo a bheith bunaithe ar mheasúnú fianaiseach fíorasbhunaithe ar an riosca a chruthaíonn an t-ábhar sonraí atá i gceist do dhuine sainaitheanta nó do dhaoine sainaitheanta.

Níor cheart alt 55(1)(b)(iv) a chur i bhfeidhm ach amháin ar bhonn teoranta cás ar chás.  É sin ráite, ba cheart a thabhairt faoi deara gur leathan atá raon feidhme na ndíobhálacha atá leagtha amach faoin alt sin.

Trí na gnéithe nó na céimeanna sin a leanúint le linn próiseas cinnteoireachta, ba cheart go gcuirfí ar chumas rialaitheora sonraí a chinneadh an mbeidh próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla, le cionta nó le cionta líomhnaithe incheadaithe i gcomhthéacs ar leith. Chun críocha cuntasachta, ba cheart don eagraíocht gach céim sa phróiseas cinnteoireachta seo a dhoiciméadú go soiléir.

## Alt 41 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018

Foráiltear le halt 41 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ("Acht 2018"), do shonraí 'pearsanta a phróiseáil chun críche seachas an chríoch ar chuici a bailíodh na sonraí'. Foráiltear le halt 41 d'Acht 2018 gur dleathach sonraí a phróiseáil chun críche seachas an chríoch ar chuici a bailíodh na sonraí, sa mhéid go mbeidh gá leis an bpróiseáil sin agus go mbeidh sí comhréireach chun na gcríoch seo a leanas—

> **"(a) chun bagairt ar an tslándáil náisiúnta, ar chosaint náisiúnta nó ar shlándáil an phobail a chosc,**
>
> **(b) chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, nó**
>
> **(c) chun na gcríoch atá leagtha amach i mír (a) nó (b) d'alt 47".**

Foráiltear le halt 47 d'Acht 2018 d'earnálacha 'speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche comhairle dlí agus imeachtaí dlí'.



## An Fiosrúchán a rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí ar an Roinn Sláinte sa bhliain 2023

I mí an Mheithimh 2023, d'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an Cinneadh uaidh ar an bhFiosrúchán a rinne sé ar an Roinn Sláinte ("an Roinn"). Tosaíodh an fiosrúchán ón gCoimisiún tar éis líomhaintí poiblí a fháil sa bhliain 2021 á rá go ndearna an Roinn bailiú agus próiseáil neamhdhleathach ar shonraí pearsanta faoi ghearánaithe agus faoina dteaghlach i ndlíthíocht a bhain le riachtanais speisialta oideachais. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil faoi Chinneadh an Fhiosrúcháin anseo.

Tá sé tábhachtach cur i bhfeidhm alt 41(b) d'Acht 2018 agus prionsabail riachtanais agus chomhréireachta dhlí an Aontais Eorpaigh a thabhairt faoi deara anseo. Chinn an Coimisiún nár sháraigh an Roinn an dlí cosanta sonraí nuair a lorg sí faisnéis faoi na seirbhísí a bhí á soláthar do ghearánaithe i ndáil le cásanna ina raibh dlíthíocht oscailte. Mar sin féin, chinn an Coimisiún gurbh amhlaidh a sháraigh an Roinn an dlí cosanta sonraí nuair a chuir sí ceisteanna leathana arbh é an toradh a bhí orthu gur soláthraíodh faisnéis íogair faoi shaol príobháideach gearánaithe agus faoi shaol príobháideach a dteaghlaigh. Áiríodh leis an bhfaisnéis sin mionsonraí faoi phoist agus imthosca maireachtála an ghearánaí, faisnéis faoi dheacrachtaí pósta an ghearánaí agus, i gcás amháin, faisnéis a fuarthas go díreach ó dhochtúir faoi na seirbhísí a bhí á soláthar don ghearánaí.

Maidir leis an bpróiseáil a rinneadh ar fhaisnéis a fuarthas de bhun na gceisteanna leathana scóipe a seoladh chuig FSS chun féachaint le cás a shocrú, chinn an Coimisiún go raibh sí iomarcach agus díréireach maidir leis na haidhmeanna a bhí á saothrú ag an Roinn agus nach raibh sí riachtanach chun críocha na dlíthíochta. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nach raibh aon bhunús dleathach ann leis an bpróiseáil sin sna comhaid a scrúdaíodh agus gur sháraigh an Roinn prionsabal an íoslaghdaithe sonraí trí na sonraí pearsanta sin a phróiseáil.

Cé gur thug an Coimisiún faoi deara sa chinneadh uaidh go gceadaítear le halt 41 d'Acht 2018 sonraí pearsanta a athchuspórú i gcás go bhfuil "gá leis" agus go bhfuil sé "comhréireach" chun críocha comhairle dlí, éileamh dlíthiúil agus imeachtaí dlí, tá forlámhas ag Airteagal 6(4) RGCS ar dhlí na hÉireann, agus ní mór an tástáil comhoiriúnachta a chur i bhfeidhm go cothrom nuair atá rialaitheoirí ag iarraidh brath ar alt 41. Tá feidhm chothrom ag an anailís ar riachtanas agus ar chomhréireacht maidir le cur i bhfeidhm alt 41 d'Acht 2018.



# Na Cearta atá ag Ábhair Sonraí

## Réamhrá

Tá daoine aonair ina n-ábhair sonraí chun críocha an dlí cosanta sonraí, agus is ag gach ábhar sonraí atá cearta faoi Airteagail 12-22 agus Airteagal 34 RGCS. Ní dearbhcheart é aon cheart ar bith, áfach. Mar sin, cé go bhféadfaidh duine aonair a c(h)earta a fheidhmiú, féadfaidh rialaitheoirí sonraí srianta a chur ar na cearta sin go fóill. Luaitear an méid seo a leanas in Aithris 4 RGCS:

> **"Ní ceart glan é an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint; ní mór é a mheas i bhfianaise na feidhme atá aige sa tsochaí agus é a chothromú i gcoinne cearta bunúsacha eile, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta".**

I gcomhthéacs cumhdaigh aosach, ba cheart na cearta bunúsacha atá ag gach duine aonair, lena n-áirítear na cearta atá acu chun na beatha, chun cosaint a fháil ar dhíobháil, chun dínite, agus chun iomláine pearsanta/coirp, a chothromú go cuí le tosca a bhaineann leis an gceart chun sonraí pearsanta a chosaint.

Ní dhéanann imthosca an duine aonair aon difear don teidlíocht atá aige/aici chun na cearta cosanta sonraí atá aige/aici a fheidhmiú. Beag beann ar a staid mhaireachtála, ar an eolas atá acu ar a gcearta féin, ar an gcumas atá acu na cearta sin a fheidhmiú nó ar na srianta is féidir a fhorchur go dleathach ar na cearta atá acu, tá teidlíocht ag aosaigh atá i mbaol i ngach cás chun go seasfaí leis na cearta atá acu.

## Cearta a Fheidhmiú

Is pearsanta do dhaoine aonair atá cearta cosanta sonraí agus, i bhformhór na gcásanna, is iad na daoine aonair féin a fheidhmíonn iad. Tríd is tríd, má tá duine aonair ag iarraidh na cearta cosanta sonraí atá aige/aici a fheidhmiú, ní mór dó/di teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí ábhartha, agus breac-chuntas á thabhairt ar an gceart cosanta sonraí atá sé/sí ag iarraidh a fheidhmiú nó ar an ábhar imní cosanta sonraí atá aige/aici.

Cé gur minic a dhíreofar iarratais/fiosruithe den sórt sin chuig Oifigeach Cosanta Sonraí na heagraíochta (nó chuig an duine atá ainmnithe chun déileáil le fiosruithe cosanta sonraí), tarlóidh sé ó am go ham go seolfaidh ábhair sonraí an iarraidh chuig an duine aonair lena bhfuil sé/sí ag déileáil ag an am nó go seolfaidh sé/sí an fiosrú/an iarraidh atá aige/aici chuig ionadaí seirbhíse do chustaiméirí. Sna himthosca sin, táthar ag súil leis go bhfuair na daoine aonair a fhaigheann na hiarrataí sin dóthain oiliúna sa dlí cosanta sonraí óna n-eagraíocht chun a aithint gur iarraidh í ba cheart a sheoladh láithreach chuig Oifigeach Cosanta Sonraí na heagraíochta nó chuig an duine atá ainmnithe chun déileáil le fiosruithe cosanta sonraí ionas gur féidir leis an duine sin freagra a thabhairt laistigh den chreat ama ainmnithe atá leagtha amach faoi Airteagal 12 RGCS agus déileáil go pras leis an ní.

Ba cheart do rialaitheoirí sonraí a sholáthraíonn seirbhísí d'aosaigh atá i mbaol nó a théann i dteagmháil leo a thuiscint gur féidir nach mbeidh na daoine aonair sin ar an eolas faoin gceart beacht cosanta sonraí atá siad ag iarraidh a fheidhmiú nó gur féidir nach dtarraingeoidh siad an t-ábhar imní atá acu ar bhealach a fhágann gur léir láithreach gur saincheist cosanta sonraí é. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcuirfeadh eagraíochtaí oiliúint i gcosaint sonraí ar bhaill foirne ar fud na heagraíochta agus go

méadódh siad an fheasacht atá acu ina leith sin mar ábhar tosaíochta. Aithníonn an Coimisiún freisin nach bhfuil dóthain ball foirne nó dóthain acmhainne ag gach eagraíocht a théann i dteagmháil le haosaigh atá i mbaol chun Oifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh nó chun duine a ainmniú chun déileáil le cosaint sonraí. Léiríonn sé sin arís eile gur gá d'eagraíochtaí (is cuma cén mhéid atá iontu) dóthain oiliúna i gcosaint sonraí a chur ar gach ball foirne san eagraíocht ionas gur féidir leis an eagraíocht aon iarrataí nó aon ábhair imní a tharraingítear anuas a aithint agus freagra a thabhairt orthu go pras.

Maidir leo sin atá ag iarraidh an Ceart Rochtana atá acu a fheidhmiú, ní mór do rialaitheoirí sonraí freagra a thabhairt dóibh gan moill mhíchuí agus laistigh de mhí amháin ó dháta faighte na hiarrata. Ba cheart don rialaitheoir sonraí freagra a thabhairt a luaithe is féidir le réasún freisin ar aon fhiosrú cosanta sonraí a fhaightear ó ábhar sonraí, fiú amháin i gcás nach mbaineann an fiosrú sin le haon cheart a fheidhmiú. Moltar freisin go dtabharfadh an rialaitheoir sonraí freagra i scríbhinn, agus tá an Coimisiún ag súil leis go dtabharfaidh an rialaitheoir sonraí freagra atá mionsonraithe go cuí don ábhar sonraí.

Ar an gcéad ásc, ní mór d'ábhar sonraí a c(h)earta féin a fheidhmiú leis an rialaitheoir sonraí sula rachaidh sé/sí i muinín an Choimisiúin. Má chreideann ábhar sonraí nár déileáladh go leordhóthanach leis an iarraidh uaidh/uaithi, féadfaidh an t-ábhar sonraí gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún, agus é/í ag tabhairt breac-chuntas ar an mbunús atá leis an ngearán agus ag tabhairt cóipeanna don Choimisiún den chomhfhreagras a malartaíodh idir an t-ábhar sonraí agus an rialaitheoir sonraí. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ní ansin.

## An tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015

Ó am go ham, tagann duine aonair ar fhadhbanna maidir leis na cearta cosanta sonraí atá aige/aici a fheidhmiú i gcás go bhfuil cumas in easnamh ar an duine aonair sin ar bhealach éigin, a fhágann nach bhfuil sé/sí in ann na cearta cosanta sonraí atá aige/aici a fheidhmiú. Leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 ("Acht 2015"), arna leasú, soláthraítear roinnt sásraí lena bhféadtar cabhrú le hábhair sonraí na cearta atá acu a fheidhmiú. Áirítear leis sin na cearta cosanta sonraí atá acu a fheidhmiú.

Tháinig Acht 2015 i bhfeidhm an 26 Aibreán 2023, agus soláthraítear leis sásra dlíthiúil le haghaidh cinnteoireacht thacaithe. Leis an Acht, glactar cur chuige céimnithe i leith cumais, agus foráiltear do thoil agus roghanna an duine aonair seachas dá bhfuil chun a leasa féin. Mar aon le foráil a dhéanamh do thástáil fheidhmiúil chun measúnú a dhéanamh ar chumas, is leis na nithe seo a leanas a bhaineann roinnt de na príomhfhorálacha:

- Comhaontuithe um chuidiú cinnteoireachta;
- Comhaontuithe comhchinnteoireachta;
- Orduithe ionadaíocha cinnteoireachta.

Dá mbeadh aon socrú den sórt sin i bhfeidhm le haghaidh ábhar sonraí, bheifí ag súil leis nach mór dóibh sin a thugann cúnamh do dhuine aonair a chinntiú go dtugtar leis an socrú atá i bhfeidhm an t-údarú is gá chun cuidiú leis an duine aonair maidir leis na hábhair imní cosanta sonraí atá aige/aici. In éagmais socrú den sórt sin, féadfaidh an rialaitheoir sonraí measúnú rioscabhunaithe a dhéanamh ansin. Tá sé sin pléite a thuilleadh thíos.

## Airteagail 12-14, Trédhearcacht na Próiseála

Tá oibleagáid ar rialaitheoirí sonraí a bheith trédhearcach agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu. Ciallaíonn sé sin go bhfuil daoine aonair i dteideal a bheith ar an eolas faoi na nithe seo a leanas, i measc nithe eile: cé atá ag próiseáil a sonraí; conas atá a sonraí á bpróiseáil; cé na daoine a bhfuil a sonraí á gcomhroinnt leo; agus cén bunús dleathach atá ann do gach ceann de na gníomhaíochtaí próiseála sin. Is gnách go gcomhlíonann rialaitheoirí sonraí na hoibleagáidí trédhearcachta atá orthu trí Bheartas Príobháideachta nó Ráiteas/Fógra Príobháideachta nó Ráiteas Cosanta Sonraí a fhoilsiú ar a suíomh Gréasáin. Ba cheart mionsonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí (nó an duine aonair a bhféadfar fiosruithe cosanta sonraí a dhíriú chuige/chuici) a bheith leagtha amach go soiléir sna Beartais nó sna Ráitis sin. Tá feidhm aige sin maidir le gach eagraíocht, lena n-áirítear iad sin atá san earnáil dheonach nó carthanas. (Is féidir tuilleadh faisnéise maidir le Beartas Príobháideachta a ullmhú a fháil in "Aguisín 2" ar leathanach 72.)

Foráiltear le hAirteagal 12(3) RGCS gur laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil nach mór freagra a thabhairt ar aon iarraidh a dhéantar chuig an rialaitheoir sonraí maidir leis na cearta cosanta sonraí atá ag duine a fheidhmiú (faoi Airteagail 15 go 22). In imthosca an-teoranta, féadfaidh an rialaitheoir sonraí an tréimhse sin a fhadú go ceann dhá mhí eile ar a mhéad, ach ní mór dó/di an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas roimh dhul in éag an chreata ama míosa go bhfuil fadú ama ag teastáil, agus na cúiseanna atá leis sin á leagan amach.



## Airteagal 15: Ceart Rochtana don Ábhar Sonraí

Le hAirteagal 15 RGCS, tugtar an ceart d'ábhair sonraí rochtain a fháil ar fhaisnéis shonrach faoi phróiseáil a sonraí pearsanta, agus tugtar an ceart dóibh freisin cóip a fháil dá sonraí pearsanta. I gcás go n-iarrann duine aonair rochtain ar a s(h)onraí pearsanta, ba cheart aon fhaisnéis íogair, lena n-áirítear sonraí de chuid Airteagail 9 agus 10, a bhreithniú laistigh de raon feidhme na hiarrata.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur féidir gurb ionann faisnéis faoi chumhdach agus sonraí sláinte nó sonraí oibre sóisialta an ábhair sonraí. Sa chás sin, ba cheart don eagraíocht measúnú a dhéanamh ar cé acu ba dhóigh nó nár dhóigh go ndéanfaí díobháil thromchúiseach do shláinte fhisiciúil nó mheabhrach an ábhair sonraí nó dá riocht mothúchánach dá dtabharfaí rochtain ar na sonraí. Is leis na Rialacháin fán Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Modhnú Rochtana) (Sláinte), 2022 (I.R. Uimh. 121/2022), agus leis na Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí (Modhnú Rochtana) (Obair Shóisialach), 1989 (I.R. Uimh. 83/1989), a rialaítear rochtain ar an gcineál sonraí sin. Ba cheart d'eagraíochtaí cumhdaigh eolas a chur ar na rialacháin sin chun a chinntiú go láimhseáiltear go cuí iarrataí ar rochtain ar shonraí pearsanta.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an treoir ón gCoimisiún dar teideal Iarratas Duine ar a Shonraí: Treoir an Rialaitheora Sonraí.


## Airteagal 16, An Ceart go nDéanfaí Ceartúcháin

Foráiltear leis an Airteagal seo do shonraí míchruinne atá á bpróiseáil ag an rialaitheoir sonraí a cheartú. Chun críocha RGCS, beidh sonraí pearsanta míchruinn má tá siad mícheart mar fhíoras. Tá sé sin ag teacht le prionsabal an chruinnis atá in Airteagal 5(1)(d), ar faoina bhun nach mór sonraí a choinneáil cruinn agus cothrom le dáta.

Go bunúsach, foráiltear le hAirteagal 16 RGCS do dhá rud:

1. Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí go gceartóidh an rialaitheoir sonraí sonraí pearsanta míchruinne a bhaineann leis nó léi gan aon mhoill mhíchuí. Mar shampla, má tá ainm, seoladh nó dáta breithe an ábhair sonraí mícheart, ba cheart é a cheartú;

2. Agus na críocha dá ndearnadh an phróiseáil á gcur san áireamh, beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí go ndéanfar sonraí pearsanta neamhiomlána a chomhlánú, lena n-áirítear trí bhíthin ráiteas forlíontach a sholáthar. Más rud é, mar shampla, go bhfuil úsáideoir seirbhíse míshásta le tuairim liachta agus go bhfuil sé/sí ag iarraidh go gceartófaí an tuairim sin, ní dócha go dtarlóidh sé sin, toisc gur tuairim chliniciúil í tuairim liachta agus gurb an-teoranta atá na himthosca faoina bhféadfar tuairim liachta a cheartú, más rud é go bhféadfar í a cheartú ar chor ar bith; mar sin féin, mura gcomhaontaíonn duine aonair leis an tuairim liachta atá ar a c(h)omhad, féadfar an méid sin a thabhairt faoi deara trí ráiteas forlíontach a chur leis an gcomhad. Is féidir tuilleadh treorach maidir le taifid liachta a cheartú (agus a léirscriosadh) a fháil anseo.



## Airteagal 17, An Ceart go nDéanfaí Léirscriosadh ('an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad')

Foráiltear leis an Airteagal seo don cheart atá ag an ábhar sonraí chun a shocrú go ndéanfadh an rialaitheoir sonraí a s(h)onraí pearsanta a léirscriosadh in imthosca áirithe. Leagtar amach in Airteagal 17(1) RGCS na bunúis ar a bhféadfar sonraí a léirscriosadh i gcás go bhfuil feidhm ag ceann amháin de na forais seo a leanas:

1. I gcás nach bhfuil do shonraí pearsanta riachtanach a thuilleadh i ndáil leis na críocha ar chucu a bailíodh iad nó a próiseáladh iad.
2. I gcás go dtarraingíonn tú do thoiliú leis an bpróiseáil siar agus nach bhfuil aon bhunús dleathach eile ann le haghaidh na sonraí a phróiseáil.
3. I gcás go ndéanann tú agóid i gcoinne na próiseála agus nach ann d'fhorais dhlisteanacha sháraitheacha le leanúint ar aghaidh leis an bpróiseáil (féach na heisceachtaí faoi Airteagal 17(3), atá leagtha amach thíos).
4. I gcás go ndéanann tú agóid i gcoinne na próiseála agus go bhfuil do shonraí pearsanta á bpróiseáil chun críocha margaíochta dírí.
5. I gcás go ndearnadh próiseáil neamhdhleathach ar do shonraí pearsanta.
6. I gcás gur gá do shonraí pearsanta a léirscriosadh chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoin dlí náisiúnta.
7. I gcás gur bailíodh do shonraí pearsanta i ndáil le seirbhísí na sochaí faisnéise (e.g., na meáin shóisialta) a thairiscint do leanbh.

Tá imthosca áirithe ann nach mbeidh feidhm ag an gceart go ndéanfaí ligean i ndearmad iontu. Tá na himthosca sin leagtha amach faoi Airteagal 17(3) RGCS:

- Chun an ceart ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a fheidhmiú.
- Chun go gcomhlíonfar oibleagáid dhlíthiúil a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoin dlí náisiúnta nó chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil.
- Ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí (féach Airteagal 9(2)(h) agus (i) agus Airteagal 9(3) RGCS).
- Chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh.
- Éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

## Srianta le cearta

Ní dearbhcheart é an ceart chun cosaint sonraí. Ní mór é a chothromú i gcónaí i gcoinne luachanna eile, cearta bunúsacha, chearta an duine, nó leasanna poiblí agus príobháideacha, agus is féidir go mbeidh imthosca ann ina bhfuil forais ag eagraíocht le diúltú d'iarraidh ó dhuine aonair na cearta cosanta sonraí atá aige/aici a fheidhmiú.

Tá teorainneacha áirithe sna cearta cosanta sonraí atá leagtha amach in RGCS. Mar shampla, níor cheart don cheart atá agat do shonraí pearsanta a rochtain dochar a dhéanamh do na cearta ná na saoirsí atá ag daoine eile faoi Airteagal 15(4) RGCS. Níl feidhm ag cearta áirithe cosanta sonraí ach amháin in imthosca áirithe. Mar shampla, níl feidhm ag an gceart go ndéanfaí léirscriosadh ('an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad') ach amháin faoi choinníollacha áirithe, amhail i gcás nach bhfuil gá leis na sonraí pearsanta a thuilleadh chun na críche ar chuici a bailíodh iad. I gcásanna áirithe an-teoranta, ceadaítear le RGCS d'eagraíochtaí táille réasúnach a ghearradh i leith freagra a thabhairt ar iarraidh, nó diúltú gníomhú de bhun iarrata, fiú, i gcás gur follasach go bhfuil an iarraidh iomarcach nó gan bhunús.

Cé go gceadaítear le RGCS srianta breise a chur le cearta cosanta sonraí sa dlí náisiúnta, ní mór do na srianta sin cloí le liosta uileghabhálach ceanglas, éirim na gceart bunúsach agus na saoirsí bunúsacha atá ag daoine aonair a urramú, agus a bheith riachtanach agus comhréireach chun cuspóirí áirithe a bhfuil leas sochaíoch nó leas ginearálta pobail ag baint leo a choimirciú. Baineann roinnt de na srianta atá san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, le próiseáil a chuirtear i gcrích chun éilimh dhlíthiúla a fheidhmiú nó a chosaint agus le sonraí pearsanta a bhaineann le tuairim a tugadh ar mhodh rúin.

**Mar shampla**, faoi Airteagal 15 RGCS, tá sé de cheart ag ábhar sonraí rochtain ar shonraí pearsanta a bhaineann leis/léi agus atá á bpróiseáil a fháil ó rialaitheoir sonraí. Ní mór don rialaitheoir sonraí freagra a thabhairt ar iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí gan moill mhíchuí agus, i gcás ar bith, laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil. Le halt 60(3)(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, áfach, foráiltear nach gcumhdaítear leis an gceart chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta sonraí arb éard atá iontu léiriú tuairime i dtaobh an ábhair sonraí, arna cur in iúl ag duine eile, ar mhodh rúin nó ar an mbonn tuisceana gur ar mhodh rúin a dhéileálfaí léi, do dhuine a bhfuil leas dlisteanach aige/aici san fhaisnéis a fháil.

- Ní chumhdaítear leis an díolúine seo faisnéis atá de chineál fíorasach. Ní chumhdaítear léi ach an chuid den fhaisnéis ar léiriú tuairime í;
- Ní mór do rialaitheoir sonraí a chinntiú go bhfuil bunús láidir aige/aici don mhaíomh ionas go bhféadfaidh sé/sí brath ar an díolúine seo;
- An fíoras go bhféadfaidh an díolúine seo a bheith ag gabháil le tuairim a tugadh ar mhodh rúin, ní chiallaíonn sé go bhfuil na sonraí pearsanta eile atá sa doiciméad céanna díolmhaithe ón gceart rochtana ar an mbealach céanna;

- Ní fhéadfaidh an rialaitheoir sonraí ach an chuid de na sonraí a bhfuil feidhm ag an díolúine maidir leo go bailí a fholú;
- Níl faisnéis ar faisnéis rúnda í díolmhaithe ó iarraidh rochtana, agus ní fhéadfaidh an rialaitheoir sonraí brath ar an díolúine seo, ar díolúine í a bhaineann le tuairim a tugadh ar mhodh rúin;
- Ní mór do thuairim a tugadh ar mhodh rúin ar an tuiscint go gcoimeádfar faoi rún í ardtairseach rúndachta a chomhlíonadh;
- Ní hé an toradh a bheidh ar an bhfocal 'rúnda' a chur ar bharr aon leathanaigh, agus air sin amháin, go ndéanfar doiciméad rúnda go huathoibríoch den doiciméad lena mbaineann.

Ní mór d'eagraíocht freagra a thabhairt ar iarraidh cosanta sonraí laistigh de mhí amháin i ngach cás, fiú amháin i gcás go gcreideann sí go bhfuil forais aici le diúltú di. I gcás go ndiúltaíonn eagraíocht d'iarraidh nó go ndiúltaíonn sí go páirteach di, ní mór di a leagan amach go soiléir sa fhreagra uaithi cén teorainn nó cén srian ar a bhfuil sí ag brath chun diúltú gníomhú de bhun na hiarrata, mar aon leis na cúiseanna atá aici le gan aon ghníomh a dhéanamh. Chomh maith leis sin, ní mór di an duine aonair a chur ar an eolas faoin gceart atá aige/aici gearán a thaisceadh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí nó leigheas breithiúnach a lorg.



# Sonraí a Chomhroinnt


## Réamhrá

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur fairsing atá an comhthéacs ar laistigh de a thagann saincheisteanna cumhdaigh aosach chun cinn agus nach ann d'aon liosta teoranta cásanna ina dtabharfar aghaidh ar gach ceann de na himthosca sin; dá bhrí sin, níl aon fhreagra 'uileghabhálach' ann ar conas agus cén uair a fhéadfar sonraí pearsanta a chomhroinnt idir eagraíochtaí. Ciallaíonn sé sin gurb ionann aon chomhroinnt sonraí le tríú páirtí agus próiseáil chun críocha an dlí cosanta sonraí, agus ní mór próiseáil den sórt sin a bheith ar aon dul le prionsabail bhunaithe faoi RGCS. Dá bhrí sin, sula gcomhroinnfear aon sonraí pearsanta, beidh sé de dhualgas ar rialaitheoirí sonraí breithniú a dhéanamh ar na bunphrionsabail de RGCS lena gcuirfear bonn eolais faoina bpróisis chinnteoireachta.

Mar aon leis na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal 5 RGCS, mar atá breithnithe thuas, a chomhlíonadh ina n-iomláine, ní mór bunús dleathach a bheith ag gach gníomhaíocht próiseála faoi Airteagal 6 RGCS. Má tá sonraí catagóire speisialta á bpróiseáil, ní mór do phróiseáil den sórt sin teacht freisin faoi cheann amháin de na heisceachtaí ceadaithe faoi Airteagal 9(2) RGCS chun go mbeidh sí dleathach. Uaireanta, laistigh den chomhthéacs cumhdaigh, is féidir go dtiocfaidh staid chun cinn a fhágfaidh go mbeidh sé riachtanach próiseáil bhreise a dhéanamh ar shonraí, ar próiseáil í nach raibh intuartha nuair a cinneadh an bunús dleathach don phróiseáil tosaigh ar shonraí pearsanta. Mar shampla, is féidir go dtiocfaidh i seilbh rialaitheora sonraí faisnéis a bhaineann le haosach soghonta agus lena ndéantar difear don chaidreamh agus don teagmháil atá aige/aici leis an duine sin, agus is féidir go mbeidh ar an rialaitheoir sonraí sonraí a chomhroinnt le tríú páirtí. Is féidir go n-áireofar leis sin sonraí pearsanta, sonraí catagóire speisialta nó sonraí a d'fhéadfaí a mheas a bheith ina bhfaisnéis 'ardriosca', amhail sonraí a bhaineann le ciontú coiriúil nó líomhain de chineál coiriúil, a chomhroinnt. Má thagann cás den sórt sin chun cinn, beidh ar rialaitheoirí sonraí scrúdú a dhéanamh ar an mbunús dleathach atá acu don ghníomh nua próiseála sin, is é sin: sonraí a chomhroinnt le tríú páirtí. Beidh ar an rialaitheoir sonraí breithniú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil comhroinnt na sonraí, mar ghníomh próiseála, ag teacht leis an mbunús dleathach reatha. Mura bhfuil, is féidir go dteastóidh bunús dleathach ar leith uaidh/uaithi chun na sonraí sin a chomhroinnt. Tabhair faoi deara go luaitear mar a leanas in Airteagal 5(1)(b) maidir le sonraí pearsanta:

> **'déanfar iad a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin'**

Is féidir go mbeidh imní ar rialaitheoirí sonraí nach bhfuil toiliú an ábhair sonraí acu chun sonraí an ábhair sonraí a chomhroinnt le tríú páirtí. Mar atá leagtha amach thuas, áfach, níl i dtoiliú ach bunús dleathach amháin, agus is féidir go mbeidh rialaitheoirí sonraí in ann brath ar cheann amháin de na bunúis dhleathacha eile, a fhágann nach mbeidh orthu brath ar thoiliú ar an gcéad ásc. Is féidir go mbeidh rialaitheoirí sonraí in ann brath ar an mbunús dleathach arb éard é leas an phobail nó leas dlisteanach. Agus an méid sin á dhéanamh acu, áfach, ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil siad ag brath go bailí ar an mbunús sin, agus ní mór dóibh a bheith in ann a léiriú cén dóigh agus cén fáth a bhfuil feidhm ag an mbunús dleathach sin..



### Tosca atá le breithniú ag rialaitheoirí sonraí sula gcomhroinnfidh siad sonraí:

Ba cheart do rialaitheoirí sonraí na pointí seo a leanas a bhreithniú gach uair atá siad ag smaoineamh faoi shonraí pearsanta a chomhroinnt le tríú páirtí, toisc gur dócha go mbeidh gach cás difriúil le chéile. Tabhair faoi deara nach liosta uileghabhálach tosca é seo:

- An bhfuil bunús dleathach agam faoi Airteagal 6 chun na sonraí seo a chomhroinnt?
- An bhfuil bunús dleathach agam faoi Airteagal 9 chun na sonraí seo a chomhroinnt (más gá)?
- An sonraí de chuid Airteagal 10 iad na sonraí atáim ag iarraidh a chomhroinnt?
- An bhfuil sé riachtanach an fhaisnéis seo a chomhroinnt?
- An bhfuil na sonraí atá sé beartaithe agam a chomhroinnt ábhartha maidir leis an ábhar imní?
- An bhfuil an méid sonraí atá sé beartaithe agam a chomhroinnt comhréireach leis an aidhm nó leis an gcuspóir atá agam?
- Cé na daoine lena gcomhroinnfidh mé an fhaisnéis seo?
- An gcomhroinnfidh an tríú páirtí an fhaisnéis seo le haon duine?
- Ní mór dom a chinntiú go bhfuil na sonraí slán: cé na sásraí trína dtarchuirfear iad?
- An féidir liom an fhaisnéis a chomhroinnt ar bhonn anaithnidithe agus an cuspóir luaite a bhaint amach an tráth céanna?
- An ndearna mé measúnú rioscabhunaithe agus ar dhoiciméadaigh mé an measúnú sin?

### Tosca le haghaidh measúnú rioscabhunaithe::

Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith i measc na dtosca le haghaidh measúnú rioscabhunaithe (ní liosta uileghabhálach é seo):

- Cén chríoch ar chuici a bailíodh na sonraí ar an gcéad ásc?
- Cé na bunúis dhleathacha a bhféadfadh feidhm a bheith acu maidir leis an bpróiseáil bheartaithe bhreise ar na sonraí seo?
- Cé na daoine dá bhfuil na sonraí á nochtadh?
- An bhfuil aon fhorálacha reachtúla ann lena rialaítear an phróiseáil bheartaithe ag an rialaitheoir sonraí?
- Cé na daoine a ndéanfar difear dóibh mar thoradh ar an gcinneadh chun an fhaisnéis a chomhroinnt nó gan í a chomhroinnt?
- Cé na rioscaí a thiocfaidh chun cinn mar thoradh ar an gcinneadh chun an fhaisnéis a chomhroinnt nó gan í a chomhroinnt, agus cé na daoine a bheidh faoi réir na rioscaí sin?
- Cén cineál rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn?
- Cé na tairbhí a fhabhróidh chuig na daoine a ndéanfaidh comhroinnt na sonraí difear dóibh?
- Cén dochar a dhéanfar do na daoine sin a ndéanfaidh comhroinnt na sonraí difear dóibh?
- An féidir an cuspóir atá agat a bhaint amach gan aon sonraí pearsanta a chomhroinnt?
- An féidir leat an méid sonraí pearsanta atá le comhroinnt a laghdú?
- Cé na daoine ar féidir gur gá iad a chur ar an eolas faoi chomhroinnt na sonraí?

Bunaithe ar an méid thuas, beidh ar rialaitheoirí sonraí na cearta atá ag daoine aonair maidir le próiseáil a sonraí pearsanta a chothromú le haon ábhair imní shainaitheanta atá ag tríú páirtithe maidir le cumhdach. Sna himthosca sin, beidh sé de dhualgas ar rialaitheoirí sonraí riachtanas, comhréireacht agus ábharthacht aon chineáil próiseála a lárú a mhéid a bhaineann leis na cearta atá ag gach ábhar sonraí.

## Ábhair Imní a Dhoiciméadú Sula gComhroinnfear Sonraí le Tríú Páirtithe

Le linn a gcuid oibre le haosaigh atá i mbaol, is féidir go dtiocfaidh faisnéis íogair i seilbh rialaitheoirí sonraí, lena n-áirítear sonraí de chuid Airteagal 10 a bhaineann le gníomhaíocht choiriúil nó le gníomhaíocht choiriúil líomhnaithe. Is minic is "faisnéis bhog" a bheidh san fhaisnéis sin, áit a gcuirtear ábhair imní nó líomhaintí in iúl maidir le duine, gan aon fhianaise fhíorasach a bheith i láthair. Mar shampla, d'fhéadfadh ball teaghlaigh le haosach atá in ionad cónaithe a thuairisciú gur cúisíodh cónaitheoir eile i gcionta gnéasacha nó go bhfuil cáil air/uirthi sa phobal mar chiontóir líomhnaithe. Má dhéanann an eagraíocht an "fhaisnéis bhog" sin a scríobh síos nó a thaifeadadh, is sonraí pearsanta a bheidh inti chun críocha an dlí cosanta sonraí, agus ní mór í a phróiseáil dá réir sin.

Tá sé tábhachtach an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- Ar aon dul le hAirteagal 5(1)(b) RGCS, níor cheart sonraí pearsanta a bhailiú ach amháin chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha. Dá bhrí sin, níor cheart an cineál faisnéise sin a bhailiú ach amháin i gcás go bhfuil fíorghá ann le déanamh amhlaidh. An fhaisnéis a sholáthraítear faoi dhuine sa chomhthéacs atá tuairiscithe thuas, cruthaítear léi ábhar imní maidir le cumhdach ar féidir gur gá don eagraíocht gníomhaíocht a dhéanamh ina leith. Mura bhfuil aon chríoch shainaitheanta ann chun an fhaisnéis sin a úsáid, áfach, níor cheart í a choinneáil ná a thaifeadadh.

- Foráiltear le hAirteagal 5(1)(d) RGCS go bhfuil oibleagáid ar eagraíochtaí sonraí a phróiseáil go cruinn. Mar sin, tá sé tábhachtach faisnéis a chatagóiriú i gceart. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aon líomhain nó clostrácht maidir le hiompraíocht duine a dhoiciméadú mar sin, seachas mar ráiteas fíor. Cé nach bhféadfaidh an eagraíocht neamhaird a dhéanamh le réasún den fhaisnéis má mheastar go gcruthaítear léi fíorábhar imní maidir le cumhdach, níor cheart di taifead míchruinn a chruthú i ndáil leis an duine lena mbaineann, go háirithe i gcás go bhfuil sonraí de chuid Airteagal 10 i gceist.



Ceanglófar ar rialaitheoirí sonraí freisin coimircí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go láimhseáiltear go cuí faisnéis íogair den chineál atá i gceist thuas. Is féidir go mbeidh na coimircí sin ina mbearta teicniúla agus ina mbearta eagraíochtúla araon (tabhair faoi deara nach liosta uileghabhálach é sin):

Maidir le **bearta teicniúla**, is féidir go mbeidh na samplaí seo a leanas ábhartha:

- Ba cheart rochtain ar na taifid dhigiteacha a theorannú do dhaoine aonair áirithe chun a chinntiú nach bhfuil cead ach ag baill foirne údaraithe chun amharc ar thaifid ina ndéileáiltear le faisnéis atá fíoríogair, lena n-áirítear sonraí de chuid Airteagal 10, nó chun na taifid sin a leasú;

- Ba cheart sásraí logála a bheith i bhfeidhm lena dtaifeadtar cé a fuair rochtain ar na sonraí, cén uair a fuarthas rochtain orthu, cén fáth a bhfuarthas rochtain orthu, agus cé na leasuithe a rinneadh orthu, más ann;

- Sonraí pearsanta a incriptiú a bhaineann le faisnéis íogair sa chomhthéacs seo;

- Slándáil fheabhsaithe gléasanna, i gcás trealamh TFC ar féidir go n-úsáidfear é chun rochtain a fháil ar fhaisnéis íogair;

- Na sonraí pearsanta a chur faoi ainm bréige, chun sainaithint na ndaoine aonair atá i gceist a theorannú.

Maidir le **bearta eagraíochtúla**, is féidir go mbeidh na samplaí seo a leanas ábhartha sa chomhthéacs seo:

- Oiliúint shonrach foirne maidir le sonraí an-íogair agus sonraí de chuid Airteagal 10 a láimhseáil;

- Rochtain ar thaifid fhisiciúla ina bhfuil sonraí an-íogair agus sonraí de chuid Airteagal 10 a theorannú do na baill foirne sin a bhfuil géarghá acu léi.

I gcomhthéacs cumhdaigh aosach, is féidir go mbeidh ar an rialaitheoir sonraí gníomhartha a dhéanamh a bheidh bunaithe ar na sonraí an-íogair nó na sonraí de chuid Airteagal 10 a cuireadh in iúl dó/di. Is faoin rialaitheoir sonraí atá sé an méid sin a chinneadh i gcomhthéacs cumhdaigh aosach, agus ní nithe cosanta sonraí iad na gníomhartha sin. Tá an ghné cosanta sonraí den ábhar imní sin teoranta don dóigh a bpróiseáiltear na sonraí. Dá bhrí sin, ó thaobh cúrsaí cosanta sonraí de, mura bhfuil sé fíor-riachtanach go mbeadh na baill foirne a ghabhann do na gníomhartha sin a chur chun feidhme ar an eolas faoi na sonraí nua sin, níor cheart dóibh rochtain a bheith acu orthu. Is féidir go mbeidh baill foirne, cónaitheoirí eile agus cuairteoirí in ann faisnéis íogair áirithe faoi chónaitheoir a thuiscint as na gníomhartha cumhdaigh a cuireadh chun feidhme, i.e., rialú ar shuíomh fisiciúil an chónaitheora nó na baill foirne cúraim atá sannta dó/di.  Is é an rud atá tábhachtach chun críocha an dlí cosanta sonraí ná nár cheart dóibh sin nach bhfuil i dteideal an fhaisnéis sin a rochtain a bheith in ann í a rochtain, fiú amháin i gcás go bhfuil na gníomhartha atá á gcur chun feidhme bunaithe ar an bhfaisnéis sin.

## Sonraí Íogaire, lena n-áirítear Sonraí de chuid Airteagal 10, a Chomhroinnt

Ag gníomhú dóibh ina gcáil mar rialaitheoirí sonraí, is féidir go mbeidh eagraíochtaí cumhdaigh ag iarraidh ó am go ham faisnéis íogair, lena n-áirítear sonraí de chuid Airteagal 10, a chomhroinnt le heagraíochtaí eile nó faisnéis den sórt sin a lorg ó eagraíochtaí eile.

**Seo a leanas roinnt imthosca ina bhféadfadh cásanna den sórt sin teacht chun cinn:**

- Imthosca ina bhfuil cónaitheoir ag bogadh chuig suíomh nua agus inar cinneadh gur bagairt é/í ar shábháilteacht cónaitheoirí eile mar gheall ar fhaisnéis a bhfuil a (h)eagraíocht cumhdaigh reatha ar an eolas fúithi.
- Imthosca ina bhfuil rialaitheoir sonraí ag iarraidh faisnéis faoi chónaitheoir a shoiléiriú le comhlacht eile nó leis an nGarda Síochána chun measúnú iomlán a dhéanamh ar ghníomhartha cumhdaigh.

Mar atá leagtha amach thuas, ní mór don rialaitheoir sonraí a bheith deimhin de go bhfuil bunús dlí aige/aici faoi Airteagal 6(1) RGCS chun an fhaisnéis atá á lorg a phróiseáil. Ciallaíonn sé sin nach mór an fhaisnéis atá i gceist a bheith fíor-riachtanach chun feidhm shonrach dhlisteanach de chuid na heagraíochta a chomhlíonadh. I gcásanna den sórt sin, ceadaítear le halt 55(1)(b)(iv) d'Acht 2018 sonraí a phróiseáil faoi réir bearta oiriúnacha sonracha a chur i bhfeidhm chun rúndacht na sonraí a chosaint agus chun a chinntiú go gcomhlíontar na prionsabail um chosaint sonraí. Beidh ar an rialaitheoir sonraí an bunús dleathach atá aige/aici faoi Airteagal 6(1) RGCS a shainaithint freisin.

Agus comhroinnt sonraí á breithniú sa chomhthéacs sin, níor cheart ach an méid sonraí atá fíor-riachtanach chun an chríoch shonrach dhlisteanach a sainaithníodh a chomhlíonadh a chomhroinnt idir na heagraíochtaí. Mar shampla, is féidir gur leor d'eagraíocht amháin a dheimhniú d'eagraíocht eile go ndearnadh gníomhartha cumhdaigh ar leith i ndáil le duine aonair gan aon mhionsonraí ar leith a nochtadh di, nó is féidir gur leor d'eagraíocht amháin a dheimhniú go sealbhaíonn sí faisnéis den chineál céanna.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil aon oibleagáid ar eagraíocht amháin faoi alt 55(1)(b)(iv) sonraí pearsanta a chomhroinnt le heagraíocht eile. Cé go gceadaítear leis an alt sin sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch atá leagtha amach, tá lánrogha ag an eagraíocht lena mbaineann maidir le cé acu a chomhroinnfidh nó nach gcomhroinnfidh sí aon sonraí.

Ceann amháin de na cúiseanna ar féidir nach mbeidh rialaitheoir sonraí ag iarraidh na sonraí a chomhroinnt is ea ábhair imní a bhaineann leis an dlí cosanta sonraí a chomhlíonadh. Mar atá leagtha amach anseo, áfach, ní chuirtear leis an dlí cosanta sonraí aon chosc ar shonraí a chomhroinnt i gcomhthéacs cumhdaigh aosach. Ina ionad sin, is é an rud a cheanglaítear leis an dlí cosanta sonraí ná go mbeadh an chomhroinnt dleathach, ábhartha agus riachtanach agus gur bheart comhréireach í chun cuspóirí an rialaitheora sonraí a bhaint amach, amhail aosaigh atá i mbaol a chumhdach.

Sa bhlagphostáil ón gCoimisiún maidir le 'Mainneachtain faisnéis a chomhroinnt le teach altranais faoi chiontuithe coiriúla cónaitheora', tugtar sampla de conas is féidir alt 55(1)(b)(iv) a chur i bhfeidhm sa chleachtas.

## Conclúid

Is creataí prionsabalbhunaithe iad na creataí reachtacha cosanta sonraí, agus tá sé de fhreagracht ar rialaitheoirí sonraí na prionsabail sin a chur chun feidhme trí chur chuige rioscabhunaithe a ghlacadh lena gcuirtear cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála san áireamh. Eascraíonn na hábhair imní maidir le cumhdach a dtugtar aghaidh orthu sa treoirnóta seo as breithniú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le leasanna aosach atá i mbaol a chothromú. Is leasanna iad sin a bhíonn san iomaíocht le chéile ó am go ham. Leis an reachtaíocht cosanta sonraí, ceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí, is cuma cé acu atá siad san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach nó san earnáil dheonach nó carthanas, bearta a chur chun feidhme chun a chinntiú go gcomhlíontar an dlí cosanta sonraí (prionsabal na cuntasachta) agus chun a bheith in ann an comhlíonadh sin a léiriú. Chun na críche sin, maidir le cinntí a dhéantar ar bhonn measúnuithe riosca, tá sé ríthábhachtach go ndoiciméadófaí go soiléir iad gach uair a phróiseáiltear sonraí pearsanta a bhaineann le hiompraíocht daoine aonair, go háirithe i gcás go bpróiseáiltear sonraí a bhaineann le ciontuithe coiriúla nó cionta (nó líomhaintí maidir leis an gcéanna).



# Ceisteanna Coitianta



# CEISTEANNA COITIANTA

## Ábhair Imní Ghinearálta maidir le Comhroinnt Sonraí

**1. Oibrím in ionad cúram sláinte mar oibrí sóisialta. Nílim cinnte an bhféadfaidh mé faisnéis a chomhroinnt le tríú páirtí agus, más rud é go bhféadfaidh mé déanamh amhlaidh, nílim cinnte cá mhéad faisnéise a fhéadfaidh mé a chomhroinnt. Cé na daoine ar cheart dom ceist a chur orthu maidir leis sin?**

Ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí d'eagraíochta (nó an duine aonair atá sannta chun déileáil le saincheisteanna cosanta sonraí, mura bhfuil aon Oifigeach Cosanta Sonraí ann) mura bhfuil tú cinnte faoi cé acu ba cheart nó nár cheart duit faisnéis a nochtadh. Is é d'Oifigeach Cosanta Sonraí do chéad phointe teagmhála maidir le haon fhiosruithe cosanta sonraí, agus is féidir leis an duine sin comhairle a chur ort maidir le conas nó cén uair ba cheart faisnéis a chomhroinnt.

**2. Agus an riosca a bhaineann le sonraí pearsanta cliaint a chomhroinnt le tríú páirtí á mheasúnú, cé na nithe ba cheart dúinn a bhreithniú?**

Tabhair faoi deara nach liosta uileghabhálach é an méid seo a leanas agus gur féidir gur gá tosca eile a bhreithniú. Tabhair faoi deara freisin gur dócha go mbeidh gach staid sonrach do na fíorais agus don chás.

Ba cheart don rialaitheoir sonraí measúnú rioscabhunaithe a dhéanamh agus a dhoiciméadú agus, le linn dó/di é sin a dhéanamh, ba cheart dó/di na nithe seo a leanas a bhreithniú ar a laghad:

- ✓ Cén chríoch ar chuici a bailíodh na sonraí ar an gcéad ásc?
- ✓ Cé na bunúis dhleathacha a bhféadfadh feidhm a bheith acu maidir leis an bpróiseáil bheartaithe bhreise ar na sonraí seo?
- ✓ Cé na daoine dá bhfuil na sonraí á nochtadh?
- ✓ An bhfuil aon fhorálacha reachtúla ann lena rialaítear an phróiseáil nó an chomhroinnt bheartaithe sonraí pearsanta ag an rialaitheoir sonraí?
- ✓ Cé na daoine a ndéanfar difear dóibh mar thoradh ar an gcinneadh chun an fhaisnéis a chomhroinnt nó gan í a chomhroinnt?
- ✓ Cé na rioscaí a thiocfaidh chun cinn mar thoradh ar an gcinneadh chun an fhaisnéis a chomhroinnt nó gan í a chomhroinnt, agus cé na daoine a bheidh faoi réir na rioscaí sin?
- ✓ Cén cineál rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn?
- ✓ Cé na tairbhí a fhabhróidh chuig na daoine a ndéanfaidh comhroinnt na sonraí difear dóibh?
- ✓ Cén dochar a dhéanfar do na daoine sin a ndéanfaidh comhroinnt na sonraí difear dóibh?

- ✓ An féidir an cuspóir atá agat a bhaint amach gan aon sonraí pearsanta a chomhroinnt?
- ✓ An féidir leat an méid sonraí pearsanta atá le comhroinnt a laghdú?
- ✓ Cé na daoine ar féidir gur gá iad a chur ar an eolas faoi chomhroinnt na sonraí?

Cé go bhfuil sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis na sonraí a chomhroinnt, ní mór do rialaitheoir sonraí a chuimhneamh freisin go bhfuil sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le gan na sonraí a chomhroinnt.

**Sampla**

Ag gníomhú dó thar ceann a mhic fhásta a fhreastalaíonn ar choinní tráthrialta le soláthraí cúram meabhairshláinte, d'iarr tuismitheoir cóip de sceideal coinní a mhic chun cabhrú leis freastal ar a choinní. Chaill an t-aosach soghonta roinnt coinní san am atá thart, agus tá aithne ag an soláthraí cúram sláinte ar an tuismitheoir agus is eol dó go bhfuil ról ag an tuismitheoir maidir le cúnamh a thabhairt dá leanbh fásta.

Ar an gcéad ásc, ba cheart don soláthraí cúram sláinte breithniú a dhéanamh ar thoil agus rogha an aosaigh shoghonta arb é a othar é agus ar cé acu atá nó nach bhfuil cumas aige comhaontú leis an bhfaisnéis sin a chomhroinnt lena thuismitheoir.

Is féidir gur fiú don soláthraí cúram sláinte breithniú a dhéanamh freisin ar an riosca a bhaineann leis na sonraí sin a chomhroinnt le tuismitheoir an othair agus le gan iad a chomhroinnt leis araon. Ba cheart don soláthraí cúram sláinte breithniú a dhéanamh ar an gcúram sláinte atá á fháil ag an othar agus leas an othair agus an cinneadh sin á dhéanamh aige. Mar sin, agus aird á tabhairt ar na tosca atá leagtha amach thuas, is féidir leis measúnú rioscabhunaithe a dhéanamh le linn dó a chinneadh cé acu a eiseoidh nó nach n-eiseoidh sé an fhaisnéis chuig an tuismitheoir. Ba cheart measúnú den sórt sin a thaifeadadh i scríbhinn, agus ba cheart an t-aosach soghonta a choinneáil ar an eolas ag gach céim den phróiseas.

## 3. Ar cheart dom taifead a choinneáil ar an gcinneadh a rinne mé faisnéis a chomhroinnt nó gan í a chomhroinnt?

Ba cheart. I ngach cás, ba cheart duit an cinneadh a rinne tú faisnéis nó sonraí pearsanta a chomhroinnt nó gan í nó iad a chomhroinnt agus na cúiseanna le cibé gníomhaíocht a rinne tú a dhoiciméadú.

Ba cheart duit an fhaisnéis nó na sonraí pearsanta a comhroinneadh a dhoiciméadú freisin, á léiriú cé na daoine ar comhroinneadh an fhaisnéis nó na sonraí pearsanta leo i gcomhréir le beartais agus nósanna imeachta na heagraíochta.

Tá sé de cheart ag duine aonair gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí má chreideann sé/sí gur sáraíodh na cearta cosanta sonraí atá aige/aici. Agus gearáin den sórt sin á n-athbhreithniú aige, is féidir go n-iarrfaidh an Coimisiún cóip den mheasúnú riosca a rinne tú. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach taifid shoiléire a choinneáil lena dtugtar údar maith leis an réasúnaíocht is bun le faisnéis phearsanta a chomhroinnt.

### 4. Cá mhéad faisnéise ba cheart a chomhroinnt i staid cumhdaigh aosach?

í mór an méid faisnéise ba cheart a chomhroinnt a mheasúnú ar bhonn cás ar chás. Go bunúsach, ní mór don rialaitheoir sonraí a chinntiú go bhfuil bunús dleathach aige/aici chun na sonraí a chomhroinnt, go gcomhlíonann sé/sí prionsabail Airteagal 5, go bhfuil coimircí iomchuí i bhfeidhm aige/aici agus go bhfuil measúnú riosca doiciméadaithe aige/aici.

Agus cinneadh á dhéanamh acu ar cén fhaisnéis a chomhroinnfear, ba cheart do rialaitheoirí sonraí na ceisteanna seo a leanas a chur

- ✓ An ndearna mé measúnú riosca, agus ar dhoiciméadaigh mé an measúnú sin, chun cabhrú le hanailís a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le haon sonraí pearsanta de chuid an ábhair sonraí a chomhroinnt?
- ✓ Cén chríoch ar chuici a chomhroinnfear an fhaisnéis seo?
- ✓ An bhfuil sé riachtanach faisnéis a chomhroinnt ar chor ar bith?
- ✓ Cá mhéad faisnéise is gá a chomhroinnt ionas gur féidir an aidhm atá i gceist a bhaint amach?
- ✓ Cén t-íosmhéid sonraí is gá a chomhroinnt?
- ✓ An bhfuil comhroinnt na sonraí comhréireach leis an gcuspóir atá le baint amach?
- ✓ An bhfuil modh slán i bhfeidhm agam chun an fhaisnéis seo a chomhroinnt leis an duine sonrach seo?

### 5. Ar cheart daoine aonair a chur ar an eolas faoi chomhroinnt a gcuid sonraí pearsanta?

Ba cheart. Is gá do rialaitheoir sonraí prionsabal na trédhearcachta a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagail 12-14 RGCS. Áirítear leis sin daoine aonair a chur ar an eolas faoi conas a úsáidfear a gcuid sonraí pearsanta, cén chríoch ar chuici a úsáidfear iad, cé na daoine a bhfuil rochtain acu orthu, agus cén tionchar a bheidh ag comhroinnt na faisnéise sin orthu. Is féidir é sin a dhéanamh trí bheartais phríobháideachta, trí bhileoga faisnéise, etc.*

***Is féidir go mbeidh roinnt eisceachtaí teoranta infheidhme faoi Airteagal 14(5) RGCS, amhail iad seo a leanas:**

- **Tá an fhaisnéis ag an duine aonair cheana féin;**
- **Tá sé dodhéanta an fhaisnéis a chur ar fáil nó bhainfeadh iarracht dhíréireach lena cur ar fáil;**
- **Fuair tú an fhaisnéis faoi oibleagáid dhlíthiúil; agus**
- **I gcás nach mór na sonraí pearsanta a choimeád faoi rún de bharr oibleagáid rúndachta gairmiúla arna rialú le dlí.**

## 6. Ar cheart don rialaitheoir sonraí an duine aonair a chur ar an eolas gur nochtadh a c(h)uid faisnéise in imthosca ina ndearna an duine aonair agóid i gcoinne chomhroinnt na faisnéise sin ar an gcéad ásc?

In imthosca áirithe, is féidir go mbeidh ar rialaitheoir sonraí faisnéis a nochtadh do thríú páirtí, amhail an Garda Síochána, gan an duine aonair a chur ar an eolas faoi sin. Cé go bhféadfadh an nochtadh sin a bheith contrártha do thoil agus rogha an ábhair sonraí, d'fhéadfadh an rialaitheoir sonraí teacht ar an tuairim go fóill gur cheart na sonraí a nochtadh ar aon nós.

D'fhéadfadh sé sin tarlú i gcás go bhfuil riosca ann do shábháilteacht aosaigh atá i mbaol agus go bhféadfaí an riosca sábháilteachta sin a mhéadú dá mba rud é nach nochtfaí na sonraí lena mbaineann. Sna himthosca sin, ba cheart do rialaitheoir sonraí measúnú rioscabhunaithe a dhéanamh.

Má chinneann an rialaitheoir sonraí an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas gur comhroinneadh a c(h)uid sonraí gan a t(h)oiliú, is fiú don rialaitheoir sonraí an réasúnaíocht is bun leis an nochtadh a dhoiciméadú. Má chinneann an rialaitheoir sonraí gan an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas gur comhroinneadh a c(h)uid sonraí gan a t(h)oiliú, is fiú don rialaitheoir sonraí an méid sin a dhoiciméadú.  Sa dá thacar cásanna, ba cheart don rialaitheoir sonraí an bunús dleathach faoi Airteagal 6(1) RGCS chun na sonraí pearsanta a chomhroinnt a dhoiciméadú. Ní mór dó/di a chinntiú freisin go gcomhlíontar na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal 5 RGCS, mar aon lena chinntiú go bhfuil coimircí iomchuí i bhfeidhm.

**Sampla**

Tá imní ar theach altranais príobháideach go bhfuil duine amháin dá chónaitheoirí ina íospartach drochúsáide airgeadais agus gurb é duine dá bhaill teaghlaigh an ciontóir. Rinne oibrí sóisialta measúnú ar an ní, agus creideann sé go bhfuil forais réasúnacha ann leis an imní. Labhair an t-oibrí sóisialta leis an gcónaitheoir faoi sin. Chuir an cónaitheoir a thoil agus a rogha ar an ní seo in iúl, agus é ag rá gurbh fhearr leis gan an ní a nochtadh don Gharda Síochána.

In imthosca den sórt sin, ní mór don rialaitheoir sonraí a chuimhneamh gurb amhlaidh, ó thaobh cosaint sonraí de, nach gcuirtear aon chosc ar an bhfaisnéis sin a phróiseáil. Is é an tsaincheist atá i gceist, áfach, ná conas a tharlaíonn an phróiseáil sin. Is faoin rialaitheoir sonraí atá sé cinneadh eolach a dhéanamh maidir le conas aghaidh a thabhairt air seo ar an iomlán. Ó thaobh cosaint sonraí de, áfach, ní mór don rialaitheoir sonraí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

**(a)** breithniú a dhéanamh ar fhírinneacht na faisnéise ar a bhfuil sé/sí ag gníomhú; agus

**(b)** measúnú rioscabhunaithe a dhéanamh.

Tar éis dó/di na nithe sin a dhéanamh, ní mór don rialaitheoir sonraí cinneadh a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile, is é sin le rá: sonraí pearsanta an chónaitheora a nochtadh don Gharda Síochána nó gan iad a nochtadh dó. Má chinneann an rialaitheoir sonraí na sonraí pearsanta a chomhroinnt leis an nGarda Síochána, ní mór dó/di a bhreithniú ansin, ar aon dul leis an bprionsabal um thrédhearcacht na próiseála, cé acu a inseoidh nó nach n-inseoidh sé/sí don chónaitheoir go ndearna sé/sí amhlaidh in éagmais thoiliú an chónaitheora.

Mar sin, cé nár thoiligh an cónaitheoir le nochtadh a shonraí pearsanta, féadfar na sonraí a chomhroinnt go fóill. Beidh an méid sin ag brath, áfach, ar an rialaitheoir sonraí a bheith ag déanamh dícheall cuí ar na saincheisteanna cosanta sonraí a thagann chun cinn. Fágann sé sin nach mór cloí le prionsabail cosanta sonraí Airteagal 5, nach mór bunús dleathach a bheith ann chun an fhaisnéis a chomhroinnt faoi Airteagal 6 RGCS, agus nach mór coimircí iomchuí a bheith i bhfeidhm.



## Bunús Dleathach faoi RGCS chun faisnéis a phróiseáil (a chomhroinnt/a nochtadh)

### 7. An gá duit bunús dleathach a bheith agat chun faisnéis a chomhroinnt/a nochtadh?

Is gá. Is ionann aon chomhroinnt nó aon nochtadh sonraí pearsanta agus próiseáil chun críocha an dlí cosanta sonraí. Beidh bunús dleathach faoi Airteagal 6 RGCS ag teastáil chun aon sonraí pearsanta a phróiseáil. Gan bunús dleathach a bheith ann faoi Airteagal 6 RGCS, measfar an phróiseáil a bheith neamhdhleathach. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an treoirnóta uainn maidir le Bunúis Dlí anseo.

### 8. An bhfuil toiliú ag teastáil i ngach cás ina bhfuil faisnéis á comhroinnt i gcomhthéacs cumhdaigh aosach?

Níl i dtoiliú ach ceann amháin de na sé bhunús dhleathacha atá leagtha amach in Airteagal 6(1) RGCS. Agus sonraí catagóire speisialta á bpróiseáil faoi Airteagal 9(2)(a) RGCS, ní mór toiliú sainráite a bheith sa toiliú lena mbaineann. Ionas go mbeidh toiliú bailí, ní mór é a bheith tugtha faoi shaoirse agus ní mór é a bheith soiléir, feasach agus gan athbhrí.

Má tá siad ag brath ar thoiliú d'aon ghníomhaíocht próiseála, lena n-áirítear faisnéis a chomhroinnt i gcomhthéacsanna cumhdaigh aosach, tá sé tábhachtach go dtabharfadh rialaitheoirí sonraí faoi deara nár cheart 'toiliú cuachta' a bheith sa toiliú lena mbaineann. Is é is 'toiliú cuachta' ann ná cás ina bhfuil rialaitheoir sonraí ag iarraidh brath ar chomhaontú toilithe amháin chun gabháil do raon gníomhaíochtaí próiseála. Ionas go mbeidh toiliú bailí, ní mór toiliú a lorg do gach gníomhaíocht próiseála. Ní bheidh toiliú ag teastáil don ghníomhaíocht próiseála i gcás go bhfuil bunús dleathach eile ag rialaitheoir sonraí faoi Airteagal 6 RGCS.

Sa bhlagphostáil uainn maidir le 'Mainneachtain faisnéis a chomhroinnt le teach altranais faoi chiontuithe coiriúla cónaitheora', tugtar sampla soiléir de chás nach bhfuil toiliú ag teastáil ann chun faisnéis a chomhroinnt.

- Le halt 19 den Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012, ceanglaítear ar eagraíochtaí sonracha amhail an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), an Coimisiún Meabhair-Shláinte (MHC), an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU) agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) faisnéis shonraithe a chomhroinnt leis an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin maidir le daoine atá ag obair le daoine soghonta.
- Ina theannta sin, is cion é faoi alt 3(1) den Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012, faisnéis faoi chionta Sceideal 2 in aghaidh daoine soghonta a choimeád siar ón nGarda Síochána. A mhéid a bhaineann le raon feidhme an Achta sin i ndáil le cumhdach aosach, áfach, ní sholáthraítear leis ach bunús dleathach chun faisnéis a chomhroinnt leis an nGarda Síochána, agus ní le comhlachtaí eile, agus níl feidhm aige ach maidir le cionta sonracha atá liostaithe i Sceideal 2.

## Faisnéis a bhaineann le Cionta Coiriúla Líomhnaithe a Phróiseáil

**9. Oibrím i dteach altranais príobháideach, agus líomhnaítear go ndearna cónaitheoir cion i gcoinne cónaitheoirí eile le déanaí. Tá an ní á imscrúdú ag na Gardaí faoi láthair. Tá an t-othar atá i gceist le haistriú chuig teach altranais príobháideach eile anois. An bhféadfaidh mé an fhaisnéis a bhaineann leis an teagmhas a chomhroinnt leis an teach altranais nua, fiú amháin i gcás nach mbainfidh sí le cúram agus cóireáil an chónaitheora?**

Agus breithniú á dhéanamh ar cé acu a chomhroinnfidh nó nach gcomhroinnfidh sé/sí an fhaisnéis seo, ní mór don rialaitheoir sonraí imthosca agus cineál na líomhna a chur san áireamh.

Mar a leagadh amach roimhe seo, is gá do rialaitheoir sonraí breithniú cúramach a dhéanamh ar bhonn cás ar chás ar cé acu a chomhroinnfear nó nach gcomhroinnfear faisnéis. Ba cheart don rialaitheoir sonraí cur chuige rioscabhunaithe a ghlacadh, agus aird á tabhairt ar thromchúis an chiona.

Mar a leagadh amach i gCeisteanna Coitianta roimhe seo freisin, ba cheart don rialaitheoir sonraí an measúnú riosca a rinneadh sula gcomhroinnfí aon fhaisnéis nó aon sonraí pearsanta a dhoiciméadú freisin. Is féidir go n-áireofar leis sin na nithe seo a leanas a leagan amach: cineál na faisnéise nó na sonraí pearsanta is ábhar don mheasúnú riosca; an duine nó an comhlacht lenar féidir go gcomhroinnfear an fhaisnéis nó na sonraí pearsanta ar aon dul le beartais agus nósanna imeachta na heagraíochta; agus an chríoch ar chuici a d'fhéadfaí an fhaisnéis nó na sonraí pearsanta a chomhroinnt.

**10. I dteach altranais príobháideach, líomhnaítear go ndearnadh ionsaí gnéasach ar chónaitheoir. Tá lagú cognaíoch suntasach ar an gcónaitheoir, agus níl an cónaitheoir in ann mionsonraí an teagmhais a thabhairt chun cuimhne. Tá teaghlach an chónaitheora ag iarraidh faisnéis a fháil anois faoin gciontóir líomhnaithe. Ar cheart an fhaisnéis sin a chomhroinnt leis an teaghlach?**

Is faoin teach altranais príobháideach, mar rialaitheoir sonraí, atá sé measúnú riosca a dhéanamh chun a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart dó an fhaisnéis a bhaineann leis an gciontóir líomhnaithe a chomhroinnt leis an mball teaghlaigh a rinne an iarraidh. Chun déanamh amhlaidh, beidh sé riachtanach breithniú a dhéanamh ar na fíorais, lena n-áirítear tromchúis na líomhna agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar chearta agus saoirsí na bpáirtithe uile (an t-íospartach agus an ciontóir líomhnaithe) mar thoradh ar an bhfaisnéis ábhartha a nochtadh nó mar thoradh ar gan í a nochtadh.

### 11. Conas ba cheart dúinn freagairt i gcás go n-iarrann na Gardaí faisnéis orainn? An bhfuil cead againn faisnéis a chomhroinnt sna himthosca sin? ?

Má iarrann comhlacht forfheidhmithe dlí, amhail an Garda Síochána, sonraí pearsanta chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, beidh feidhm ag alt 41 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

Ceadaítear le hAcht 2018 sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche seachas an chríoch ar chuici a bailíodh iad i gcás go mbeidh gá leis an bpróiseáil sin agus go mbeidh sí comhréireach chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh; mar sin féin, ní mór an ceart atá ag an duine aonair chun príobháideachta a chothromú i gcoinne an ghá atá le cionta a imscrúdú.

Tar éis iarraidh alt 41 a fháil ón nGarda Síochána maidir le sonraí a nochtadh, tá an rialaitheoir sonraí i dteideal a iarraidh go ndéanfaí an iarraidh i scríbhinn. Tá sé/sí i dteideal freisin críocha na hiarrata a iarraidh ar an nGarda Síochána. Cabhraíonn sé sin leis an rialaitheoir sonraí a chinneadh cén bunús dlí atá aige/aici chun na sonraí a chomhroinnt. Cabhraíonn sé freisin leis an rialaitheoir sonraí an t-íosmhéid sonraí atá le comhroinnt a chinneadh. Is ar rialaitheoirí sonraí go fóill atá an oibleagáid prionsabail Airteagal 5 a chomhlíonadh, fiú amháin i gcás go dtagann an iarraidh ón nGarda Síochána.

Tá nasc chuig alt 41 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, ar fáil anseo.

### 12. Mar ionad cúram sláinte a sholáthraíonn cúram d'aosaigh atá i staideanna soghonta, an bhféadfaimid faisnéis a bhaineann le cion coiriúil a phróiseáil? Agus conas ba cheart dúinn déileáil le faisnéis a bhaineann le cionta coiriúla líomhnaithe?

Mar atá mínithe sa treoirdhoiciméad ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí, foráiltear le hAirteagal 10 RGCS do shonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna a phróiseáil. Ina theannta sin, faoi alt 55(9) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, leathnaíodh an míniú atá ar shonraí de chuid Airteagal 10 chun go bhfolódh sé sonraí pearsanta i ndáil le cion a líomhnaítear go ndearnadh é agus aon imeachtaí i ndáil le cion den sórt sin. De bhreis air sin, foráiltear le halt 55(1)(b)(iv) d'Acht 2018 go bhféadfaidh rialaitheoirí sonraí (nach "údarás oifigiúil" iad) sonraí pearsanta a phróiseáil in imthosca áirithe, amhail in imthosca ina "bhfuil gá le próiseáil chun díobháil nó damáiste eile don ábhar sonraí nó do dhuine eile nó caillteanas i leith maoine, nó damáiste do mhaoin, a chosc nó chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine eile a chosaint ar shlí eile".

Maidir leis sin, féadfaidh rialaitheoirí sonraí sonraí pearsanta a phróiseáil i leith cion líomhnaithe chun na gcríoch atá leagtha amach. Mar sin féin, ní mór dóibh aird a bheith acu ar na prionsabail um chosaint sonraí atá leagtha amach in Airteagal 5 – cruinneas, teorannú de réir cuspóra agus íoslaghdú sonraí – le linn dóibh sonraí pearsanta a bhaineann le cion líomhnaithe a chomhroinnt. Chomh maith leis sin, ní mór don rialaitheoir sonraí bunús dleathach a bheith aige/aici faoi Airteagal 6 RGCS chun na sonraí lena mbaineann a phróiseáil, agus ní mór dó/di coimircí iomchuí a bheith i bhfeidhm aige/aici.

Mar atá leagtha amach thuas, is dea-chleachtas do rialaitheoir sonraí é measúnú rioscabhunaithe a dhéanamh sula gcomhroinnfear an fhaisnéis agus an cinneadh a dhoiciméadú.

## 13. Cad ba cheart dúinn a dhéanamh i gcás nach dtugann ciontóir líomhnaithe toiliú d'ospidéal a c(h)uid faisnéise pearsanta a chomhroinnt le teach altranais?

Ba cheart nithe mar seo a bhreithniú ar bhonn cás ar chás. Is gá don rialaitheoir sonraí measúnú rioscabhunaithe a dhéanamh. Sa mheasúnú sin, féachfar ar imthosca agus cineál na líomhna agus ar an tionchar a bheidh ann ar chearta agus saoirsí na ndaoine uile lena mbaineann.

Ba cheart an measúnú a dhoiciméadú, agus ba cheart an réasúnaíocht is bun leis an bhfaisnéis a chomhroinnt, nó le gan í a chomhroinnt, leis an teach altranais a chur ar áireamh ann.

Más rud é go gcinnfidh an t-ospidéal na sonraí pearsanta a chomhroinnt leis an teach altranais agus go ndéanfaidh an duine aonair nó an t-ábhar sonraí lena mbaineann gearán ina dhiaidh sin leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le comhroinnt na sonraí, iarrfaidh an Coimisiún cóip den mheasúnú riosca ba chúis leis na sonraí a chomhroinnt.

## 14. An bhféadfar faisnéis phearsanta a bhailigh comhlacht a chomhroinnt le heagraíocht eile?

Faoi RGCS, ní thoirmisctear faisnéis a chomhroinnt. Mar sin féin, ní mór breithniú cúramach a dhéanamh sula gcomhroinnfear aon fhaisnéis. Meastar gur 'próiseáil' é aon nochtadh sonraí pearsanta do thríú páirtí, agus tá sé de fhreagracht dhlíthiúil ar gach rialaitheoir sonraí a chinntiú go bhfuil an phróiseáil ar fad a dhéantar ar shonraí pearsanta bunaithe ar bhunús dleathach bailí agus go ndéantar í i gcomhréir leis na forálacha de RGCS agus den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

Ní mór don chomhlacht atá i gceist a chinntiú go bhfuil bunús dleathach aige faoi Airteagal 6 RGCS chun an fhaisnéis phearsanta a chomhroinnt agus, i gcásanna ina bhfuil sonraí catagóire speisialta i gceist, tá bunús dleathach faoi Airteagal 9 RGCS ag teastáil freisin. In éagmais thoiliú an aosaigh atá i mbaol, ní mór don chomhlacht dul i muinín Airteagal 6(1)(b)-(f) agus Airteagal 9(2)(b)-(j) RGCS. Tá feidhm ag coincheap an 'riachtanais' maidir leis na forálacha sin d'Airteagal 6 RGCS. Ní mór do sholáthraithe seirbhíse breithniú a dhéanamh ar cé na sonraí pearsanta is gá a phróiseáil don bhunús dleathach ábhartha ar a bhfuil siad ag brath chun an cuspóir atá acu a bhaint amach.

## 15. An bhféadfar faisnéis ó theach altranais príobháideach a chomhroinnt le comhlacht poiblí?

Féadfar. Féadfar faisnéis a chomhroinnt a luaithe atá bunús dleathach ann faoi Airteagal 6 RGCS chun an fhaisnéis a chomhroinnt. Tá sé de fhreagracht ar gach rialaitheoir a chinntiú go bhfuil bunús dlí sonrach i bhfeidhm sula ndéanfar aon nochtadh agus go bhfuil aon nochtadh ábhartha agus riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach agus go bhfuil sé comhréireach leis an gcuspóir. Ba cheart gach iarraidh ar nochtadh a mheasúnú ar bhonn cás ar chás.

Le linn dó/di faisnéis a chomhroinnt, ní mór don soláthraí seirbhíse breithniú a dhéanamh ar na prionsabail um chosaint sonraí atá leagtha amach in Airteagal 5 RGCS, amhail íoslaghdú sonraí, cruinneas agus sláine agus rúndacht na sonraí pearsanta atá i gceist.

Mar shampla, má tá imní ar theach altranais príobháideach faoi chónaitheoir a bheith á s(h)eoladh chuig rannóg timpistí agus éigeandála in ospidéal poiblí mar gheall ar líomhain de chineál gnéasach in aghaidh cónaitheoir eile, agus má bhaineann an imní sin leis an gcónaitheoir a bheith i rannóg phlódaithe timpistí agus éigeandála agus a bheith á ligean isteach i mbarda poiblí ina dhiaidh sin, is féidir leis an teach altranais príobháideach measúnú riosca a dhéanamh. Agus an measúnú sin á dhéanamh aige, féadfaidh an teach altranais príobháideach a leagan amach don ospidéal cé na pleananna cumhdaigh atá i bhfeidhm aige don chónaitheoir sin (mar shampla, ní fhágfar an cónaitheoir gan mhaoirseacht timpeall ar dhaoine áirithe, etc.). Beidh sé sin ar aon dul le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí faoi Airteagal 5.

Beidh an méid sin ar fad sonrach do na fíorais, áfach, agus is féidir go dtarlóidh sé, tar éis measúnú riosca a dhéanamh, go mbeidh an teach altranais príobháideach den tuairim go mbeidh tuilleadh faisnéise, nó nach mbeidh an méid céanna faisnéise, ag teastáil. Ní hé amháin go mbainfidh sé sin le sábháilteacht an chónaitheora atá i mbaol, ach bainfidh sé freisin le sábháilteacht na ndaoine eile a d’fhéadfadh teacht i dteagmháil leis an gcónaitheoir, ag féachaint do chineál na líomhaintí.

## 16. Mar ionad cúram sláinte, déileálaimid le líon mór atreoruithe agus fiosruithe leantacha ó ionadaithe tofa éagsúla. An bhfuil sé dleathach sonraí den sórt sin a phróiseáil?

Léigh na treoirlínte uainn anseo, ina leagtar amach na hoibleagáidí a chuirtear ar ionadaithe tofa i ndáil le huiríll den sórt seo a dhéanamh thar ceann an ábhair sonraí agus na freagrachtaí atá orthu i ndáil le faisnéis phearsanta a thagann ina seilbh agus faoina rialú. Tarraingítear aird sa treoir sin ar na hoibleagáidí a chuirtear ar eagraíochtaí (rialaitheoirí sonraí poiblí agus rialaitheoirí sonraí príobháideacha araon) a phróiseálann uiríll a dhéanann ionadaithe tofa thar ceann daoine aonair.

### 17. Fuaireamar Iarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí ó bhall teaghlaigh le duine amháin dár n-othair. Ar cheart dúinn freagra a thabhairt ar an iarraidh sin, agus an mbeimid i dtrioblóid mura dtugaimid freagra uirthi

Ní thoirmisctear le RGCS ar aon duine aonair cead a thabhairt do thríú páirtí (e.g., gaol, cara nó aturnae) iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí a dhéanamh thar a c(h)eann agus, i gcás aosach atá i mbaol, is minic a dhéanann tríú páirtí an iarraidh sin. Mar rialaitheoir sonraí, áfach, is gá duit a bheith deimhin de go bhfuil an tríú páirtí atá ag déanamh na hiarrata i dteideal gníomhú thar ceann an duine aonair.

Tá sé de fhreagracht ar an tríú páirtí doiciméid a sholáthar duit i ndáil leis an údarás dlíthiúil atá aige/aici gníomhú thar ceann an duine aonair atá i gceist. Is féidir é sin a dhéanamh, mar shampla, trí údarás i scríbhinn a thabhairt, arb údarás é atá sínithe ag an duine aonair agus ina luaitear go dtugann sé/sí cead don tríú páirtí iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí a dhéanamh thar a c(h)eann.

Is féidir go dtarlóidh sé freisin go sealbhaíonn tríú páirtí cumhacht mharthanach aturnae (lena gcumhdaítear an tsaincheist lena mbaineann) nó go bhfuil an duine aonair atá i mbaol faoi dhlínse choimircíochta na cúirte (sa chás sin, is féidir go mbeidh an Cúramaí ar an bPearsa in ann dul i dteagmháil leis an rialaitheoir sonraí). Chomh maith leis sin, leagtar amach san Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, arna leasú, socruithe éagsúla atá ceaptha chun tacú le daoine aonair áirithe maidir le cinnteoireacht. Beidh sé riachtanach a shuí, áfach, an áirítear leis sin nithe amhail cosaint sonraí.

Ní mór do rialaitheoirí sonraí freagra a thabhairt ar iarraidh den sórt sin laistigh de mhí amháin. Fiú amháin i gcás go bhfuil siad ag diúltú don iarraidh, ní mór do rialaitheoirí sonraí freagra a thabhairt go fóill, agus na cúiseanna leis an diúltú á leagan amach. Beidh sé de rogha ag an duine lena mbaineann gearán a thaisceadh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ansin, más mian leis/léi déanamh amhlaidh.

Ba cheart do rialaitheoirí sonraí a chinntiú freisin go bhfolaítear na sonraí pearsanta de chuid aon tríú páirtithe atá luaite i ndoiciméid atá mar chuid d'iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí ó chónaitheoir, de réir mar is cuí. Samplaí de dhaoine den sórt sin is ea fostaithe amhail baill foirne altranais nó baill teaghlaigh/cuairteoirí an chónaitheora.

**18. Fuair duine amháin dár n-othair bás le déanaí, agus rinne an teaghlach iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí chun plean cúraim cumhdaigh an othair éagtha a rochtain. Ar cheart dom an iarraidh seo a chomhlíonadh?**

Sonraítear in Aithris 27 RGCS nach bhfuil feidhm ag RGCS maidir le sonraí pearsanta daoine éagtha. Mar sin féin, féadfaidh rialaitheoir sonraí an iarraidh ar fhaisnéis nó sonraí pearsanta an duine éagtha a chomhlíonadh go fóill.

Má chinneann an rialaitheoir sonraí sonraí an duine éagtha a eisiúint chuig ball teaghlaigh, ba cheart dó/di a chinntiú go bhfolaíonn sé/sí na sonraí pearsanta tríú páirtí uile.

**19. Fuaireamar iarraidh ceartúcháin/iarraidh léirscriosta ó bhall teaghlaigh le duine amháin dár n-othair. Ar cheart dúinn freagra a thabhairt ar an iarraidh sin agus, dá mba cheart dúinn déanamh amhlaidh, conas ba cheart dúinn freagra a thabhairt uirthi?**

Amhail i gcás aon cheart cosanta sonraí, ní thoirmisctear le RGCS ar aon duine aonair cead a thabhairt do thríú páirtí (e.g., gaol, cara nó aturnae) iarraidh ceartúcháin agus/nó iarraidh léirscriosta a dhéanamh thar a c(h)eann.

Mar rialaitheoir sonraí, is gá duit a bheith deimhin de go bhfuil an tríú páirtí atá ag déanamh na hiarrata i dteideal gníomhú thar ceann an duine aonair, is é sin le rá go bhfuil an t-údarás dlíthiúil aige/aici chun déanamh amhlaidh.



## Cosaint Sonraí agus Rioscaí Féideartha d'Aosaigh atá i mBaol de dheasca Iompar Fostaithe

**20. Tar éis dúinn gearán a fháil faoi fhostaí inár nIonad Cúram Sláinte, rinneamar imscrúdú le déanaí ar iompar an fhostaí sin agus tá ábhair imní againn go gcruthaíonn an fostaí riosca breise do na haosaigh eile atá i mbaol. Cé na daoine ar cheart dúinn an fhaisnéis sin a thuairisciú dóibh?**

Le halt 19 den Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 ("Acht 2012"), cuirtear oibleagáid dhlíthiúil ar sholáthraithe seirbhíse áirithe faisnéis shonraithe a chur in iúl do Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána maidir le daoine atá ag gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí a bhaineann le haosaigh atá i mbaol. Ní mór do rialaitheoir sonraí a bheith ar an eolas, áfach, go bhfuil teorainn ann leis an bhfaisnéis a fhéadfar a chomhroinnt faoi alt 19 d'Acht 2012.

Mar atá leagtha amach sa phríomh-Threoirdhoiciméad, ní mór d'fhostóirí bunús dleathach a bheith acu faoi Airteagal 6(1) RGCS chun sonraí pearsanta a phróiseáil. Má cheanglaítear le haon fhorálacha reachtúla eile ar an rialaitheoir sonraí sonraí áirithe a nochtadh do chomhlacht eile, foráiltear le RGCS don nochtadh sin a dhéanamh faoin mbunús dleathach atá leagtha amach in Airteagal 6(1)(c) RGCS, is é sin go bhfuil próiseáil dleathach más gá í a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh.

Luaitear mar a leanas in alt 19 d'Acht 2012: Más rud é, tar éis imscrúdú, fiosrú nó próiseas rialála i leith duine, go bhfuil imní bona fide ar an eagraíocht a thugann fógra go bhféadfadh an duine is ábhar don imscrúdú, don fhiosrú nó don phróiseas rialála sin—

a. díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta,

b. a chur faoi deara díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta,

c. aon leanbh nó aon duine soghonta a chur i mbaol díobhála,

d. féachaint le díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta, nó

e. duine eile a ghríosú chun díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta,

Soláthróidh an eagraíocht sin faisnéis shonraithe don Bhiúró, agus tabharfaidh sí fógra i scríbhinn don Bhiúró i dtaobh an imní sin, agus luafaidh sí ann na cúiseanna atá leis, a luaithe is féidir.

# Acmhainní



# Aguisín 1
# Cleachtadh Cothromúcháin a Dhéanamh (Airteagal 6(1)(f) RGCS)

Le linn dóibh seirbhísí a sholáthar d'aosaigh atá i mbaol agus obair i gcomhar leo, is féidir go dtiocfaidh rialaitheoirí sonraí ar chásanna ina mbeidh sé riachtanach sonraí pearsanta duine aonair a phróiseáil agus/nó a chomhroinnt le duine nó eagraíocht eile. Is féidir go mbeidh sé riachtanach déanamh amhlaidh chun leasanna agus cearta duine aonair atá i mbaol díobhála nó atá i staid shoghonta a chumhdach agus a chosaint.

Nuair a thagann cás den sórt sin chun cinn, agus sula gcomhroinnfear aon sonraí pearsanta, ba cheart don rialaitheoir sonraí cleachtadh cothromúcháin a dhéanamh; tá sé mar aidhm leis an gcleachtadh cothromúcháin leasanna dlisteanacha an rialaitheora sonraí nó an tríú páirtí (e.g., an t-ábhar sonraí a chumhdach agus a chosaint ar bhealach éigin) a chothromú i gcoinne chearta an duine aonair a bhfuil a s(h)onraí le nochtadh ag an rialaitheoir sonraí do thríú páirtí.  Ina theannta sin, ba cheart don rialaitheoir sonraí a bhreithniú an bhfuil comhroinnt na sonraí riachtanach agus comhréireach araon chun an leas dlisteanach sainaitheanta a bhaint amach nó an bhfuil aon mhodh eile nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna ar fáil chun déanamh amhlaidh.

Tá in Airteagal 6(1)(f) RGCS trí ghné is gá do rialaitheoirí sonraí a bhreithniú. Ba cheart do rialaitheoirí sonraí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ✓ **Leas dlisteanach** a shainaithint;
- ✓ A léiriú go bhfuil próiseáil bheartaithe shonraí pearsanta an duine aonair r**iachtanach chun an leas dlisteanach a bhaint amach**; agus
- ✓ An leas dlisteanach a **chothromú** i gcoinne **leasanna**, **chearta agus shaoirsí an duine aonair**.

Is féidir treoir ghinearálta bhreise a fháil anseo faoi na trí ghné a theastaíonn don bhunús dlí arb éard é leasanna dlisteanacha faoi Airteagal 6(1)(f) RGCS.

**Sampla**

Tá imní ar theach altranais príobháideach go bhfuil duine amháin dá chónaitheoirí ina íospartach drochúsáide airgeadais agus gurb é duine dá bhaill teaghlaigh an ciontóir. Rinne oibrí sóisialta measúnú ar an ní, agus creideann sé go bhfuil forais réasúnacha ann leis an imní. Labhair an t-oibrí sóisialta leis an gcónaitheoir faoi sin. Chuir an cónaitheoir a thoil agus a rogha ar an ní seo in iúl, agus é ag rá gurbh fhearr leis gan an ní a nochtadh don Gharda Síochána.

Is faoin rialaitheoir sonraí atá sé cinneadh eolach a dhéanamh maidir le conas aghaidh a thabhairt air seo ar an iomlán. Ó thaobh cosaint sonraí de, áfach, ní mór don rialaitheoir sonraí a) breithniú a dhéanamh ar fhírinneacht na faisnéise ar a bhfuil sé/sí ag gníomhú; agus b) measúnú rioscabhunaithe a dhéanamh.

Tar éis dó/di céimeanna a) agus b) a dhéanamh, ní mór don rialaitheoir sonraí cinneadh a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile, is é sin le rá: sonraí pearsanta an chónaitheora a nochtadh don Gharda Síochána nó gan iad a nochtadh dó.

**Tosca le haghaidh Cleachtadh Cothromúcháin:**

Ní mór don rialaitheoir sonraí na trí ghné d'Airteagal 6(1)(f) RGCS a bhreithniú:

✓ An bhfuil **leas dlisteanach** in-sainaitheanta ann?

Is é a d'fhéadfadh a bheith sa leas dlisteanach in-sainaitheanta sa sampla thuas ná an cónaitheoir a chosaint ar dhrochúsáid airgeadais agus calaois fhéideartha. Ina theannta sin, is é a d'fhéadfadh a bheith i leas dlisteanach in-sainaitheanta tánaisteach ná an mhórthairbhe shochaíoch a bhaineann le cosc a chur ar dhrochúsáid airgeadais agus calaois i gcoinne daoine atá i mbaol. Mar sin féin, sainaithnítear an leas dlisteanach tánaisteach sin i gcomhar leis an gcéad leas dlisteanach in-sainaitheanta – an cónaitheoir a chosaint ar dhrochúsáid airgeadais fhéideartha – agus ní ar leithligh ón leas sin.

✓ An féidir leis an teach altranais a léiriú go bhfuil próiseáil (comhroinnt) bheartaithe shonraí pearsanta an chónaitheora **riachtanach chun an leas dlisteanach sainaitheanta a bhaint amach**?

**Tástáil riachtanais:** An bhfuil comhroinnt fhéideartha shonraí pearsanta an chónaitheora leis an nGarda Síochána maidir le drochúsáid airgeadais líomhnaithe ina modh **réasúnach comhréireach** chun an leas dlisteanach a bhaint amach, e.g., cosc a chur ar dhrochúsáid airgeadais fhéideartha bhreise an chónaitheora?

- **Réasúnach:**
  - Ar thug an teach altranais aird chuí ar fhírinneacht na faisnéise ar a mbeadh sé ag gníomhú, i.e., an líomhain a thuairisciú bunaithe ar imní réasúnach?
  - Cén fhianaise lena dtacaítear le measúnú an oibrí shóisialta gur ann d'fhorais réasúnacha le himní a bheith ann?
  - An bhfuil aon riosca láithreach ann d'fholláine airgeadais an chónaitheora?
  - Cé na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don chónaitheoir mar thoradh ar gan an fhaisnéis seo a chomhroinnt?
  - Cé na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don chónaitheoir mar thoradh ar an bhfaisnéis seo a chomhroinnt?
- **Comhréireach:**
  - An bhfuil aon mhodh eile nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna ar fáil chun an toradh beartaithe a bhaint amach?
  - Cén t-íosmhéid faisnéise is gá a chomhroinnt leis an nGarda Síochána má mheastar nochtadh a bheith riachtanach?
  - Má chinntear an imní a thuairisciú don Gharda Síochána, an bhfuil an fhaisnéis riachtanach theoranta, agus an fhaisnéis sin amháin, á soláthar ag an teach altranais don Gharda Síochána ar aon dul le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí faoi RGCS, e.g., gan aon fhaisnéis nach bhfuil ábhartha don imní a chur ar áireamh, amhail mionsonraí a sholáthar faoi fhaisnéis liachta an chónaitheora, faoi bhaill teaghlaigh eile, etc.?
  - An féidir an t-ábhar imní a thuairisciú don Gharda Síochána ar mhodh a chinntíonn go soláthrófar an fhaisnéis ar mhodh slán rúnda?

**agus;**

✓ **An ndearna an teach altranais an leas dlisteanach a chothromú i gcoinne leasanna, chearta agus shaoirsí an ábhair sonraí?**

- Cé na cearta atá ag an ábhar sonraí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh?
- Cá mhéad a dhéantar difear do na cearta atá ag an ábhar sonraí?
- An mó an leas dlisteanach sainaitheanta ná leasanna agus cearta an ábhair sonraí lena mbaineann, nó an bhfuil sé ag teacht leo?
- An mó cearta an ábhair sonraí ná an leas dlisteanach sainaitheanta?
- Conas a breithníodh toil agus roghanna an ábhair sonraí sa mheasúnú seo? Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás gur chuir an cónaitheoir in iúl gurbh fhearr leis gan an fhaisnéis seo a chomhroinnt leis an nGarda Síochána.

Má chinneann an rialaitheoir sonraí sonraí pearsanta an ábhair sonraí a chomhroinnt leis an nGarda Síochána, in éagmais thoiliú an chónaitheora, ní mór dó/di a bhreithniú ansin, ar aon dul le prionsabal na trédhearcachta, cé acu a inseoidh nó nach n-inseoidh sé/sí don chónaitheoir go ndearna sé/sí amhlaidh. Ar aon dul le prionsabal na trédhearcachta, is féidir go gcinnfidh an teach altranais freisin míniú a thabhairt don chónaitheoir i dteanga shoiléir shimplí ar an mbunús don leas dlisteanach atá aige san fhaisnéis a chomhroinnt agus ar an riachtanas atá leis an bhfaisnéis a chomhroinnt, mar aon leis na coimircí atá á gcur i bhfeidhm, i.e., a mhíniú go gcomhroinnfear an t-íosmhéid sonraí pearsanta agus go ndéanfar amhlaidh ar mhodh slán rúnda. Ba cheart an cónaitheoir a chur ar an eolas freisin faoin gceart atá aige gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí mura bhfuil sé sásta leis an gcinneadh a rinne an teach altranais.

Cé nár thoiligh an cónaitheoir le nochtadh a shonraí pearsanta, léirítear sa sampla seo go bhféadfar na sonraí a chomhroinnt go fóill. Beidh an méid sin ag brath, áfach, ar an rialaitheoir sonraí a bheith ag déanamh dícheall cuí ar na saincheisteanna cosanta sonraí a thagann chun cinn. Fágann sé sin gurb amhlaidh, mar aon le cleachtadh cothromúcháin a dhéanamh, nach mór don rialaitheoir sonraí cloí leis na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal 5 RGCS, bunús dleathach a bheith aige/aici chun an fhaisnéis a chomhroinnt faoi Airteagal 6 RGCS, agus coimircí iomchuí a bheith i bhfeidhm aige/aici.

Moltar don rialaitheoir sonraí na cineálacha éagsúla céimeanna, measúnuithe agus réasúnaíochta atá i gceist a dhoiciméadú, toisc go n-iarrfar an fhaisnéis sin ar an rialaitheoir sonraí i gcás go ndéanfar gearán leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.



# Aguisín 2
# Conas Beartas Cosanta Sonraí ("Beartas Príobháideachta") a scríobh

## Beartas Príobháideachta

### Cad is Beartas Príobháideachta ann?

Is é is fógra cosanta sonraí (dá ngairtear '**Beartas Príobháideachta**' agus '**Fógra/ Ráiteas Príobháideachta**' freisin) ann ná uirlis cuntasachta lena gcabhraítear le rialaitheoir sonraí a thaispeáint go bhfuil sé/sí ag comhlíonadh an dlí cosanta sonraí, go háirithe i ndáil leis na hoibleagáidí atá air/uirthi faoi phrionsabal na trédhearcachta (Airteagail 12 go 14 RGCS) agus comhlíonadh a dhéanamh ar an gceart atá ag ábhair sonraí chun faisnéis áirithe a fháil i ndáil le hoibríochtaí próiseála an rialaitheora sonraí.

Ba cheart beartais phríobháideachta a bheith ag teacht le scrúdú mionsonraithe ar an dóigh a bpróiseálann eagraíocht sonraí pearsanta agus ar an dóigh a gcuirtear an dlí cosanta sonraí i bhfeidhm maidir leis na cleachtais sin. Ba cheart an beartas príobháideachta a bheith ina dhoiciméad dinimiciúil, a athbhreithnítear agus a nuashonraítear ar bhonn tráthrialta chun athruithe sa dóigh a bpróiseálann an eagraíocht sonraí pearsanta a léiriú.

### Beartas Príobháideachta atá Sothuigthe a Cheapadh

Ba cheart beartais phríobháideachta a bheith scríofa i d**teanga shoiléir shimplí** atá sothuigthe ag an léitheoir. **Trí theanga shimplí a úsáid**, cabhraítear lena chinntiú go bhfuil beartas príobháideachta chomh soiléir agus chomh sothuigthe agus is féidir. Tá tábhacht ar leith ag baint le teanga shoiléir shimplí a úsáid agus faisnéis á soláthar d'aosaigh atá i mbaol.

Ba cheart beartais phríobháideachta a bheith **so-rochtana**, agus ba cheart iad a bheith foilsithe ar shuíomh Gréasáin na heagraíochta, nuair is féidir.

### Na príomhcheisteanna atá le breithniú roimh Bheartas Príobháideachta a scríobh

Ar an gcéad dul síos, agus de réir cur chuige feidhmiúil, ba cheart do rialaitheoir sonraí a g(h)nólacht agus na gníomhaíochtaí ina ndéileálann sé/sí le sonraí pearsanta a mheasúnú go cúramach, á chinntiú go mbeidh an fógra cosanta sonraí **ag teacht lena bhfuil ina (h)oibríochtaí próiseála dáiríre**. A luaithe a bheidh gach oibríocht próiseála sonraí pioctha amach ag rialaitheoir sonraí, beidh air/uirthi bailiú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ar fad faoi na hoibríochtaí a gceanglaítear air/uirthi í a sholáthar d'ábhair sonraí leis an dlí cosanta sonraí, lena n-áirítear críoch na próiseála, faighteoirí na sonraí pearsanta, an tréimhse choinneála, agus mar sin de.

Ina dhiaidh sin, ba cheart do rialaitheoir sonraí **breithniú a dhéanamh ar na catagóirí ábhar sonraí** nach mór dó/di an fhaisnéis a sholáthar dóibh, chun an fógra cosanta sonraí a dhréachtú i d**teanga chuí**. Sula gcuirfidh siad fógra cosanta sonraí ar fáil, ba cheart do rialaitheoirí sonraí a sheiceáil ar cheart faisnéis áirithe a fhágáil ar lár de réir díolúintí nó maoluithe is infheidhme ar chearta cosanta sonraí.

**Seo a leanas roinnt príomhcheisteanna atá le breithniú:**

- Cén cineál sonraí pearsanta atá á phróiseáil agat?
- Cén fáth a bhfuil tú ag próiseáil sonraí pearsanta? Ná déan dearmad go gceanglaítear le hAirteagal 6 RGCS (agus le hAirteagal 9 RGCS, nuair is infheidhme) ar rialaitheoirí sonraí bunús dleathach a bheith acu le sonraí pearsanta a phróiseáil.
- Conas a bhailíonn tú sonraí pearsanta – an bhfuair tú na sonraí pearsanta go díreach ón ábhar sonraí nó ó áit éigin eile?
- Cé na daoine a gcomhroinnfear na sonraí pearsanta leo?
- Cá fhad a choinneoidh tú na sonraí pearsanta?
- An bhfuil Oifigeach Cosanta Sonraí ag d'eagraíocht? Conas is féidir teagmháil a dhéanamh leis an duine sin?
- Mura bhfuil Oifigeach Cosanta Sonraí ag d'eagraíocht, cé hé/hí an duine ainmnithe a phléann le fiosruithe cosanta sonraí? Conas is féidir teagmháil a dhéanamh leis an duine sin?
- An aistreofar sonraí pearsanta chuig áiteanna lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch?



## Cén fhaisnéis nach mór a chur ar áireamh i mBeartas Príobháideachta?

Is leagtha amach thíos atá an cineál faisnéise nach mór a chur in iúl i do bheartas príobháideachta (féach “Seicliosta Faisnéise”). Tabhair faoi deara gur féidir go mbeidh an **leibhéal mionsonraí is gá éagsúil ó eagraíocht go heagraíocht** agus gur féidir go mbeidh sé riachtanach faisnéis bhreise a sholáthar d’ábhair sonraí, ag brath ar imthosca aonair na heagraíochta agus ar na gníomhaíochtaí próiseála lena mbaineann. Ba cheart faisnéis faoi na gníomhaíochtaí próiseála sonraí uile atá ar bun ag an eagraíocht a chumhdach i mbeartais phríobháideachta.

### Seicliosta Faisnéise

#### ☑ Cé hé/hí an rialaitheoir sonraí?

Ní mór duit faisnéis a sholáthar faoi cé hé/hí an rialaitheoir sonraí, mar aon lena m(h)ionsonraí teagmhála. Is rialaitheoir sonraí í aon eagraíocht a théann i dteagmháil le haosaigh atá i mbaol agus a phróiseálann sonraí pearsanta, bíodh sí mór nó beag, poiblí nó príobháideach, nó mar chuid den earnáil dheonach nó carthanas. Nuair is féidir, ba cheart di pointe teagmhála a ainmniú le haghaidh fiosruithe cosanta sonraí.

Cé go nglactar leis nach bhfuil Oifigeach Cosanta Sonraí ag gach eagraíocht, ní mór duit faisnéis teagmhála Oifigeach Cosanta Sonraí d’eagraíochta a sholáthar freisin, má tá oifigeach den sórt sin agat.

#### ☑ Cén cineál sonraí pearsanta atá á phróiseáil agat?

Ní mór duit faisnéis a sholáthar faoi na cineálacha sonraí pearsanta atá á bpróiseáil agat, e.g., sonraí pearsanta faoi fhaisnéis sláinte, faisnéis leasa, faisnéis airgeadais, faisnéis teagmhála éigeandála, etc. Leag amach go soiléir gach cineál faisnéise atá á mbailiú agat, go háirithe i gcás gur faisnéis í nach gá go mbeadh daoine ag súil leis go mbaileofá í.

Chomh maith leis sin, mura bhfuair tú na sonraí pearsanta go díreach ón ábhar sonraí féin, ní mór duit foinse na sonraí a chur in iúl dó/di.

#### ☑ Cén fáth a bhfuil tú ag próiseáil sonraí?

Ní mór duit na cúiseanna a bhfuil tú ag próiseáil sonraí pearsanta a mhíniú. Ní mór duit a mhíniú freisin cén bunús dleathach ar a bhfuil tú ag brath faoi Airteagal 6 RGCS (agus Airteagal 9 RGCS, nuair is infheidhme). Tá seans ann go bhfuil tú ag brath ar níos mó ná bunús amháin. Mar sin, déan cinnte de go gcuirfidh tú gach ceann díobh ar áireamh.

Má tá d'eagraíocht ag brath ar leas dlisteanach, is gá duit a mhíniú cad go díreach atá sa leas dlisteanach sin.

Má tá d'eagraíocht ag brath ar thoiliú mar bhunús dleathach le haghaidh aon ghníomhaíocht próiseála, ní mór duit a chur in iúl go soiléir don ábhar sonraí go bhféadfaidh sé/sí an toiliú sin a tharraingt siar tráth ar bith, agus ní mór duit a insint don ábhar sonraí conas a fhéadfaidh sé/sí é sin a dhéanamh. Ba cheart é a bheith gach pioc chomh héasca toiliú a tharraingt siar agus a bhí sé toiliú a thabhairt ar an gcéad ásc. Mar sin, ní mór d'eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil sásra i bhfeidhm acu le haghaidh iarrataí den sórt sin a láimhseáil.

Má tá d'eagraíocht ag brath ar chomhlíonadh conartha mar bhunús dleathach le haghaidh aon ghníomhaíocht próiseála, ní mór don eagraíocht a bheith deimhin de go bhfuil bunchonradh bailí ann agus gur bailí agus in-fhorfheidhmithe atá aon chlásal nó aon chlásail lena gceanglaítear próiseáil sonraí pearsanta.

## ☑ Cé na daoine a gcomhroinnfear na sonraí seo leo?

Ní mór duit faisnéis a sholáthar do dhaoine aonair faoi fhaighteoirí aon sonraí pearsanta a bhailíonn tú.

I bhfocail eile, ní mór duit a lua go soiléir cé acu a nochtfaidh nó nach nochtfaidh tú na sonraí pearsanta seo d'aon duine agus, más rud é go ndéanfaidh tú amhlaidh, ní mór duit a lua cé na daoine a nochtfar na sonraí dóibh. Mar shampla, údarás poiblí eile, gníomhaireacht nó comhlacht eile.

## ☑ Cá fhad a choinneofar sonraí?

Ní mór duit a chur in iúl do dhaoine aonair **cá fhad** a choinneoidh tú a sonraí agus, rud ba thábhachtaí fós, cén fáth a ndéanfaidh tú amhlaidh. I gcásanna áirithe, tá na cúiseanna leis sin leagtha amach i ndlíthe eile a bhfuil an eagraíocht faoina réir. Tá sé tábhachtach an méid sin a chur in iúl go han-soiléir, mar aon leis an gcúis a mbeidh tú ag coinneáil sonraí ar feadh tréimhse ama shonraithe.

Is féidir an fhaisnéis sin a mhíniú a thuilleadh i Sceideal Coinneála d'eagraíochta, ar cheart na tréimhsí ama difriúla le haghaidh cineálacha difriúla sonraí a choinneáil a bheith leagtha amach ann.

## ☑ An aistreofar na sonraí pearsanta seo chuig áiteanna lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch?

Ní mór duit daoine aonair a chur ar an eolas i gcás go ndéanfaidh d'eagraíocht, nó aon soláthraithe seirbhíse tríú páirtí a úsáideann

d'eagraíocht, a sonraí pearsanta a aistriú chuig áiteanna lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Ní mór duit mionsonraí a sholáthar freisin faoi na coimircí atá á gcur i bhfeidhm chun na sonraí pearsanta seo a chosaint.

### ☑ Cé na cearta atá ag ábhair sonraí?

Ní mór duit daoine aonair a chur ar an eolas faoi na cearta cosanta sonraí atá acu, e.g., an ceart rochtana atá acu, an ceart atá acu go ndéanfaí ceartúcháin, an ceart atá acu go ndéanfaí léirscriosadh, etc.

Ní mór duit a mhíniú freisin conas a fhéadfaidh siad na cearta sin a fheidhmiú. Mar shampla, is féidir leat ainm teagmhála agus seoladh ríomhphoist teagmhála a sholáthar dóibh chuig a bhféadfaidh siad iarrataí cosanta sonraí a sheoladh. D'fhéadfá nasc a sholáthar freisin chuig an mBeartas um Iarrataí ar Rochtain d'Ábhar Sonraí atá i bhfeidhm ag d'eagraíocht, nuair is infheidhme.

### ☑ An bhfuil tú ag próifíliú nó ag déanamh cinntí uathoibrithe?

Ní mór duit a chur in iúl do dhaoine aonair i gcás go mbeidh d'eagraíocht ag próiseáil a sonraí pearsanta chun iad a phróifíliú nó chun aon chinntí uathoibrithe a dhéanamh maidir leo. Ní mór duit a chur in iúl dóibh freisin cén tionchar a bheidh aige sin orthu.

Is próiseáil "uathoibrithe" í an phróiseáil i gcás go ndéantar í gan aon idirghabháil ón duine agus i gcás go dtagann éifeachtaí dlíthiúla aisti nó go ndéanann sí difear suntasach do dhuine aonair.

Tá sé de cheart ag daoine aonair gan a bheith faoi réir cinneadh atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe agus uirthi sin amháin.

### ☑ Gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí

Ní mór duit daoine aonair a chur ar an eolas faoin gceart atá acu gearán a thaisceadh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí má tá aon ábhair imní acu faoin dóigh a bhfuil tú ag próiseáil a sonraí pearsanta.

Mar sin, smaoinigh faoi uimhir theileafóin an Choimisiúin agus nasc chuig ár suíomh Gréasáin a chur le do bheartas príobháideachta chun nithe a dhéanamh níos éasca do dhaoine aonair.

# Aguisín 3
# Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

## Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

### Cad is Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí ann?

Tuairiscítear i measúnú tionchair ar chosaint sonraí próiseas atá ceaptha chun sainaithint a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as próiseáil sonraí pearsanta agus chun na rioscaí sin a íoslaghdú a mhéid is féidir agus a luaithe is féidir. Más gá, ní mór measúnú tionchair ar chosaint sonraí a chur i gcrích **sula** gcuirfear tús leis an bpróiseáil sonraí lena mbaineann. Luaitear in Airteagal 35 RGCS **nach mór** do rialaitheoir measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh i gcás gur dóigh go dtarlódh **ardriosca** do chearta agus saoirsí daoine aonair de bharr chineál na próiseála sonraí, go háirithe próiseáil ina n-úsáidfí nuatheicneolaíochtaí. Leagtar amach in RGCS freisin roinnt cásanna sonracha nach mór do rialaitheoirí measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh iontu (féach Airteagal 35(3) go háirithe).

Tá measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí ina n-uirlisí tábhachtacha maidir le riosca a chealú agus maidir le comhlíonadh RGCS a léiriú. Mar rialaitheoir, is gá do d'eagraíocht a chinntiú go ndéantar measúnú tionchair ar chosaint sonraí, nuair is cuí déanamh amhlaidh. Trí mheasúnú tosaigh a dhéanamh ar an riosca a eascraíonn as próiseáil sonraí ach úsáid a bhaint as an seicliosta ar na leathanaigh seo a leanas, is féidir a shuí cé acu is dóigh nó nach dóigh go mbeidh sé riachtanach measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh sula dtabharfar isteach aon réiteach teicneolaíoch nua nó aon mhodh oibre nua. Agus an measúnú sin á dhéanamh acu, ba cheart d'eagraíochtaí a chur san áireamh gur minic is le haosaigh atá i staideanna soghonta nó atá i mbaol díobhála a bhaineann leibhéal níos airde riosca a eascraíonn as a sonraí pearsanta a phróiseáil.

### Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí – Teimpléad

Sholáthair an Coimisiún teimpléad samplach ar na leathanaigh seo a leanas maidir leis an gcineál faisnéise ba cheart a chur ar áireamh i measúnú tionchair ar chosaint sonraí agus conas ba cheart an fhaisnéis sin a thaifeadadh. Ba cheart an teimpléad seo a léamh i gcomhar leis an treoir thiomnaithe uainn maidir le measúnú tionchair ar chosaint sonraí (anseo), mar aon leis na critéir le haghaidh measúnú tionchair inghlactha ar chosaint sonraí atá leagtha amach i dtreoirlínte Eorpacha maidir le measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí.

Is é an chéad rud ba cheart duit a dhéanamh ná an teimpléad a chomhlánú i dtús aon mhórthionscadail a bhfuil úsáid sonraí pearsanta i gceist leis nó má tá tú ag déanamh athrú suntasach ar phróiseas atá ann cheana.

**TABHAIR FAOI DEARA GUR CHUN CRÍOCHA LÉIRITHEACHA AMHÁIN A THUG AN COIMISIÚN AN TEIMPLÉAD SEO. NÍL AN TEIMPLÉAD SEO SAINCHEAPTHA DO GACH CÁS INAR FÉIDIR GO mBEIDH GÁ LE MEASÚNÚ TIONCHAIR AR CHOSAINT SONRAÍ. IS AR EAGRAÍOCHTAÍ ATÁ AN FHREAGRACHT DEIRIDH AS A CHINNTIÚ GO bhFUIL AN FHAISNÉIS CHUÍ ÁBHARTHA AR FAD AR ÁIREAMH IN AON MHEASÚNÚ TIONCHAIR AR CHOSAINT SONRAÍ A DHÉANANN SIAD.**

## Faisnéis Eagraíochta

| | |
|---|---|
| **Ainm na heagraíochta** | |
| **Teideal an Mheasúnaithe Tionchair ar Chosaint Sonraí** | e.g.,<br><br>Measúnú tionchair ar chosaint sonraí maidir le comhroinnt sonraí idir seirbhísí cúraim shóisialaigh agus soláthraithe cúram sláinte chun aosaigh atá i staideanna soghonta agus atá faoi réir drochúsáide nó faillí a chumhdach.<br><br>Measúnú tionchair ar chosaint sonraí maidir le bogearraí nua a úsáid chun timpistí a rianú ar áitreabh na heagraíochta. |
| **Ainm an Oifigigh Cosanta Sonraí (más infheidhme) nó an teagmhálaí le haghaidh saincheisteanna cosanta sonraí** | Eoin Mac Gabhann |
| **Mionsonraí teagmhála**<br><br>**Fón**<br><br>**Ríomhphost** | <br><br>08X – XXX XXXX<br><br>dataprotection@xxxxxxx.ie |
| **Tríú páirtithe a bhfuil ról nó baint acu leis an tionscadal (e.g., gníomhaireachtaí, ranna, soláthraithe seirbhíse, etc.)** | |
| **Coinneoidh an duine seo a leanas an measúnú tionchair ar chosaint sonraí seo faoi athbhreithniú:** | |

### An bhfuil gá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí? Measúnú tosaigh ar an tionscadal.

| An bhfuil aon cheann de na nithe seo a leanas i gceist le do thionscadal[3]:<br><br>D'aibhsigh an Coimisiún i ndath glas thíos na cásanna is dóichí a spreagfaidh an gá atá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí i gcomhthéacs cumhdaigh aosach. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, nach bhfuil feidhm ag na critéir eile. Is faoi eagraíochtaí atá sé an méid sin a mheas. | Tá | Níl |
|---|---|---|
| Meastóireacht ar shonraí pearsanta nó scóráil sonraí pearsanta (lena n-áirítear próifíliú agus tuar) | | |
| Próiseáil a bhfuil sé mar aidhm léi cinntí uathoibrithe a dhéanamh maidir le hábhair sonraí "a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla acu don duine nádúrtha" nó "a mbeidh éifeachtaí suntasacha comhchosúla acu ar an duine nádúrtha" (Airteagal 35(3)(a)) | | |
| Faireachán córasach, lena n-áirítear faireachán ar limistéar atá inrochtana don phobal | | |
| Sonraí íogaire nó sonraí de chineál an-phearsanta (lena n-áirítear catagóirí speisialta sonraí {Airteagal 9(1)} agus sonraí coiriúla {Airteagal 10}) | | |
| Sonraí a phróiseáiltear ar mhórscála (d'fhéadfadh an líon ábhar sonraí, an méid sonraí, fad na próiseála agus fairsinge gheografach a bheith i measc na gcritéar atá le cur san áireamh) | | |
| Tacair sonraí ar meaitseáladh iad nó ar comhcheanglaíodh iad | | |
| Sonraí a bhaineann le haosaigh atá i mbaol (lena n-áirítear daoine a bhfuil riocht meabhairshláinte orthu, iarrthóirí tearmainn, daoine scothaosta, othair) | | |
| Úsáid nuálach a bhaint as réitigh nua theicneolaíocha nó eagraíochtúla nó réitigh den sórt sin a chur i bhfeidhm | | |
| Próiseáil lena gcuirtear cosc ar ábhair sonraí ceart a fheidhmiú nó seirbhís nó conradh a úsáid | | |
| Úsáid mhórscála a bhaint as sonraí pearsanta chun críche/críocha seachas í/iad sin ar chuici/chucu a bailíodh iad ar dtús de bhun Airteagal 6(4) RGCS | | |

3) Tá an seicliosta seo bunaithe ar chritéir a sholáthair an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí sna treoirlínte uaidh maidir le Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí. Tá sé bunaithe freisin ar na critéir a leag an Coimisiún um Chosaint Sonraí síos sa Liosta uaidh d'Oibríochtaí Próiseála Sonraí a bhfuil gá le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí ina leith

| | | |
|---|---|---|
| **Aosaigh atá i mbaol a phróifíliú chun margaíocht nó seirbhísí ar líne a dhíriú ar na daoine sin** | | |
| **Úsáid a bhaint as próifíliú nó modhanna algartamacha nó sonraí catagóire speisialta mar ghné le rochtain ar sheirbhísí a chinneadh nó a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla nó éifeachtaí comhchosúla suntasacha ann dá barr** | | |
| **Faireachán, rianú nó breathnú córasach a dhéanamh ar láthair nó iompraíocht daoine aonair** | | |
| **Próifíliú mórscála a dhéanamh ar aosaigh atá i mbaol** | | |
| **Sonraí bithmhéadracha a phróiseáil chun aosach atá i mbaol nó aosaigh atá i mbaol a shainaithint go huathúil nó chun go mbeifí in ann aosach atá i mbaol nó aosaigh atá i mbaol a shainaithint nó a fhíordheimhniú i dteannta ceann ar bith de na critéir eile atá leagtha amach i dTreoirlínte Mheitheal Oibre Airteagal 29 maidir le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí** | | |
| **Sonraí géiniteacha a phróiseáil i dteannta ceann ar bith de na critéir eile atá leagtha amach i dTreoirlínte Mheitheal Oibre Airteagal 29 maidir le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí** | | |
| **Sonraí pearsanta a fhoinsiú go hindíreach i gcás nach bhfuil ceanglais trédhearcachta RGCS á gcomhlíonadh, lena n-áirítear nuair atáthar ag brath ar dhíolúintí atá bunaithe ar dhodhéantacht nó ar iarracht dhíréireach** | | |
| **Tacair sonraí ar leith a chomhcheangal, a nascadh nó a chrostagairt i gcás go gcuireann an nascadh sin go mór le haosaigh atá i mbaol a phróifíliú nó le hanailís iompraíochta a dhéanamh orthu nó i gcás go mbaintear úsáid as nascadh chun na gcríoch sin, nuair a chomhcheanglaítear na tacair sonraí ó fhoinsí difriúla i gcás go ndearnadh/go ndéantar próiseáil chun críocha difriúla nó go ndearna/go ndéanann rialaitheoirí difriúla í** | | |
| **Próiseáil mhórscála a dhéanamh ar shonraí pearsanta i gcás go gceanglaítear leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, go ndéanfar "bearta oiriúnacha sonracha" chun cearta bunúsacha agus saoirsí aosach atá i mbaol a chosaint** | | |
| **Má d'fhreagair tú 'Tá' ar aon cheann de na ceisteanna thuas, ní mór duit measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh.** | | |

### Céim 1: Tabhair forbhreathnú ar chríoch an tionscadail seo

| | |
|---|---|
| An rialaitheoir sonraí aonair nó rialaitheoir sonraí comhpháirteach í d'eagraíocht? | |
| Déan cur síos soiléir ar a bhfuil tú **ag iarraidh a bhaint amach** tríd an tionscadal seo. Cé na tairbhí a ghabhann leis an bpróiseáil sonraí? | |
| Cén **cineál próiseála** atá i gceist? | |
| **Cé** na daoine a ndéantar difear dóibh? | |
| Cé na **catagóirí faighteoirí** a nochtfar na sonraí dóibh? Cé na daoine a mbeidh rochtain acu ar an bhfaisnéis seo (laistigh den eagraíocht agus lasmuigh di araon)? | |
| **Cén fáth ar shainaithin tú an gá atá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí?** (Féach an seicliosta thuas).<br><br>e.g., an bhfuil tú ag próiseáil sonraí catagóire speisialta? An bhfuil ardriosca i gceist? Cé na daoine atá faoi réir an riosca sin? Cén fáth? An bhfuil an phróiseáil á déanamh ar mhórscála? | |
| Naisc le **doiciméid tacaíochta** (más ann) (e.g., tograí tionscadail, tuarascálacha, píosaí reachtaíochta lena gceanglaítear an phróiseáil ardriosca seo, etc.) | |

### Céim 2: Déan cur síos ar an ngníomhaíocht próiseála (cineál, raon feidhme, comhthéacs, cuspóir)

| Cineál na próiseála | |
|---|---|
| **Conas a dhéanfaidh d'eagraíocht sonraí pearsanta a bhailiú, a stóráil, a úsáid agus a scriosadh mar chuid den tionscadal? Tabhair mionsonraí.** | |
| **Cé na daoine nó na háiteanna ónar foinsíodh/ónar bailíodh na sonraí?** e.g., go díreach ó aosaigh atá i mbaol nó ó bhaill dá dteaghlach, ó Ghníomhaireacht Stáit, ó bhunachar sonraí eile? | |
| An mbeidh d'eagraíocht **ag comhroinnt** na sonraí seo le haon duine eile? e.g., ranna rialtais, gníomhaireachtaí, soláthraithe tríú páirtí, etc. Más rud é go mbeidh sí ag comhroinnt na sonraí seo le daoine eile, **cé hiad na daoine** sin agus cén chríoch ar chuici a bheidh siad á gcomhroinnt? | |
| Cé na cineálacha próiseála atá i gceist **ar sainaithníodh gur dóigh go bhfuil ardriosca ag baint leo?** | |
| **Raon feidhme na próiseála** | |
| **Cé na catagóirí/cineálacha** sonraí pearsanta a bhaileofar? e.g., sonraí catagóire speisialta (e.g., taifid sláinte), mionsonraí airgeadais, etc. | |
| Cén **cineál ábhar sonraí** atá i gceist? e.g., daoine atá i mbaol, baill teaghlaigh le daoine atá i mbaol, fostaithe, an pobal i gcoitinne, etc. | |
| An bhfuil próiseáil aon **sonraí catagóire speisialta** (Airteagal 9 RGCS) nó próiseáil aon **sonraí a bhaineann le ciontuithe coiriúla** nó cionta faoi Airteagal 10 RGCS i gceist leis an tionscadal? e.g., faisnéis liachta faoi dhaoine atá i mbaol, sonraí pearsanta lena nochtar an creideamh reiligiúnach atá ag daoine aonair, na torthaí ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, etc. | |

| | |
|---|---|
| **Cá mhéad** sonra a bheidh tú ag bailiú agus **cé chomh minic** agus a bheidh tú ag bailiú na sonraí sin? | |
| **Cá fhad** a choinneoidh tú na sonraí? Agus **cén fáth**? (e.g., más gá duit faisnéis a choinneáil ar feadh líon sonrach blianta toisc go gceanglaítear amhlaidh le píosa reachtaíochta, mínigh é sin agus déan tagairt don chuid den reachtaíocht lena mbaineann) | |
| **Cá mhéad duine aonair** atá i gceist leis an bpróiseáil seo? | |
| Cén **limistéar geografach** a chumhdaítear leis an tionscadal? (e.g., an bhfuil tú ag úsáid aon soláthraithe tríú páirtí a stórálann sonraí pearsanta lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch?) | |
| Cén cineál **teicneolaíochta** a bheidh i gceist leis na sonraí a phróiseáil? An bhfuil sí núíosach ar aon bhealach? | |
| **Comhthéacs na próiseála** | |
| Cén cineál **caidrimh** atá ag an eagraíocht leis na hábhair sonraí a bhfuil a sonraí á bpróiseáil? e.g., an úsáideoirí seirbhíse nó baill foirne de chuid na heagraíochta iad na hábhair sonraí? | |
| Cá mhéad **rialaithe** a bheidh ag na daoine aonair sin ar a sonraí? e.g., an mbeidh aon srianta ann ar an gcumas a bheidh acu a gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú? | |
| An mbeadh siad **ag súil leis** go n-úsáidfeadh an eagraíocht a sonraí ar an mbealach seo? | |
| An áirítear leis na hábhair sonraí **grúpaí soghonta**? | |
| Cé na **bearta teicniúla** a bheidh i bhfeidhm chun na sonraí a dhaingniú? (e.g., ríomhairí glúine/deisce atá criptithe agus faoi chosaint pasfhocail, rochtain theoranta ar bhunachair sonraí/córais, comhaid chruachóipe/nótaí lámhscríofa a thaisctear go slán i gcaibinéid comhad a chuirtear faoi ghlas ag deireadh an lae) | |

| | |
|---|---|
| Cé na **bearta eagraíochtúla** a bheidh i bhfeidhm chun na sonraí a dhaingniú? (e.g., oiliúint RGCS don fhoireann ar fad, prótacail um shárú sonraí, beartas úsáide TFC, beartas bainistíochta rochtana) | |
| An ann d'aon **réamhábhair imní** faoin gcineál próiseála seo (e.g., ó thaobh slándála de) nó d'aon **saincheisteanna ina bhfuil leas ag an bpobal** ar gá do d'eagraíocht iad a chur san áireamh? | |
| **Críocha na próiseála** | |
| Cad atá d'eagraíocht ag **iarraidh a bhaint amach** trí na sonraí pearsanta seo a phróiseáil? | |
| Cén **tionchar/éifeacht** a bheidh ag an bpróiseáil seo ar dhaoine aonair? | |
| Cé na **tairbhí** a ghabhann leis an bpróiseáil? Cé na tairbhí do d'eagraíocht agus d'ábhair sonraí i gcoitinne? | |
| Cén **bunús dleathach** atá agat le haghaidh na sonraí pearsanta seo a phróiseáil? e.g., cén ceann de na sé bhunús dhleathacha faoi Airteagal 6 RGCS (agus Airteagal 9, má tá tú ag próiseáil sonraí pearsanta catagóire speisialta) is infheidhme sa chás seo? Má tá tú ag próiseáil sonraí chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh, sonraigh na forálacha/codanna sonracha den reachtaíocht phríomha. | |
| An gcabhraíonn próiseáil na sonraí pearsanta seo leat **an chríoch atá beartaithe agat a bhaint amach**? Mínigh conas a tháinig tú ar an gcinneadh sin. | |
| An bhfuil **aon bhealach eile ann ina bhféadfá an chríoch seo a bhaint amach,** ar bealach é nach bhfuil próiseáil na sonraí pearsanta seo i gceist leis? Tabhair míniú. | |
| Conas a chinnteoidh tú **nach n-úsáidfear na sonraí pearsanta seo chun aon chríche eile** seachas an chríoch ar chuici a próiseáladh iad ar dtús? | |

| | |
|---|---|
| Conas a chinnteoidh tú go mbeidh na sonraí cruinn agus cothrom le dáta i gcónaí? | |
| Conas a chinnteoidh tú nach mbaileoidh tú ach an t-íosmhéid sonraí is gá chun críocha an tionscadail? | |
| Cén fhaisnéis a thabharfaidh tú do dhaoine aonair faoi phróiseáil a sonraí agus faoi na cearta cosanta sonraí atá acu (e.g., i gcomhthéacs Beartas Príobháideachta)? Más aosaigh atá i mbaol iad na hábhair sonraí, ba cheart d'eagraíochtaí a thabhairt faoi deara go bhfuil sé de cheart ag na daoine sin an fhaisnéis sin a fháil agus, nuair is féidir agus bunaithe ar a gcumas, gur cheart an fhaisnéis sin a sholáthar dóibh i dteanga shoiléir ghonta is féidir leo a thuiscint go héasca. | |
| Cé na bearta a dhéanann tú chun a chinntiú go gcomhlíonann próiseálaithe (e.g., soláthraithe bogearraí tríú páirtí) na hoibleagáidí atá orthu? | |

### Céim 3: Téigh i gcomhairle le Geallsealbhóirí

Ba cheart duit dul i gcomhairle le geallsealbhóirí inmheánacha d'fhonn sainaithint a dhéanamh ar na gnéithe teicniúla a bhaineann le bailiú, stóráil agus próiseáil faisnéise agus ar an dóigh a mbeidh na heilimintí difriúla den tionscadal ag teacht le chéile agus é i mbun feidhme. Is féidir gur fiú dul i gcomhairle le comhpháirtithe seachtracha freisin, ar féidir go bhfostóidh d'eagraíocht iad mar phróiseálaí sonraí nó go nochtfar faisnéis dóibh mar chuid de thionscadal.

Moltar freisin dul i gcomhairle le haosaigh atá i mbaol agus lena mbaill teaghlaigh, de réir mar is cuí. Trína dtuairimí a lorg ag céim an mheasúnaithe tionchair ar chosaint sonraí, is féidir deis a thabhairt do dhaoine aonair na hábhair imní atá acu faoi thionscadal ar leith a chur in iúl sula gcuirfear i bhfeidhm é, mar aon le deis a thabhairt don eagraíocht aon rioscaí a dtarraingíonn daoine aonair aird orthu a mhaolú. Is féidir leis sin cabhrú go mór leis an eagraíocht na hoibleagáidí trédhearcachta atá uirthi a chomhlíonadh freisin.

| | |
|---|---|
| **Conas agus cén uair a rachaidh tú i gcomhairle le daoine aonair (ábhair sonraí) chun a dtuairimí a fháil?** | |
| **An gá dul i gcomhairle le haon duine eile laistigh den eagraíocht?** | |
| **Ar cheart dul i gcomhairle le haon gheallsealbhóirí seachtracha? (e.g., soláthraithe seirbhíse a fhostaíonn an eagraíocht mar phróiseálaí sonraí, nó eagraíochtaí eile ar féidir go nochtfar faisnéis dóibh mar chuid den tionscadal)** | |

### Céim 4: Sainaithin na rioscaí lena mbaineann agus na bearta maolaithe atá le cur i bhfeidhm

Sainaithnítear sa rannán seo na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do dhaoine aonair (nó i gcoitinne) mar thoradh ar na gníomhaíochtaí próiseála atá beartaithe ag d'eagraíocht. Le hAirteagal 35 RGCS, ceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí **sainaithint** agus **measúnú** a dhéanamh ar aon rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do na cearta agus na saoirsí atá ag ábhair sonraí agus **sainaithint a dhéanamh ar na bearta** atá beartaithe chun **aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin** (e.g., coimircí agus bearta agus sásraí slándála). Thug an Coimisiún sampla thíos de conas riosca a mheasúnú, agus is féidir le heagraíochtaí é sin a choigeartú de réir mar is cuí leo (e.g., tuilleadh catagóirí a chur leis, an t-ualú a choigeartú, etc.). Tabhair faoi deara, áfach, **nach bhfuil anseo ach sampla.**

| **An seans go dtarlóidh an riosca** | |
|---|---|
| | Seans an-bheag - 1 |
| | Seans beag - 2 |
| | Seans measartha - 3 |
| | Seans maith - 4 |
| | Seans an-mhaith - 5 |
| **Déine an riosca** | |
| | Diomaibhseach - 1 |
| | Beag - 2 |
| | Measartha - 3 |
| | Mór - 4 |
| | Criticiúil - 5 |
| **Scór riosca fhoriomláin** | |
| | Riosca an-íseal - 1-5 |
| | Ísealriosca - 6-10 |
| | Meánriosca - 11-15 |
| | Ardriosca - 16-20 |
| | Riosca an-ard - 21-25 |

## Teimpléad le haghaidh measúnú riosca

**CHUN CRÍOCHA LÉIRITHEACHA AMHÁIN,** thug an Coimisiún um Chosaint Sonraí sampla de dhá riosca a d'fhéadfadh tarlú sa chomhthéacs sonrach ina bhfuil eagraíocht ag smaoineamh faoi chóras TCI 24/7 a imscaradh i seomra sosa in ionad lae d'aosaigh a bhfuil míchumas intleachta orthu ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht a chinntiú.

Is ann do roinnt rioscaí breise ar ghá d'eagraíochtaí iad a bhreithniú, a dhoiciméadú agus a mheasúnú agus ar ghá dóibh bearta maolaithe a chur chun feidhme ina leith.

**IS CHUN CRÍOCHA LÉIRITHEACHA AMHÁIN ATÁ AN SAMPLA SEO TUGTHA, AGUS NÍLTEAR AG RÁ GO bhFUIL SÉ IOMLÁN NÁ NÍ THUGTAR LE TUISCINT INTI GO bhFORMHUINÍONN AN COIMISIÚN IMSCARADH TCI IN IONAID SEIRBHÍSE LAE.**



| Uimh. Riosca | Cur síos ar an riosca agus ar an tionchar féideartha ar dhaoine aonair | Riosca bunúsach (e.g., gan aon rialuithe a bheith i bhfeidhm)<br>(An seans go dtarlóidh an riosca x déine an riosca, e.g., 3 x 4 = 12 = Meánriosca) | Maoluithe atá beartaithe | Riosca iarmharach (e.g., tar éis bearta maolaithe a chur chun feidhme)<br>(An seans go dtarlóidh an riosca x déine an riosca) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Tá riosca ann go rachaidh an bailiú sonraí pearsanta níos faide ná teorainneacha na seomraí sosa agus chuig limistéir ina mbeadh ionchas príobháideachta níos láidre ag mic léinn (e.g., seomraí folctha, seomraí feistis). | Seans (3) x Déine (4) = 12<br>- **Meánriosca** | Cinnteoidh an eagraíocht nach suiteálfar ceamaraí ach amháin i gcodanna de na seomraí sosa nach féidir seomraí folctha ná limistéir feistis a ghabháil le TCI iontu.<br>Ní chuirfear ceamaraí sa seomra sosa ar siúl ach amháin le linn tréimhsí sonracha den lá inar doiciméadaíodh teagmhais thromchúiseacha sláinte agus sábháilteachta san am atá thart.<br>Ní chuirfear ceamaraí ar siúl ach amháin ag amanna nach mbíonn úsáideoirí seirbhíse faoi chúram díreach ná faoi mhaoirseacht dhíreach ag baill foirne iontu. | Seans (2) x Déine (3) = 6<br>- **Íséalriosca** |
| 2 | D'fhéadfadh leibhéal próiseála sonraí pearsanta atá iomarcach, díréireach agus neamhriachtanach a bheith i gceist le córas TCI 24/7 a imscaradh. | Seans (5) x Déine (5) = 25<br>- **Riosca an-ard** | In ionad córas taifeadta 24/7 a bheith i bhfeidhm, ní chuirfear ceamaraí sa seomra sosa ar siúl ach amháin le linn tréimhsí sonracha den lá inar doiciméadaíodh teagmhais thromchúiseacha sláinte agus sábháilteachta san am atá thart.<br>Ní chuirfear ceamaraí ar siúl ach amháin ag amanna nach mbíonn úsáideoirí seirbhíse faoi chúram díreach ná faoi mhaoirseacht dhíreach ag baill foirne iontu. | Seans (2) x Déine (5) = 10<br>- **Íséalriosca** |

### Céim 5: Doiciméadaigh na torthaí ar an measúnú tionchair ar chosaint sonraí agus na moltaí uaidh

| Mír | Ainm/Teideal/Dáta | Barúlacha |
|---|---|---|
| An duine a cheadaigh na bearta chun rioscaí a mhaolú: | | Amlínte le haghaidh cur chun feidhme, na páirtithe lena mbaineann, etc. |
| An duine a cheadaigh na rioscaí iarmharacha: | | N.B.: Má tá d'eagraíocht ag gabháil do ghníomhaíochtaí ardriosca iarmharaigh (e.g., níor éirigh leis na bearta maolaithe an riosca a laghdú a dhóthain), ní mór di **dul i gcomhairle leis an gCoimisiún** sula dtosóidh sí an tionscadal. |

| Comhairle ón oifigeach cosanta sonraí (má bhaineann) |
|---|
| [Tabhair achoimre ar an gcomhairle a thug an t-oifigeach cosanta sonraí maidir leis an tionscadal agus ar cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear an chomhairle sin chun feidhme. I gcás nach leanfar an chomhairle, ba cheart údar a thabhairt leis an gcinneadh sin.] |

## Céim 6: Ceadaigh nó ná ceadaigh an measúnú tionchair ar chosaint sonraí

| | |
|---|---|
| **Cinneadh ceadúcháin:** | Ceadaíodh<br><br>nó<br><br>Níor Ceadaíodh<br><br>nó<br><br>Téigh i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí |
| **Arna cheadú ag:** | [Ainm agus teideal] |

# Aguisín 4
# Foilseacháin Eile agus Naisc Úsáideacha[4]

| DLÍ AN AONTAIS EORPAIGH AGUS AN DLÍ NÁISIÚNTA | |
|---|---|
| AN RIALACHÁN GINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ **(RGCS)**<br><br>(Rialachán (AE) 2016/679) | RGCS |
| **AN tACHT UM CHOSAINT SONRAÍ, 2018** | An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 |
| AN TREOIR MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ I RÉIMSE FHORFHEIDHMIÚ AN DLÍ<br><br>(Treoir (AE) 2016/680) | AN TREOIR MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ I RÉIMSE FHORFHEIDHMIÚ AN DLÍ |
| **AN tACHT UM CHOMHROINNT AGUS RIALACHAS SONRAÍ, 2019** | An tAcht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019 |
| **NA RIALACHÁIN FÁN** ACHT UM CHOSAINT SONRAÍ, 2018 **(MODHNÚ ROCHTANA) (SLÁINTE), 2022**<br><br>(I.R. Uimh. 121/2022) | Na Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí (Modhnú Rochtana) (Sláinte) |
| **NA RIALACHÁIN MAIDIR LE** COSAINT SONRAÍ **(MODHNÚ ROCHTANA) (OBAIR SHÓISIALACH), 1989**<br><br>(I.R. Uimh. 83/1989) | Na Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí (Modhnú Rochtana) (Obair Shóisialach) |
| **AN tACHT UM CHINNTEOIREACHT CHUIDITHE (CUMAS), 2015** | AN tACHT UM CHINNTEOIREACHT CHUIDITHE (CUMAS) |
| AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL **(FAISNÉIS FAOI CHIONTA IN AGHAIDH LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA A CHOIMEÁD SIAR)**, 2012 | An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar) |
| NA RIALACHÁIN UM AN ACHT SLÁINTE 2007 **(CÚRAM AGUS LEAS CÓNAITHEOIRÍ I LÁRIONAID AINMNITHE DO DHAOINE SCOTHAOSTA)**, 2013<br><br>(I.R. Uimh. 415/2013) | Na Rialacháin maidir le Cúram agus Leas Cónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta |
| **AN tACHT SLÁINTE 2004** | An tAcht Sláinte 2004 |
| **AN tACHT UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH, 2005** | An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 |
| AN tACHT UM AN mBIÚRÓ NÁISIÚNTA GRINNFHIOSRÚCHÁIN **(LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA)**, 2012 | An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 |

4) Tabhair faoi deara gur seiceáladh cruinneas na hipearnasc uile sa treoir seo tráth a cuireadh an dréacht deiridh le chéile.

| TREOIR ÓN gCOIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ[5] | |
|---|---|
| **AN BUNÚS** ATÁ LE COSAINT SONRAÍ | An Bunús atá le Cosaint Sonraí |
| **IARRATAS DUINE AR A SHONRAÍ:** TREOIR AN RIALAITHEORA SONRAÍ | Iarratas Duine ar a Shonraí: Treoir an Rialaitheora Sonraí |
| MEARTHREOIR MAIDIR LE **PRIONSABAIL** UM CHOSAINT SONRAÍ | Mearthreoir maidir le Prionsabail um Chosaint Sonraí |
| DOICIMÉID AGUS TAIFID **A CHUR IN EAGAR** | Doiciméid agus Taifid a Chur in Eagar |
| BUNPHRIONSABAIL LE hAGHAIDH **CUR CHUIGE A DHÍRÍONN AR LEANAÍ** MAIDIR LE PRÓISEÁIL SONRAÍ | Bunphrionsabail le haghaidh Cur Chuige a Dhíríonn ar Leanaí maidir le Próiseáil Sonraí |
| **GRINNFHIOSRÚCHÁN AN GHARDA SÍOCHÁNA** – ROINNT BREITHNITHE COSANTA SONRAÍ | Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána – roinnt breithnithe cosanta sonraí |
| MEARTHREOIR MAIDIR LE **FÓGRAÍ SÁRAITHE** GDPR | Mearthreoir maidir le Fógraí Sáraithe GDPR |
| TREOIR MAIDIR LE **MEASÚNUITHE TIONCHAIR AR CHOSAINT SONRAÍ** | Treoir maidir le Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí |
| TREOIR MAIDIR LE h**ANAITHNIDIÚ AGUS BRÉAGAINMNIÚ** | Treoir maidir le hAnaithnidiú agus Bréagainmniú |
| TREOIR AR **CHÁILÍOCHTAÍ IOMCHUÍ D'OIFIGEACH COSANTA SONRAÍ** | Treoir ar Cháilíochtaí Iomchuí d'Oifigeach Cosanta Sonraí |
| TREOIR DO RIALAITHEOIRÍ AR **SHLÁNDÁIL SONRAÍ** | Treoir do Rialaitheoirí ar Shlándáil Sonraí |
| TREOIR MAIDIR LEIS AN m**BUNÚS DLÍ** LE SONRAÍ PEARSANTA A PHRÓISEÁIL | Treoir maidir leis an mBunús Dlí le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil |
| TREOIR AR ÚSÁID **CCTV** DO RIALAITHEOIRÍ SONRAÍ | Treoir ar Úsáid CCTV do Rialaitheoirí Sonraí |
| **FOIREANN UIRLISÍ COSANTA SONRAÍ DO SCOILEANNA** | Cosaint Sonraí do Scoileanna |
| **CÁS-STAIDÉIR ÓN gCOIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ** BEALTAINE 2018 – BEALTAINE 2023 | Cás-Staidéir |
| **GRAFAICI FAISNÉISE** D'EAGRAÍOCHTAÍ | Grafaicí Faisnéise d'Eagraíochtaí |
| **SEICLIOSTA FÉINMHEASÚNAITHE DO RIALAITHEOIRÍ SONRAÍ UM ULLMHACHT DO GDPR** | Seicliosta Féinmheasúnaithe |

5) Lean an nasc seo chun teacht ar an liosta iomlán de threoirdhoiciméid ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí: https://www.dataprotection.ie/ga/treoir-ccs

| | |
|---|---|
| BÍ AR AN EOLAS FAOI **D'OIBLEAGÁIDÍ** | Bí ar an Eolas faoi d'Oibleagáidí |
| **Ceisteanna Coitianta** | Ceisteanna Coitianta |
| **Ceist Choitianta –** An bhféadfaidh mé RGCS a úsáid chun a shocrú go ndéanfaí mo thaifid liachta a leasú nó a léirscriosadh? | Taifid Liachta |
| **Ceist Choitianta –** Conas a dhéanaim beartas príobháideachta? | Beartas Príobháideachta |
| **Ceist Choitianta –** Cad ba cheart dom a dhéanamh má tharlaíonn sárú slándála? | Sárú Slándála |
| **Ceist Choitianta –** Cé na bearta slándála ba cheart dom a bheith i bhfeidhm agam chun sonraí pearsanta a chosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe? | Bearta Slándála |
| **Ceist Choitianta –** Cá fhad ba cheart sonraí pearsanta a shealbhú chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a chomhlíonadh? | Tréimhsí Coinneála |
| **Ceist Choitianta –** Cad ba cheart a bheith ar áireamh i gconradh idir rialaitheoir sonraí agus próiseálaí sonraí? | Conradh idir Rialaitheoir Sonraí agus Próiseálaí Sonraí |
| **TREOIR ÓN mBORD EORPACH UM CHOSAINT SONRAÍ** | |
| TREOIRLINTE, MOLTAÍ, DEA-CHLEACHTAIS DO GACH NÍ A BHAINEANN LE RGCS | Treoir ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí |

# Nótaí

www.dataprotection.ie

6 Rae Pheambróg
BÁC 2
D02 X963
Éire

01 7650100 nó 1800 437 737



An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission